



An Bhruiséil, 19 Samhain 2021
(OR. en)

14151/21

**Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0366(COD)**

**FORETS 78
AGRI 566
ENV 914
CLIMA 399
PROCIV 149
JUR 653
DEVGEN 210
RELEX 997
UD 284
PROBA 53
FAO 42
SUSTDEV 162
IA 185
CODEC 1507**

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	18 Samhain 2021
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2021) 706 final
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le tráchtearraí agus táirgí áirithe atá bainteach leis an dífhoraioisiú agus leis an díghrádú foraoise a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais agus a onmhairiú ón Aontas mar aon leis sin agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 995/2010

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 706 final.

Faoi iamh: COM(2021) 706 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.11.2021
COM(2021) 706 final

2021/0366 (COD)

[...]

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le tráchtearraí agus táirgí áirithe atá bainteach leis an dífhoraioisiú agus leis an díghrádú foraoise a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais agus a onnmhairiú ón Aontas mar aon leis sin agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 995/2010

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SEC(2021) 395 final} - {SEC(2021) 396 final} - {SWD(2021) 325 final} -
{SWD(2021) 326 final} - {SWD(2021) 327 final} - {SWD(2021) 328 final} -
{SWD(2021) 329 final}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Tá an dífhoraioisiú agus an díghrádú foraoise ag tarlú ar ráta scanrúil, rud atá ag géarú ar an athrú aeráide agus ar chailliúint na bithéagsúlachta. Is é **leathnú na talún talmhaíochta** an príomhspreagthóir dífhoraioisiúcháin agus díghrádúcháin foraoise chun tráchtearraí amhail eallach, adhmaid, ola pailme, soighe, cócó nó caife a tháirgeadh. Ós rud é go bhfuil daonra an domhain ag fás agus méadú ag teacht ar an éileamh ar tháirgí talmhaíochta go háirithe táirgí talmhaíochta de thionscnamh ainmhíoch, tá coinne leis go dtiocfaidh méadú ar an éileamh ar thalamh talmhaíochta agus go gcuirfear brú breise ar fhoraoisí, agus déanfar difear, san am céanna, do tháirgeadh bia de dheasca patrúin aeráide athraitheacha, rud a fhágann gur gá aistriú chuig táirgeacht inbhuanaithe nach é tuilleadh dífhoraioisiúcháin ná díghrádú foraoise a thagann as sin.

Is tomhaltóir ábhartha é an tAontas maidir le tráchtearraí atá bainteach leis an dífhoraioisiú agus leis an díghrádú foraoise agus níl rialacha sonracha ná éifeachtacha i bhfeidhm aige chun a rannchuidiú leis na feiniméin sin a laghdú. Is é is cuspóir don tionscnamh seo dá bhrí sin srian a chur leis an dífhoraioisiú agus leis an díghrádú foraoise a spreagtar le tomhaltas agus le táirgeacht an Aontais. Tá coinne leis, dá réir sin, go laghdófar astaíochtaí GCT agus cailliúint dhomhanda na bithéagsúlachta leis sin. Tá sé d'aidhm ag an tionscnamh seo **íoslaghdú a dhéanamh ar thomhaltas táirgí a thagann ó shlabhraí soláthair atá bainteach leis an dífhoraioisiú nó leis an díghrádú foraoise** – agus méadú a dhéanamh ar éileamh an Aontais ar thráchtearraí agus ar tháirgí atá dlíthiúil agus ‘gan dífhoraioisiú’ agus trádáil iontu sin a mhéadú freisin.

• Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Fógraíodh an togra den chéad uair i **dTeachtaireacht 2019 ón gCoimisiún maidir le Dlús a Chur le Gníomhaíocht an Aontais chun Foraoisí an Domhain a Chosaint agus a Athbhunú**¹ (dá ngairtear ‘Teachtaireacht 2019’ anseo feasta), mar ar gheall an Coimisiún ‘measúnú a dhéanamh ar bhearta rialála breise agus neamhrialála breise ar thaobh an éilimh chun cothroime iomaíochta a áirithiú mar aon le tuiscint choiteann ar shlabhraí soláthair gan dífhoraioisiú, chun méadú a dhéanamh ar an trédhearcacht i slabhraí soláthair agus íoslaghdú a dhéanamh ar riosca an dífhoraioisithe agus an díghrádaithe foraoise atá bainteach le hallmhairí tráchtearraí san Aontas’. Deimhníodh an gealltanais sin ansin sa Chomhaontú Glas don Eoraip,² agus, mar aon leis sin, i Straitéis Bithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030³ agus sa Straitéis ón bhFeirm go dtí an Forc⁴, agus togra reachtach

¹ *Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European, Economic and Social Committee and the Committee of the Regions, Stepping up EU Action to Protect and Restore the World's Forests* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Dlús a chur le gníomhaíocht an Aontais chun Foraoisí an Domhain a Chosaint agus a Athbhunú], COM/2019/352 final.

² *Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European, Economic and Social Committee and the Committee of the Regions, The European Green Deal* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus chuig Coiste na Réigiún, An Comhaontú Glas don Eoraip], COM/2019/640 final.

³ *Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions, EU biodiversity Strategy for 2030 Bringing nature back into our lives* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030 An dúlra a thabhairt ar ais inár saol], COM/2020/380 final.

comhfhreagrach á fhógairt sa dá cheann dheireanacha in 2021. Is cuid dhílis an togra den Chomhaontú Glas don Eoraip agus de na tionscnaimh uile a forbraíodh faoi agus tá sé comhleanúnach le cuspóirí foriomlána an Chomhaontaithe agus na dtionscnaimh sin. Go háirithe, tá sé comhlántach leis na bearta eile a beartaíodh i dTeachtaireacht 2019, go háirithe: 1) **oibriú i gcomhpháirtíocht le tíortha táirgíochta**, chun aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna an dífhoraoisithe, agus bainistíocht inbhuanaithe foraoise a chur chun cinn, agus 2) **comhar idirnáisiúnta le príomhthíortha tomhaltóra** chun íoslaghdú a dhéanamh ar sceitheadh agus chun glacadh beart comhchosúil a chur chun cinn ionas nach gcuirfear táirgí a thagann ó shlabhraí soláthair atá bainteach leis an dífhoraioisiú agus leis an díghrádú foraoise ar an margadh.

Leanfaidh an Coimisiún, dá bhrí sin, de bheith ag obair i gcomhpháirtíocht le tíortha táirgíochta agus cineálacha nua tacaíochta agus dreasachtaí á dtairiscint maidir le foraoisí a chosaint, feabhas á chur ar rialachas agus ar thionacht talún, méadú á dhéanamh ar fhorfheidhmiú an dlí agus bainistíocht inbhuanaithe foraoise, talmhaíocht atá athléimneach ó thaobh aeráide de, agus diansaothrú agus éagsúlú inbhuanaithe, agra- éiceolaíocht agus agraforaoiseacht á gcur chun cinn.

Leis an gcreat reachtach de chuid an Aontais atá ann cheana, ní thugtar aghaidh ar an dífhoraioisiú ach go páirteach. Plean Gníomhaíochta an Aontais um Fhorfheidhmiú an Dlí, Rialachas agus Trádáil i dtaca le Foraoisí (**FLEGT**) **dar dáta ó 2003**⁵, is é sin an príomhbheartas ón Aontas in aghaidh lománaíocht neamhdhleathach agus trádáil ghaolmhar. Cé go **dtéitear i ngleic le lománaíocht neamhdhleathach agus le trádáil ghaolmhar le Plean Gníomhaíochta FLEGT, ní hamhlaidh a thugtar aghaidh ar an dífhoraioisiú leis sin**. Príomheilimint de Phlean Gníomhaíochta FLEGT is ea scéim dheonach chun a áirithiú nach ndéantar ach adhmaid a lománaíodh go dleathach a allmhairiú isteach san Aontas ó thíortha a chomhaontaíonn páirt a ghlacadh sa scéim seo. Is é an Rialachán maidir le Forfheidhmiú an Dlí, Rialachas agus Trádáil i dtaca le Foraoisí (**Rialachán FLEGT**)⁶ an creat dlíthiúil inmheánach de chuid an Aontais le haghaidh na scéime sin agus bunaítear leis córas ceadúnúcháin arb é sin is bunús le Comhaontuithe Comhpháirtíochta Saorálaí FLEGT. Príomheilimint eile de Phlean Gníomhaíochta FLEGT is ea **Rialachán an Aontais maidir le hAdhmaid (EUTR)**⁷, lena dtoirmeasctar adhmaid agus táirgí adhmaid a lománaíodh go neamhdhleathach a chur ar mhargadh an Aontais agus lena leagtar síos oibleagáidí le haghaidh oibreoirí a chuireann adhmaid ar an margadh den chéad uair. Rinneadh Seiceáil Oiriúnachta ar Rialachán FLEGT agus Rialachán EUTR araon, agus tá na roghanna beartais a chuirtear i láthair sa Rialachán seo ag tarraingt ó thorthaí na Seiceála Oiriúnachta freisin.

⁴ *Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European, Economic and Social Committee and the Committee of the Regions, A Farm to Fork Strategy for a fair, healthy and environmentally- friendly food system* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Straitéis ón bhFeirm go dtí an Forc le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhiobháilach don chomhshaol], COM/2020/381 final.

⁵ *Communication from the Commission to the Council and the European Parliament - Forest Law Enforcement, Governance and Trade (FLEGT) - Proposal for an EU Action Plan* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa – Forfheidhmiú an Dlí, Rialachas agus Trádáil i dtaca le Foraoisí (FLEGT) – Togra le haghaidh Plean Gníomhaíochta ón Aontas Eorpach] (COM(2003) 251 final).

⁶ Rialachán (CE) Uimh. 2173/2005 ón gComhairle an 20 Nollaig 2005 maidir le scéim ceadúnúcháin FLEGT a bhunú i gcás allmhairí adhmaid isteach sa Chomhphobal Eorpach.

⁷ Rialachán (AE) Uimh. 995/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 lena leagtar síos oibleagáidí na n- oibreoirí a chuireann adhmaid agus táirgí adhmaid ar an margadh.

Ag cur leis an taithí agus leis na ceachtanna a foghlaimíodh i gcomhthéacs Phlean Gníomhaíochta agus Rialachán FLEGT, bunóidh an Coimisiún comhpháirtíochtaí foraoise le tíortha comhpháirtíochta ábhartha de réir mar is iomchuí. Is é is príomhchuspóir do na Comhpháirtíochtaí Foraoise úsáid inbhuanaithe foraoise a chosaint, a athbhunú agus/nó a áirithiú ar bhealach cuimsitheach agus comhtháite chun go mbainfear amach tosaíochtaí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip mar aon le cuspóirí an Aontais maidir leis an gcomhar um fhorbairt amhail maolú bochtaineachta, dea- rialachas, cearta an duine. Leo sin déanfar rialachas foraoise agus athchóirithe beartais a chur chun cinn chun bainistíocht inbhuanaithe foraoise a shaothrú agus rannchuidiú leis an dífhoraíocht agus leis an díghrádú foraoise a stopadh.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Le Teachtaireacht 2019 leagtar amach an cuspóir foriomlán a bhaineann le folláine foraoisí atá ann cheana a chosaint agus le feabhas a chur uirthi, go háirithe foraoisí príomhúla, agus le cumhdach foraoise inbhuanaithe, bithéagsúil a mhéadú ar fud an domhain. I gcomhthéacs an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, fágann idir Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030 agus an Straitéis ón bhFeirm go dtí an Forc maidir leis an togra reachtach seo agus le bearta eile, arb ann dóibh ionas nach ndéanfar táirgí a thagann ó shlabhraí soláthair atá bainteach leis an dífhoraíocht nó leis an díghrádú foraoise a chur ar mhargadh an Aontais nó chun an cur ar an margadh sin a íoslaghdú, gur nithe tábhachtacha iad chun a gcuspóirí a bhaint amach. Ar na tionscnaimh ábhartha eile tá, mar shampla, an Teachtaireacht ‘Fís fhadtéarmach le haghaidh Cheantair Thuaithe an Aontais’⁸.

Le **Straitéis Foraoise nua an Aontais** deimhnítear go leagtar síos leis na bearta a saináithníodh cheana i dTeachtaireacht 2019 an bunchreat le haghaidh ghníomhaíocht dhomhanda an Aontais, lena n- áirítear an tionscnamh reachtach seo, agus go gcuirfear san áireamh i gceart agus go comhsheasmhach iad agus beartais intíre á múnú.

Beidh an Rialachán seo comhlántach leis an tionscnamh reachtach maidir le **Rialachas Corparáideach Inbhuanaithe (RCI)**, arb é is aidhm dó feabhas a chur ar chreat rialála an Aontais maidir le dlí na gcuideachtaí agus rialachas corparáideach. Tá tionscnamh RCI bunaithe ar chur chuige cothrománach lena dtugtar aghaidh ar dhrochthionchair ar chearta an duine agus ar dhrochthionchair chomhshaoil lena ngníomhófar ar iompraíocht cuideachtaí ina n- oibríochtaí féin agus ina slabhraí luacha. Cé go dtabharfar aghaidh le córas RCI ar oibríochtaí gnó agus ar shlabhraí luacha go ginearálta, tá an cur chuige dífhoraíochtúcháin dírithe ar tháirgí agus ar shlabhraí soláthair táirge sonracha. Dá bhrí sin, cé go bhféadfar cuspóirí foriomlána an dá thionscnamh a chomhroinnt agus cé go dtacaíonn siad le chéile go frithpháirteach, is cuspóirí difriúla iad na cuspóirí sonracha.

Tá sé pleanáilte go mbeidh feidhm ag oibleagáid dichill chuí thionscnamh RCI maidir le réimse cuideachtaí móra ón Aontas trasna earnálacha (agus córas níos spriocdhírthe ann le haghaidh cuideachtaí meánmhéide áirithe), agus tá sé pleanáilte go gcumhdófar cuideachtaí nach cuideachtaí ón Aontas iad freisin. Tá cuspóir an- sonracha ag an tionscnamh reachtach maidir leis an dífhoraíocht chun teorainn a chur lena mhéid a chuirtear táirgí atá nasctha leis an dífhoraíocht ar mhargadh an Aontais agus beidh a cheanglais, i réimsí áirithe, níos sonraí i

⁸ *Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions, A long- term Vision for the EU's Rural Areas - Towards stronger, connected, resilient and prosperous rural areas by 2040* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Fís fhadtéarmach le haghaidh Cheantair Thuaithe an Aontais – I dtreo ceantair thuaithe níos láidre, níos nasctha, níos athléimní agus níos rathúla faoi 2040], COM (2021) 345 final.

gcomparáid leis na dualgais ghinearálta faoi thionscnamh RCI. Áirítear toirmeasc ann freisin, agus beidh feidhm aige sin maidir leis na hoibreoirí uile a chuireann na táirgí ábhartha ar an margadh, lena n- áirítear cuideachtaí ón Aontas agus cuideachtaí nach cuideachtaí ón Aontas iad, gan beann ar a bhfoirm dlí ná a méid. I gcás ina dtéann ceanglais thionscnamh RCI thar cheanglais an rialacháin maidir le dífhoraóisí, tá feidhm acu i gcomhar le chéile.

Ní bheidh an tionscnamh seo spriocdhírthe go sonrach ar an **earnáil airgeadais ná ar infheistíochtaí**. Maidir leis na tionscnaimh atá ann cheana i réimse an mhaoinithe inbhuanaithe, amhail cur chun feidhme Rialachán an Aontais maidir le Tacsanomaíocht agus na Treorach atá le teacht maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach, CSRD (an Treoir atá i bhfeidhm faoi láthair um Thuairisciú Neamh- Airgeadais, NFRD), tá siad oiriúnach go maith chun go dtabharfar aghaidh ar thionchair dhífhoraoisiúcháin na n- earnálacha airgeadais agus infheistíochta, agus ar an mbealach sin comhlánaítear an tionscnamh reachtach seo maidir leis an dífhoraóisí leo agus tacaítear leis sin leo freisin.

Le CSRD agus leis an tacsanomaíocht forchuirtear oibleagáidí maidir le nochtheadh ar ghnóthais neamhairgeadais freisin: déantar foráil le CSRD maidir le caighdeáin tuairisciúcháin earnála a fhoilsiú faoi Dheireadh Fómhair 2023; faoi Rialachán an Aontais maidir le Tacsanomaíocht, bunaíodh critéir theicniúla cheana faoin ngníomh tarmligthe maidir le maolú ar an athrú aeráide agus le hoiriúnú dó sin le haghaidh na foraoiseachta, cé gur cuireadh moill ar fhoilsiú critéar le haghaidh talmhaíochta. Is féidir an dá ghníomhaíocht eacnamaíocha a chumhdach faoi na gníomhartha tarmligthe le haghaidh na gceithre chuspóir comhshaoil eile.

Tá coinne leis go gcuirfean an togra seo le haghaidh Rialacháin i bhfeidhm freisin i dteannta na Treorach maidir le Fuinneamh Inathnuaite⁹ a mhéid a bhaineann le tráchtarraí áirithe a úsáidtear mar bithbhreoslaí nó chun bithbhreoslaí a tháirgeadh, amhail millíní adhmaid nó díorthaigh de shoighe agus ola pailme. Tá cuspóirí dhá shraith rialacha an Aontais comhlántach, ós rud é go dtugtar aghaidh leo araon ar na cuspóirí uileghabhálacha a bhaineann leis an athrú aeráide agus cailliúint na bithéagsúlachta a chomhrac. Leis an tionscnamh reachtach seo leagtar síos ceanglais maidir le tráchtarraí agus le táirgí atá nasctha leis an dífhoraóisí agus leis an díghrádú foraoise a chur ar mhargadh an Aontais, arb é is aidhm dó sin srian a chur leis an dífhoraóisí faoi thionchair an Aontais. Leis an Treoir maidir le Fuinneamh Inathnuaite leagtar síos, i measc nithe eile, rialacha maidir le critéir inbhuanaitheachta chun bithbhreoslaí, bithleachtanna agus bithmhaise a mheas ina nithe inbhuanaithe agus sonraítear spriocanna le haghaidh an Aontais chun sprioc fuinnimh inathnuaite 32 % ar a laghad a bhaint amach faoi 2030.

A mhéid a bhaineann lena n- idirghníomhú praiticiúil, maidir le tráchtarraí agus táirgí a thagann faoi raon feidhme an dá ghníomh beidh siad faoi réir ceanglais maidir le rochtain ghinearálta ar an margadh agus maidir le bheith curtha san áireamh mar fhuinneamh inathnuaite. Is ceanglais chomhoiriúnacha iad na ceanglais sin a threisiónn a chéile. Sa chás sonrach maidir le córais um dheimhniú le haghaidh Athrú Indíreach seal sa Talamhúsáid (ILUC) de réir Rialachán (AE) 2019/807 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Treoir (AE) 2018/2001¹⁰, ‘a mhéid a bhaineann le bunábhar, lena ngabhann riosca ard maidir

⁹ Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn, (IO L 328/82, 21.12.2018, lch. 82-209).

¹⁰ Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/807 ón gCoimisiún an 13 Márta 2019 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bunábhar lena ngabhann riosca ard maidir le hathrú indíreach ar thalamhúsáid a chinneadh ina ndéantar síneadh suntasach a chur leis an limistéar táirgthe le go gcumhdófaí talamh a bhfuil stoc ard carbóin ann chomh maith le deimhniú

le hathrú indíreach ar thalamhúsáid, a chinneadh, dá mbreathnaítear go ndéantar síneadh suntasach a chur leis an limistéar táirgthe chun go gcumhdófaí talamh a bhfuil stoc ard carbóin ann, agus deimhniú bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise lena ngabhann ísealriosca maidir le hathrú indíreach ar thalamhúsáid', féadfaidh oibreoirí agus trádálaithe na córais sin um dheimhniú a úsáid freisin laistigh dá gcórais díchill chuí chun faisnéis a fháil mar a cheanglaítear leis an Rialachán seo chun cuid de na ceanglais maidir le hinrianaitheacht agus le faisnéis a leagtar amach in Airteagal 9 den Rialachán seo a chomhlíonadh. Ach oiread le haon chóras eile um dheimhniú, tá a n- úsáid gan dochar don fhreagracht dhlíthiúil agus do na hoibleagáidí dlíthiúla faoin Rialachán seo atá ar oibreoirí agus ar thrádálaithe chun dícheall cuí a fheidhmiú.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

• Bunús dlí

Eascaíonn inniúlacht an Aontais chun gníomhú i réimse an dífhoraoisithe agus an díghrádaithe foraoise as airteagail an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) a bhaineann le cosaint an chomhshaoil. De réir Airteagal 191(1) CFAE déantar *'mianach an chomhshaoil a chaomhnú, a chosaint agus a fheabhsú, sláinte an duine a chosaint, acmhainní nádúrtha a úsáid go stuama réasúnach, bearta a chur chun cinn chun déileáil le fadhbanna réigiúnacha nó domhanda an chomhshaoil, agus go háirithe an comhrac in aghaidh athrú aeráide'* a shainmhíniú mar chuspóirí bheartas an Aontais maidir leis an gcomhshaoil. Le glacadh beart ar leibhéal an Aontais arb é is aidhm dóibh an dífhoraioisiú agus an díghrádú foraoise a chomhrac rannchuideofar le laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí gáis ceaptha teasa (GCT), méadú a dhéanamh ar an athléimneacht maidir leis an athrú aeráide agus laghdú a dhéanamh ar thionchar an duine ar an mbithéagsúlacht agus, dá réir sin, soláthrófar rannchuidiú suntasach do gach cuspóir den bheartas comhshaoil. Dá réir sin, ba cheart Airteagal 192 CFAE a úsáid mar bhunús dlí leis an togra.

Ach oiread le go leor saincheisteanna comhshaoil, is féidir go mbeidh tionchair dhomhanda ag iarmhairtí an dífhoraoisithe i limistéar amháin. Is iomchuí, dá bhrí sin, go ndéanfar idir tháirgí intíre agus tháirgí, a scaoiltear i saorchúrsaíocht nó a onnmhairítear, a chumhdach leis an togra faoin mbunús dlí atá beartaithe. Fágfaidh sin go mbeifear in ann Airteagal 191(2) CFAE a chomhlíonadh, lena gceanglaítear gurb é is aidhm do bheartas an Aontais maidir leis an gcomhshaoil ardleibhéal cosanta a bhaint amach, mar aon le hAirteagal 3(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) ar dá réir a shainmhínítear cur chun cinn ardleibhéil cosanta agus feabhsaithe ar cháilíocht an chomhshaoil mar cheann de chuspóirí an Aontais.

Sonraítear an méid seo a leanas in Airteagal 192(1) CFAE *'cinnfidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus le Coiste na Réigiún, an ghníomhaíocht a ghabhfaidh an tAontas ar láimh chun na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 191 a ghnóthú.'*

• Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)

Tá príomhspreagthóirí an dífhoraoisithe agus an díghrádaithe foraoise nasctha le margadh an Aontais agus leis an trádáil idirnáisiúnta araon. Tá gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar lorg tomhaltais an Aontais agus ar shaincheisteanna trádála idirnáisiúnta ar bhealach comhordaithe agus comhchuibhithe agus an deimhneacht

bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise lena ngabhann ísealriosca maidir le hathrú indíreach ar thalamhúsáid (IO L 133, 21.5.2019, lch. 1-7).

dhlíthiúil agus an tsoiléireacht is gá á soláthar le haghaidh fheidhmiú cuí mhargadh an Aontais. In éagmais cur chuige comhchuibhithe, dhéanfaidh roinnt Ballstát bearta lena srianfaí an trádáil inmheánach, rud a chuirfeadh isteach ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. Bheadh tionchar tromchúiseach aige sin ar fheidhmiú mhargadh an Aontais, cuirfí i mbaol leis cumas oibreoirí Eorpacha táirgí/tráchtearraí a fhoinsiú i raon feidhme an Rialacháin seo agus dhéanfaí dochar chomh maith do chreidiúnacht bhearta an Aontais. D'fhéadfadh sé go gcinneadh Ballstáit eile gan aon bheart a ghlacadh lena dteorannaítear tionchar ionchasach na mbeart a rinne daoine eile maidir leis an dífhoraísiú.

Is de chineál idirnáisiúnta agus, go mion minic, de chineál domhanda iad na slabhraí soláthair le haghaidh na dtáirgí a chumhdaítear leis an tionscnamh. Léiríonn taithí an Aontais ar a bheith ag déileáil le saincheistanna casta na slabhraí soláthair (e.g. a eascraíonn as an reachtaíocht maidir le lománaíocht neamhdhleathach) go bhfuil sé sár- riachtanach cothroime iomaíochta a áirithiú le haghaidh oibreoirí i dtéarmaí na gceanglas atá le comhlíonadh roimh tháirgí (tráchtearraí agus táirgí díorthaithe) a chur ar mhargadh an Aontais den chéad uair.

In éagmais rialacha is infheidhme ar an leibhéal Eorpach, cuirtear oibreoirí gnó freagracha, atá réidh chun a slabhraí soláthair a ghlanadh suas, faoi mhíbhuntáiste iomaíoch agus cúitítear an iompraíocht neamh- inbhuanaithe. Dá bhrí sin, cé gurb inniúlacht atá comhroinnte idir an tAontas agus na Ballstát é an comhshaol, is gá bearta ar fud an Aontais chun tuiscint choiteann a áirithiú ar shlabhraí soláthair gan dífhoraísiú ná díghrádú foraoise, chun méadú a dhéanamh ar thrédhearcacht na slabhraí soláthair sin mar aon le tionchar ar an dífhoraísiú suntasach a chumasú, i ngeall ar scála na gníomhaíochta.

A mhéid a chumhdaítear leis an tionscnamh reatha idir earraí a scaoiltear i saorchúrsaíocht nó earraí a onnmhairítear ó mhargadh an Aontais, bheadh gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais ní b'éifeachtaí ná gníomhaíocht ar an leibhéal náisiúnta ós rud é go gcuirfí cosc léi le drochthionchar féideartha ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus ar ghnéithe trádála. Is féidir le gníomhaíocht an Aontais, dá bhrí sin, iarrachtaí náisiúnta na mBallstát a chomhlánú agus a neartú. Mura ngníomhódh an tAontas, bheadh fadhb an dífhoraíochta agus an díghrádaithe foraoise a bhaineann le tomhaltas an Aontais fós ann agus rachadh an fhadhb in olcas a thuilleadh. D'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar diúltach aige sin ar iarrachtaí an Aontais i réimse na cosanta bithéagsúlachta domhanda agus an athraithe aeráide.

• Comhréireacht

Leis an tionscnamh reachtach seo cuireann an tAontas dlús lena ghníomhaíocht in aghaidh an dífhoraíochta agus an díghrádaithe foraoise trí chreat rialála a bhunú a bhfuil sé d'aidhm aige a bheith uailmhianach agus ina chreat is féidir a chur chun feidhme, agus lena ndreasaítear an t-aistriú chuig slabhraí soláthair inbhuanaithe sna tíortha táirgthe uile, laistigh nó lastall den Aontas. D'fhágfaidh sin go mbeadh an tAontas ina bhunaitheoir inchreidte le haghaidh caighdeáin dhomhanda. Is léir go ndéanann na tairbhí íosta a bhfuil luach airgid acu na costais a fhritháireamh. Tá an tionscnamh i gcomhréir freisin le tromchúis agus le práinn na faidhbe arb é is aidhm dó dul i ngleic léi, mar aon le tosaíochtaí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip.

Is é is aidhm don tionscnamh reachtach seo íoslaghdú a dhéanamh ar rannchuidiú an Aontais leis an dífhoraísiú agus leis an díghrádú foraoise. Bainfear an cuspóir sin amach trí chóras díchill chuí cisealta sainordaitheach a bhunú, a bhraithfear ar shainmhíniú ar 'gan dífhoraísiú', comhcheangailte le córas tagarmharcála. Faoi mar a anailísítear sa doiciméad dar teideal '*Impact Assessment related to minimizing the risk of deforestation and forest degradation associated with products placed on the EU market*' [Measúnú tionchair a

bhaineann le híoslachdú a dhéanamh ar riosca an dífhoraóisithe agus an díghrádaithe foraoise atá bainteach le táirgí a chuirtear ar mhargadh an Aontais] (dá ngairtear ‘measúnú tionchair’ anseo feasta), tá coinne leis go mbeidh na bearta sin ar na bearta is éifeachtaí chun srian a chur leis an dífhoraóisíú faoi thionchar an Aontais agus ar na bearta is éifeachtúla i measc na mbeart a scagadh agus an tionscnamh seo á ullmhú. Le torthaí an Mheasúnaithe Tionchair, léirítear go mbeadh roghanna atá ceangailteach ó thaobh dlí de (amhail ceanglas gan dífhoraóisíú, dícheall cuí sainordaitheach, etc.) ní b’éifeachtaí ná bearta deonacha (amhail dícheall cuí deonach, lipéadú deonach nó deimhniú príobháideach deonach). Bhí toradh an Chomhairliúcháin Phoiblí Oscailte mar chomhthaca leis na torthaí sin, comhairliúchán inar thacaigh formhór mór na ngeallsealbhóirí – gnólachtaí, comhlachais agus eagraíochtaí neamhrialtasacha – le córas díchill chuí sainordaitheach.

- **An rogha ionstraim**

Tá an ionstraim atá beartaithe ina ‘Rialachán’ toisc gur gá an leibhéal is airde comhchuíbhíocháin a áirithiú chun cómhaireachtáil caighdeán difriúil idir na Ballstáit a sheachaint, rud a dhéanfaidh dochar don phrionsabal bunúsach maidir le saorghluaiseacht earraí. Socrófar le Rialachán **ceanglais dhíreacha ar na hoibreoírí uile**, rud a sholáthróidh an deimhneacht dhlíthiúil is gá agus an fhéidearthacht margadh atá comhtháite go hiomlán a fhorfheidhmiú ar fud an Aontais. Áirithítear le Rialachán freisin **go gcuirfear na hoibleagáidí chun feidhme an tráth céanna agus ar an mbealach céanna sna 27 mBallstát uile**. Laghdófar leis an Rialachán freisin **éiginnteachtaí faoi amlínte** i rith an phróisis trasuí, éiginnteachtaí atá bainteach go hiondúil le Treoir i réimse ina bhfuil an t- am agus an deimhneacht dhlíthiúil rithábachtach i ngeall ar mhéaduithe atá tuartha le teacht ar mhéid an mhargaidh mar aon le hathruithe i ndinimicí an mhargaidh ar bhonn níos ginearálta.

Dearadh an ionstraim freisin mar chóras dinimiciúil atá in ann seasamh i bhfad na haimsire chun bheith in ann **oiriúnú d’fhorbairtí sa mhargadh agus sonraí agus fianaise eolaíoch nua**. Chun na críche sin, **tá roinnt cumhachtuithe beartaithe don Choimisiún**, rud lena gcumasófar bearta cur chun feidhme a fhorbairt, i measc bearta eile chun toradh na tagarmharcála tíre a fhoilsiú agus na tráchtearraí i raon feidhme an Rialacháin a athbhreithniú.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Leis an tionscnamh reatha cuirtear le torthaí Sheiceáil Oiriúnachta Rialachán EUTR agus Rialachán FLEGT, rud atá déanta go comhchéimneach leis an Measúnú Tionchair le haghaidh an Rialacháin seo.

Maidir le EUTR, léiríodh leis an tSeiceáil Oiriúnachta gurb é a tháinig as EUTR staid fheabhsaithe i dtríú tíortha, lena n- áirítear i dtíortha a roghnaigh gan dul i mbun próisis VPA. Tá bearta déanta ag príomh- chomhpháirtithe trádála an Aontais chun a gcórais rialachais foraoise a neartú agus lománaíocht neamhdhleathach a laghdú chun ceanglais EUTR a chomhlíonadh. Léiríodh le EUTR – fiú má bhí bac air de dheasca roinnt laigí ina dhearadh agus dúshlán forfheidhmiúcháin – torthaí dearfacha áirithe ó thaobh éifeachtachta agus éifeachtúlachta de. Lena chumhdach ar fud an domhain, soláthraíodh bunús don Aontas chun oibriú go dlúth le chéile le tíortha tomhaltóra eile. Ghlac tíortha tomhaltóra agus comhpháirtithe trádála eile ar fud an domhain cineálacha cur chuige reachtacha atá

comhchosúil le EUTR. Sa chomhthéacs dífhoraóisíúcháin níos leithne, tá tábhacht ar leith ag baint leis an méid sin a choinneáil i gcuimhne, ós rud é go léiríonn sin gur féidir tionchar a bheith ag an Aontas, fiú amháin agus a sciar den mhargadh aige ag dul i laghad, agus gur féidir leis an stiúir a ghlacadh go domhanda.

D’ainneoin na ndúshlán a bhí ann le linn an chuir chun feidhme, léirítear le torthaí na Seiceála Oiriúnachta go gcumasaítear leis an gcur chuige a glacadh le haghaidh EUTR – dícheall cuí – solúbthacht chun freagairt do dhúshlán atá nua agus ag teacht chun cinn agus atá nasctha le lománaíocht neamhdhleathach agus le hathrú neamhdhleathach sa talamhúsáid. Leis an gceanglas ginearálta (dícheall cuí) a chuirtear ar na hoibreoirí uile atá bunaithe san Aontas ceadaítear freisin go mbeidh an Rialachán solúbtha maidir le hathruithe i bpatruin trádála agus le hathruithe i bpróifílí riosca tíre. Leis an rogha atá beartaithe déanfar an creat a cuireadh ar bun le EUTR a chomhtháthú agus cuirfear feabhas air freisin, creat a d’aisghairfí dá bhrí sin.

Déanfar an nós imeachta um Dhícheall Cuí a chuirtear ar bun faoi EUTR a oiriúnú agus cuirfear feabhas air sa Rialachán seo, trí ghnéithe nua a thabhairt isteach amhail an ráiteas maidir le dícheall cuí (Airteagal 4), an ceanglas maidir le faisnéis gheografach nó suíomh geografach, na tráchtearraí agus na táirgí a nascadh leis an dáileacht talún inar táirgeadh iad (Airteagal 9), comhar méadaithe leis na húdaráis chustaim (Airteagail 14 agus 24), íosleibhéil chigireachta (Airteagal 14) mar aon leis an tagarmharcáil tíre (Airteagail 25- 26).

Maidir le Rialachán FLEGT, leis an tSeiceáil Oiriúnachta deimhníodh a bhfuil gnóthaithe le Comhaontuithe Comhpháirtíochta Saorálaí (VPAnna) FLEGT i dtéarmaí rannpháirtíocht fheabhsaithe geallsealbhóirí agus creataí feabhsaithe maidir le rialachas foraoise i dtíortha comhpháirtíochta agus, an tráth céanna, cuireadh roinnt dá easnaimh i dtábhacht. Cuireadh in iúl léi freisin gur teoranta an fhianaise atá ann gur rannchuidigh na VPAnna le lománaíocht neamhdhleathach a laghdú ar an bhforiomlán. Cé go mbeadh córas an Aontais a bunaíodh faoin Rialachán ina uirlis éifeachtúil chun na costais chomhlíontachta ar oibreoirí an Aontais a ísliú, ní dhearnadh beart de réir briathair leis an bpríomhionstraim lena oibríochtú, i.e. na VPAnna. Ar cheann de na príomhfhadhbanna atá ann a mhéid a bhaineann le Rialachán FLEGT tá easpa suime a bheith léirithe ag príomhthrádálaithe an Aontais chun dul i mbun próisis VPA, rud a fhágann nach bhfuil ach 3 % d’allmhairí adhmaid chuig an Aontas cumhdaithe le córas VPA oibríochtúil. Níos mó ná 15 mbliana tar éis an bunús leis na próisis sin a bheith leagtha síos le Plean Gníomhaíochta FLEGT in 2003, níl córas ceadúnúcháin FLEGT oibríochtúil i bhfeidhm ach ag tír amháin de na 15 thír lena ndeachaigh an tAontas i mbun próiseas VPA agus níl ach tír amháin ó na 10 gcomhpháirtí trádála adhmaid is mó san Aontas i mbun próiseas VPA.

Chun gealltanais dhéthaobhacha a ghlac an tAontas Eorpach de láimh a urramú agus chun an dul chun cinn atá bainte amach le tíortha comhpháirtíochta ag a bhfuil córas oibríúcháin i bhfeidhm a chaomhnú (céim cheadúnúcháin FLEGT), áirítear foráil sa Rialachán seo lena ndearbhaítear go bhfuil an ceanglas dlíthiúlachta comhlíonta ag an adhmaid a chumhdaítear le ceadúnas FLEGT. D’fhéadfadh sé go mbeadh comhpháirteanna VPA áirithe comhtháite i gcás inarb indéanta agus ina gcomhaontaíonn na comhpháirtithe amhlaidh i geláir chomhair shonracha, amhail Comhpháirtíochtaí Foraoise nó cláir eile chun tacú a thuilleadh le rialachas foraoise.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Fuair an Comhairliúchán Poiblí Oscailte (CPO) a rinne an Coimisiún in 2020 beagnach 1.2 milliún freagra. Chomhaontaigh formhór na ngeallsealbhóirí gur gá idirghabháil ar leibhéal an Aontais chun laghdú a dhéanamh ar rannchuidiú an Aontais leis an dífhoraóisíú domhanda

agus leis an díghrádú foraoise. Tháinig an chuid is mó de na geallsealbhóirí ar chomhaontú freisin maidir le sainmhíniú ar ‘gan dífhoraóisíú’ a leagan amach le haghaidh an Aontais mar cheanglas de chuid na hidirghabhála beartais.

Ó thaobh bearta beartais de, léiríodh le CPO tacaíocht láidir le haghaidh roghanna atá ceangailteach ó thaobh dlí de (ceanglas gan dífhoraóisíú, dícheall cuí sainordaitheach, deimhniúcháin poiblí sainordaitheach, etc.) cé gur measadh go raibh easpa éifeachtachta le bearta deonacha boga amhail dícheall cuí deonach, lipéadú deonach nó deimhniúcháin príobháideach deonach. Thacaigh formhór mór na ngeallsealbhóirí – gnólachtaí, comhlachais agus eagraíochtaí neamhrialtasacha – le córas dícheall chuí sainordaitheach, cé go n- athraíonn rogha mhionsonraí an chórais sin ó fhreagróir go chéile. Áirítear na conclúidí mionsonraithe ó na comhairliúcháin leis na geallsealbhóirí, lena n- áirítear an tAiseolas ar an measúnú tionchair tosaigh, torthaí CPO agus toradh an chomhairliúcháin spriocdhírthe leis na geallsealbhóirí, in Iarscríbhinn 2 den Mheasúnú Tionchair.

I gcomhréir leis an bhfógra a rinneadh i dTeachtaireacht 2019, an Comhaontú Glas don Eoraip, Straitéis Bithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030 agus an Straitéis ón bhFeirm go dtí an Forc, díreann ar fhoraóisí leis an tionscnamh seo. Mhol Parlaimint na hEorpa agus eagraíochtaí neamhrialtasacha go gcuimseofar éiceachórais eile. Bunaithe ar an taithí le reachtaíocht atá ann cheana, measadh go raibh leathnú den sórt sin ar an raon feidhme anabái ós rud é go mbeadh an easpa taithí phraiticiúil díobhálach d’éifeachtacht agus d’in- fhorfheidhmitheacht na mbearta beartais ar a ndéantar measúnú leis seo. Mar sin féin, mar chuid d’athbhreithniú luath déanfar meastóireacht ar an ngá agus ar an bhféidearthacht a bhaineann lena raon feidhme a leathnú chun éiceachórais eile a chumhdach freisin.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Chun tacú leis an anailís ar na roghanna difriúla, bhronn an Coimisiún **conradh tacaíochta** ar shaineolaithe seachtracha, chun dhá staidéar a dhéanamh ‘*Measúnú tionchair ar bhearta ar thaobh an éilimh chun aghaidh a thabhairt ar an dífhoraóisíú*’, agus ‘*Staidéar tacaíochta le haghaidh Seiceáil Oiriúnachta ar Rialachán EUTR agus Rialachán FLEGT*’. Leis na staidéir sin soláthraíodh cuid den anailís agus de na sonraí ba bhonn leis na roghanna beartais a chuirtear i láthair sa Mheasúnú Tionchair agus, ar a sheal, sa Rialachán seo. Leis an tionscnamh seo cuirtear freisin le torthaí an tríú staidéar lena ndírítear ar ‘*Scéimeanna Deimhniúcháin agus Fíorúcháin san Earnáil Foraoise agus le haghaidh Táirgí Adhmadbhunaithe*’, rud a rinneadh go comhchéimneach leis an Measúnú Tionchair.

Ina theannta sin, bhain an Coimisiún úsáid as ionchuir a soláthraíodh le linn chruinnithe Shainghrúpa an Choimisiúin/an Ardáin Ilgheallsealbhóra maidir le Foraoisí an Domhain a Chosaint agus a Athbhunú, lena n- áirítear Rialachán EUTR agus Rialachán FLEGT. Ó seoladh an treochlár le haghaidh an tionscnaimh reachtaigh seo i mí Feabhra 2020, tháinig an grúpa le chéile naoi n- uaire i gcumraíochtaí éagsúla – agus áiríodh ceithre cheardlann shonracha ann chun ionchuir ar roghanna beartais ar an ndearnadh staidéar sa Mheasúnú Tionchair a bhailiú.

I dteannta na staidéar tacaíochta thuasluaite, na gcruinnithe den Sainghrúpa, agus chomhairliúcháin na ngeallsealbhóirí, thug an Coimisiún aird ar leith freisin ar an rún ó Pharlaimint na hEorpa an 22 Deireadh Fómhair 2020 le moltaí chuig an gCoimisiún maidir le creat dlíthiúil de chuid AE chun an dífhoraóisíú domhanda atá faoi thionchar AE a stopadh agus a fhreaschur (2020/2006 (INL)), agus ar na seasaimh a léirigh Comhairle an Aontais

Eorpaigh mar aon leis sin, go háirithe na Conclúidí ón gComhairle maidir le Teachtaireacht 2019.¹¹

- **Measúnú tionchair**

Measadh 17 mbeart beartais san iomlán sa scagadh inmharthanachta tosaigh a rinneadh sa Mheasúnú Tionchair ullmhúcháin. Leis an liosta tosaigh sin de bhearta ionchasacha cumhdaíodh réimse leathan idirghabhálacha féideartha, lena n-áirítear ionstraimí rialála agus neamhrialála araon. Leis an scagadh inmharthanachta rinneadh measúnú ar gach beart beartais in aghaidh roinnt critéar amhail an indéantacht agus an chomhréireacht dhlíthiúil, theicniúil agus pholaitiúil, a n-éifeachtacht agus a n-éifeachtúlacht ionchasach mar aon le haiseolas a fuarthas ó gheallsealbhóirí, Ballstáit an Aontais agus tríú tíortha.

Ar bhonn an scagtha inmharthanachta, coinníodh cúig rogha bheartais agus rinneadh staidéar níos mionsonraithe orthu: 1) Nós imeachta feabhsaithe sainordaitheach um dhícheall cuí; 2) córas tagarmharcála agus liosta d'oibreoirí sáraitheacha comhcheangailte le córas díchill chuí sainordaitheach cisealta feabhsaithe; 3) deimhniúchán poiblí sainordaitheach comhcheangailte le ceanglas feabhsaithe maidir le dícheall cuí; 4) lipéadú sainordaitheach comhcheangailte le ceanglas feabhsaithe maidir le dícheall cuí; 5) ceanglas gan dífhoraísiú a dhéanamh maidir le nithe a chur ar mhargadh an Aontais agus tagarmharcáil agus córais cárta tíre mar thaca leis sin.

Leis na roghanna beartais uile cuirtear le heilimintí coiteanna: 1) Sainmhíniú ar 'gan dífhoraísiú', bunaithe ar shainmhíniú FAO, nach mór do na táirgí é a chomhlíonadh; agus ceanglas breise maidir le táirgí a bheith ina dtáirgí dlíthiúla de réir dhlíthe na tíre táirgthe; 2) Raon táirge, a athbhreithnítear agus a thugtar cothrom le dáta go tráthrialta, lena ndírítear ar thráchtearraí leis an dífhoraísiú is airde cumhdaithe ag an Aontas (mairteoil, ola pailme, soighe, adhmaid, cócó, agus caife) agus táirgí gaolmhara; 3) Toirmeasc ar thráchtearraí agus ar tháirgí a chur ar mhargadh an Aontais má tá siad bainteach leis an dífhoraísiú agus leis an díghrádú foraoise agus murar táirgeadh i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme agus ábhartha de chuid na dtíortha táirgíochta iad. Tá Rogha 2 go 4 comhcheangailte le ceanglas maidir le dícheall cuí sainordaitheach mar a bheartaítear faoi rogha 1.

Ba í uimhir 2 an rogha thosaíochta. Leis an rogha sin, déantar ceanglas maidir le dícheall cuí a chomhcheangal le córas tagarmharcála tíre lena ndéanfar tíortha a chatagóiriú agus an dífhoraísiú agus an díghrádú foraoise atá nasctha leis na tráchtearraí ábhartha á gcur san áireamh i dteannta critéir a bhaineann le rannpháirtíocht na dtíortha sa dífhoraísiú agus sa dhíghrádú foraoise a chomhrac. Beidh trí chatagóir tíortha ann – ísealriosca, riosca caighdeánach agus ardriosca. Athróidh na hoibleagáidí le haghaidh oibreoirí agus údarais na mBallstát de réir leibhéal an riosca a bhaineann leis an tír tháirgthe, le dualgais díchill chuí shimplithe le haghaidh tíortha ísealriosca agus grinnscrúdú feabhsaithe le haghaidh tíortha ardriosca.

Tá coinne leis go gcoiscfí leis an rogha thosaíochta an dífhoraísiú faoi thionchar thomhaltas agus tháirgeacht an Aontais maidir leis na sé thráchtearra a áirítear sa raon feidhme, agus tairbhí réamh-mheasta i bhfad os cionn 71 920 heicteár d'fhoraíoch nach mbeidh buailte chomh mór sin leis an dífhoraísiú ná leis an díghrádú foraoise faoi thionchar an Aontais go

¹¹ *Conclusions of the Council and of the Governments of the Member States sitting in the Council on the Communication on Stepping Up EU Action to Protect and Restore the World's Forests* [Conclúidí ón gComhairle agus ó Rialtais na mBallstát atá ina suí sa Chomhairle maidir leis an Teachtaireacht maidir le Dlús a Chur le Gníomhaíocht an Aontais chun Foraoisí an Domhain a Chosaint agus a Athbhunú] – Conclúidí ón gComhairle (15151/19 an 16 Nollaig 2019)

bliantúil faoi 2030. Chiallóidh sé sin freisin laghdú 31.9 milliún ar a laghad de thonnaí méadracha d'astaíochtaí carbóin san atmaisféar gach bliain mar gheall ar thomhaltas agus ar tháirgeacht an Aontais maidir leis na tráchtearraí ábhartha, rud a d'fhéadfaí a aistriú i gcoigiltis eacnamaíocha de EUR 3.2 billiún ar a laghad go bliantúil. Ina theannta sin, tá coinne leis go mbeidh an rogha sin ina rannchuidiú cinntitheach leis an mbithéagsúlacht a chosaint, rud atá nasctha go láidir ar a sheal leis an athrú aeráide a chosc.

Ba cheart an rogha sin a bheith ina rannchuidiú freisin le cuspóirí sonracha idirghabháil an Aontais a bhaint amach, eadhon cothroime iomaíochta a chruthú le haghaidh cuideachtaí a oibríonn i margadh an Aontais; íoslaghdú a dhéanamh ar thomhaltas táirgí a thagann ó shlabhraí soláthair atá bainteach leis an dífhoraíocht nó leis an díghrádú foraoise; agus méadú a dhéanamh ar éileamh an Aontais ar thráchtearraí agus ar tháirgí atá dlíthiúil agus 'gan dífhoraíocht' agus trádáil iontu sin a mhéadú. Is féidir go mbeidh dúshláin oiriúnúcháin roimh fheirmeoirí beaga a tháirgeann na tráchtearraí ábhartha. Tá coinne leis go mbeidh na tosca sin uile maolaithe faoi spriocdháta 2020 atá beartaithe, ós rud é go mbeadh an chuid is mó de na táirgí atá á dtrádáil faoi láthair foinsithe ó thalamh a cuireadh i mbun táirgthe roimh 2020.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Tá coinne leis go gcruthófar cothroime iomaíochta leis an Rialachán seo le haghaidh cuideachtaí a oibríonn i margadh an Aontais. Tá coinne leis go bhfaighidh táirgeoirí, a chuireann táirgeacht níos inbhuanaithe agus slabhraí soláthair trédhearcacha chun feidhme, seiar i margadh an Aontais agus go méadóidh siad n- iomaíochas i gcomparáid le táirgeoirí arb iad is cúis leis an dífhoraíocht neamhspleách ar a méid. Is é an príomhspreagthóir le haghaidh costais oibleagáidí díchill chuí castacht slabhraí soláthair agus na rioscaí atá bainteach leis an tír foinsiúcháin, seachas méid na gcuideachtaí.

Cé gur féidir go mbeidh cur chun feidhme nósanna imeachta um dhícheall cuí (agus, i gcás inar gá, aistriú slabhraí soláthair) níos dúshlánaí le haghaidh FBManna, leis an gceanglas maidir le dícheall cuí comhcheangailte le tagarmharcáil bheadh oibreoirí agus trádálaithe FMB in ann tairbhiú de chostais níos ísle a bhaineann leis dícheall cuí simplithe trí tháirgí a eascraíonn as slabhraí soláthair ísealriosca a roghnú.

Áirítear 'Córas faisnéise agus cumarsáide' (Airteagal 29) sa togra, rud a chumasódh próiseáil faisnéise leictreonach i measc údaráis inniúla agus idir iad sin agus na hoibreoirí eacnamaíocha araon. Leis an gcóras sin déanfar dualgais oibreoirí agus forfheidhmiú ó na húdaráis inniúla a éascú agus a chuíchóiriú.

- **Ceartha bunúsacha**

Leis an rogha bheartais atá beartaithe ceanglófar go dtáirgfear táirgí i gcomhréir leis an sainmhíniú ar gan dífhoraíocht agus le dlíthe na tíre táirgthe. Fágann sin gur gá dlíthe saothair, comhshaoil agus chearta an duine is infheidhme sa tír tháirgthe (náisiúnta agus idirnáisiúnta araon) a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar chomhlíontacht táirgí leis an tionscnamh seo. Tá ceartha pobal dúchasach san áireamh leis sin, agus tá coinne leis go mbeidh an méid sin ina rannchuidiú le ceartha pobal áitiúil leochaileach a chosaint.

Ar leibhéal an Aontais, urramaítear leis an togra Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus go háirithe Airteagal 2 de (ceart chun beatha), Airteagal 8 (sonraí pearsanta a chosaint), Airteagal 16 (saoirse chun gnó a sheoladh), Airteagal 17 (an ceart chun maoine) agus Airteagal 37 (cosaint an chomhshaoil).

I gcomhréir le hAirteagal 52(1) den Chairt, aon teorannú ar fheidhmiú na gceart agus na saoirse a aithnítear sa Chairt leis an togra reachtach seo foráiltear leis an dlí é agus urramaítear inneachar sár- riachtanach na gceart agus na saoirsí sin leis. Faoi réir phrionsabal na comhréireachta, ní fhéadfar teorannú a dhéanamh ach amháin má tá gá leis agus má chomhlíonann an teorannú na cuspóirí leasa ghinearálta atá aitheanta ag an Aontas le fírinne nó an gá cearta agus saoirsí daoine eile a chosaint. Is é atá i gceist, go háirithe, le hardleibhéal cosanta comhshaoil agus feabhas ar cháilíocht an chomhshaoil a áirithiú ná cuspóir leasa ghinearálta a aithnítear leis an gCaírt, rud a d'fhéadfadh údar a thabhairt le teorainneacha le cearta bunúsacha eile.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Leagtar amach na himpleachtaí a bhaineann leis na hacmhainní buiséadacha, daonna agus riaracháin sa ráiteas airgeadais reachtach a ghabhann leis an togra seo.

Tá buiséad iomlán EUR 16 519 000 beartaithe chun an Rialachán a chur ar bun agus a chur chun feidhme le linn na chéad 5 bliana oibríochta (atá beartaithe go sealadach ó 2023 go 2027). Áirítear leis sin buiséad EUR 6 650 000 faoi Cheannteideal 7 den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) le haghaidh acmhainní daonna (cúig chomhalta foirne breise in DG ENV ag cur an Rialacháin agus comhair idirnáisiúnta chun feidhme, dhá chomhalta foirne breise in DG INTPA le haghaidh an chomhair agus na forbartha gaolmhaire agus comhalta foirne amháin in DG TAXUD chun oibleagáidí custaim a chur chun feidhme) agus speansais riaracháin eile. Áirítear buiséad EUR 9 869 000 ann freisin faoi Cheannteideal 3 de CAI. Tá an ceann deireanach nasctha le tacaíocht do chúraimí cur chun feidhme éagsúla a bhaineann leis na forálacha reachtacha a dhéanfaidh seirbhísí an Choimisiúin ó 2022 go 2027, lena n- áirítear socruithe soláthair agus riaracháin ionchasacha.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Tá údarás na mBallstát (go háirithe na húdaráis inniúla mar a thuairiscítear i gCaibidil 3) freagrach as forfheidhmiú an Rialacháin seo. Chun na críche sin, déanfaidh siad pleananna cigireachta a tharraingt suas bunaithe ar chur chuige rioscabhunaithe, agus an leibhéal riosca atá sannta tríd an gcóras tagarmharcála tíre á chur san áireamh. Leis an gcreat tuairisciúcháin a bhunaítear in Airteagal 20 cuirtear le taithí EUTR agus tá sé d'aidhm aige neartú a dhéanamh ar an athbhreithniú ar ghníomhaíocht faireacháin na mBallstát, an t- inneachar agus cáilíocht na seiceálacha mar aon leis an obair leantach orthu.

Ba cheart an córas a athbhreithniú tar éis 3 bliana oibríochta iomláine chun aon saincheist agus aon fheabhsú ionchasach a shainaithint, agus gach 5 bliana dá éis sin. Déantar foráil go sonrach le hAirteagal 32 gur cheart measúnú a bheith san áireamh sa chéad athbhreithniú, measúnú ar an ngá agus ar an indéantacht a bhaineann le síneadh a chur le raon feidhme an Rialacháin chuig éiceachórais eile. Ina theannta sin, 2 bhliain ar a dhéanaí tar éis don Rialachán teacht i bhfeidhm déanfaidh an Coimisiún an chéad athbhreithniú ar larscríbhinn I, de réir tásca a sholáthrófar le fianaise eolaíoch.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**
 - *Airteagal 1: Ábhar agus raon feidhme*

Le hAirteagal 1(1) leagtar amach raon feidhme chur i bhfeidhm *rationae materiae* an Rialacháin trí shainmhíniú a dhéanamh ar 'tráchtearraí ábhartha' (i.e. eallach, cócó, caife,

pailm ola, soighe agus adhmaid) agus táirgí ábhartha, (i.e. iad sin a liostaítear in Iarscríbhinn I, ina bhfuil tráchtearraí ábhartha, a cothaíodh leo sin nó a rinneadh agus úsáid á baint astu), a mbeidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leo. Soiléirítear ann freisin go mbeidh feidhm ag an Rialachán go cothrom maidir le táirgí agus tráchtearraí a chur ar mhargadh an Aontais agus a chur ar fáil air, mar aon lena n- onnmhairiú ón Aontas.

Le mír 2 soiléirítear cur i bhfeidhm *rationae temporis* an Rialacháin seo, agus bunaítear léi nach mbeidh sé infheidhme maidir le tráchtearraí ná le táirgí ábhartha a chuirtear ar mhargadh an Aontais ná a onnmhairítear uaidh sin má táirgeadh iad roimh dháta an teacht i bhfeidhm, dá bhforáiltear in Airteagal 36.

- *Airteagal 2: Sainmhínithe*

Le hAirteagal 2 bunaítear na sainmhínithe a úsáidtear ar fud na coda eile den chuid oibríochtúil den Rialachán. Áirítear leo sin sainmhínithe [míreanna (1) go (8)] a cheanglaítear chun go mbeidh croíchuspóir na hionstraime oibríochtúil, e.g. dífhoraioisiú, foraois, plandálacha, gan dífhoraioisiú agus táirgthe. Braitheann na sainmhínithe a mhéid is féidir ar choincheapa a fhorbraítear ar an leibhéal idirnáisiúnta, go háirithe laistigh d'Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (FAO).

Tá bunú sainmhínithe ar 'gan dífhoraioisiú' ar cheann de na príomhnuálaíochtaí den Rialachán atá beartaithe i ndáil le Rialachán an Aontais maidir le hAdhmaid. Léiríonn torthaí an Mheasúnaithe Tionchair go bhfuil coinne leis go méadófar éifeachtacht na hidirghabhála beartais má leagtar síos ceanglas coiteann le haghaidh táirgí agus tráchtearraí, beag beann ar a dtír táirgthe, trí chosc a chur le bealaí éalaithe atá bainteach le dífhoraioisiú dlíthiúil agus trí chur chun feidhme a éascú trí chianfhaireachán. Ina theannta sin, tá coinne leis go gcoiscfear leis an sainmhíniú ar 'gan dífhoraioisiú' cruthú dreasachtaí contráilte le haghaidh tíortha comhpháirtíochta, a bhféadfadh cathú a bheith orthu murach sin caighdeán chomhshaoil a íslíú chun éascaíocht a dhéanamh ar rochtain a dtáirgí ar an Aontas murar bunaíodh ach rialuithe dlíthiúlachta sa togra.

Leis an sainmhíniú ar 'gan dífhoraioisiú' is é an 31 Nollaig 2020 a leagtar síos mar spriocdháta. Ciallaíonn sin nach gceadófaí aon tráchtearra ná táirge i raon feidhme an Rialacháin a thabhairt isteach i margadh an Aontais ná a chur amach as dá dtáirgfí iad ar thalamh a bhí faoi réir an dífhoraioisithe nó an díghrádaithe foraoise tar éis an dáta sin. Leis an dáta atá beartaithe íoslachdaítear an cur isteach ar shlabhraí soláthair agus tionchair dhiúltacha ionchasacha i dtíortha comhpháirtíochta. Comhfhreagraíonn sé do ghealltanais idirnáisiúnta chun an dífhoraioisiú a stopadh faoi mar a áirítear mar shampla sna Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (Sprioc 15.2).

Leis an gcuid eile de na sainmhínithe [míreanna (9) go (30)] tagraítear do na sealbhóirí dualgaí agus do na gníomhaíochtaí a rialáiltear, amhail oibreoir, trádálaí, cur ar an margadh, cur ar fáil ar an margadh, etc. A mhéid is féidir, tá siad bunaithe ar choincheapa arb ann dóibh cheana i ndlí an Aontais sa reachtaíocht ábhartha maidir leis an margadh inmheánach agus sa reachtaíocht chustaim ábhartha, agus tugtar aghaidh leo freisin ar shaincheisteanna sonracha a tháinig chun cinn i gcur chun feidhme EUTR. Athraíodh na sainmhínithe de bheagán maidir leis an Measúnú Tionchair a bhfuil sé d'aidhm aige sin a mbeachtas dlíthiúil a mhéadú agus freastal ar fhorbairtí nua i reachtaíocht ghaolmhar ón Aontas.

- *Airteagal 3: Toirmeasc*

Feidhmíonn Airteagal 3 mar bhunchloch den Rialachán tríd an toirmeasc, atá ar na tráchtearraí agus ar na táirgí ábhartha, a chur ar mhargadh an Aontais nó a chur ar fáil air, nó a onnmhairiú ó mhargadh an Aontais, a leagan amach go soiléir i raon feidhme nach bhfuil i gcomhréir leis an Rialachán seo, i dteannta an tsoiléirithe go bhfuil gá le ráiteas maidir le

dícheall cuí i gcónaí agus na gníomhaíochtaí tráchtála sin á ndéanamh. Is gá an tagairt don dífhoraíocht (a) agus don dlíthiúlacht (b) chun go bhféadfar aghaidh a thabhairt go cuimsitheach ar phríomhchuspóirí an Rialacháin seo.

Leis an toirmeasc in (c) comhlánaítear na cinn eile trí oibleagáid ghinearálta a chruthú chun ráitis maidir le dícheall cuí a chur isteach agus tráchtearraí agus táirgí ábhartha á gcur ar an margadh. Leis an toirmeasc sin áirithítear go mbeidh oibreoirí ar an eolas faoina ndualgais dícheall cuí a fheidhmiú agus go ndíspreagtar iad ó nósanna imeachta um dhícheall cuí a fhágáil ar lár. Bunaithe ar thaithí EUTR, éascófar forfheidhmiú leis an gceanglas sin agus i gcás inar gá caingean dlí chun na sáruithe sin a leigheas nó smachtbhanna a chur i bhfeidhm dá ndeasca.

- *Airteagal 4: oibleagáidí oibreoirí*

Le hAirteagal 4 sainmhínítear na hoibleagáidí le haghaidh oibreoirí faoin Rialachán. Tugtar tuairisc ann ar an nós imeachta um dhícheall cuí agus dá réir sin feidhmíonn sé mar an riail ghinearálta ar oibleagáidí oibreoirí. Le mír 1 cuirtear oibleagáid ar oibreoirí dícheall cuí a fheidhmiú le haghaidh na dtráchtearraí agus na dtáirgí ábhartha uile chun a áirithiú go gcomhlíonann siad toirmeasc Airteagal 3(a) agus (b) agus ráiteas maidir le dícheall cuí a chur isteach roimh iad a chur ar mhargadh an Aontais nó iad a onnmhairiú uaidh sin. Léirítear go soiléir in Iarscríbhinn II an fhaisnéis is gá a cheanglaítear leis an ráiteas maidir le dícheall cuí.

Leagtar amach le mír 2 an nós imeachta sonracha lena rialaítear tíolacadh na ráiteas maidir le dícheall cuí. Tar éis teacht ar an gconclúid go gcomhlíonann an tráchtearra nó an táirge ábhartha an Rialachán, ní mór don oibreoir ráiteas maidir le dícheall cuí a chur faoi bhráid an chórais faisnéise (féach Airteagal 31) sula gcuirtear an tráchtearra nó an táirge ar an margadh. Le haghaidh tráchtearraí agus táirgí ábhartha a scaoiltear i saorchúrsaíocht nó lena n-onnmhairiú, ní mór tagairt a dhéanamh sa dearbhú custaim don ráiteas maidir le dícheall cuí, rud a chumasófar an dlúthchomhar is gá idir na húdaráis chustaim agus na húdaráis inniúla. De réir mhír 3, glacann oibreoirí freagracht as comhlíontacht táirgí trí ráiteas maidir le dícheall cuí a tharraingt suas. Le mír 4 ceanglaítear go sainráite ar oibreoirí staonadh ó tháirgí agus ó thráchtearraí chur ar an margadh nó a onnmhairiú gan ráiteas maidir le dícheall cuí a thíolacadh roimh ré. Le mír 5 bunaítear an oibleagáid chéanna i gcás (1) nach gcomhlíonfaidh táirgí ná tráchtearraí ábhartha na ceanglais ‘gan dífhoraíocht’ nó ‘dlíthiúlacht’, nó (2) i gcás ina dtiocfar ar an gconclúid leis an dícheall cuí nach bhfuil an riosca a bhaineann le bheith neamhchomhlíontach diomaibhseach nó (3) i gcás nach mbeidh nós imeachta um dhícheall cuí tugtha i gcrích. Le mír 6 cuirtear oibleagáid ar oibreoirí beart a dhéanamh agus na húdaráis inniúla a chur ar an eolas má thagann faisnéis nua chun bheith ar fáil tar éis don nós imeachta um dhícheall cuí a bheith tugtha i gcrích agus an ráiteas a bheith curtha isteach.

- *Airteagal 6: Oibleagáidí ar thrádálaithe*

Chun críche an Rialacháin seo, faoi mar atá in EUTR is féidir trádálaí a shainmhíniú mar ‘aon duine nádúrtha nó dlítheanach a chuireann tráchtearraí agus táirgí ábhartha ar fáil ar mhargadh an Aontais le linn gníomhaíochta tráchtála’ [Airteagal 2(j)]. Go ginearálta, tá trádálaithe faoi réir oibleagáidí níos éadroime ná oibreoirí ós rud é gurb amhlaidh faoin tráth is féidir le trádálaí tráchtearraí nó táirgí ábhartha a dhiúscairt, atá siad sin curtha ar an margadh cheana. Mar sin féin, tá tionchar suntasach ag trádálaithe, go háirithe trádálaithe móra, ar shlabhraí soláthair agus tá ról tábhachtach acu lena áirithiú go mbeidh tráchtearraí agus táirgí ábhartha gan dífhoraíocht.

Is ar an ábhar sin a dhéantar idirdhealú leis an Airteagal seo idir oibleagáid is infheidhme maidir le trádálaithe móra nach fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) iad agus

oibleagáidí is infheidhme maidir le trádálaithe ar FBManna iad. De réir mhíreanna 2 agus 3, ceanglaítear ar thrádálaithe ar FBManna iad taifead ar a soláthróirí agus ar a gcustaiméirí a bhailiú, an fhaisnéis sin a choimeád ar feadh 5 bliana ar a laghad agus an fhaisnéis sin a chur ar fáil do na húdaráis inniúla arna hiarraidh sin. Meastar nach mbeidh ach costais dhiomaibhseacha i gceist leis an gceanglas sin, ós rud é gur féidir coinne a bheith leis go mbeidh an fhaisnéis sin ina cuid de ghnáthoibriú gnó. Tá coinne leis freisin go ndéanfaidh trádálaithe ar FBManna iad beart agus go gcuirfidh siad na húdaráis inniúla ar an eolas má thagann faisnéis nua chun bheith ar fáil maidir le neamhchomhlíontacht a dtráchtearraí agus a dtáirgí (mír 4).

Os a choinne sin, tá trádálaithe móra nach FBManna iad faoi réir na n- oibleagáidí céanna le hoibreoirí (mír 5). Dá bhrí sin, ní mór do thrádálaithe móra ráiteas maidir le dícheall cuí a chur isteach de réir Airteagal 4, agus ar an mbealach sin tagann siad chun bheith faoi dhliteanas i leith chomhlíontacht an tráchtearra nó an táirge ábhartha leis an Rialachán seo. Thairis sin, tá siad faoi réir an nós imeachta céanna um dhícheall cuí le hoibreoirí: i dteannta faisnéis a bhailiú, is gá dóibh measúnú riosca a dhéanamh de réir an Airteagail agus, i gcás inar gá, maolú riosca a dhéanamh de réir Airteagal 10. Scaoiltear na trádálaithe ar FBManna iad ó na hoibleagáidí sin. Ar an mbealach céanna, tá trádálaithe faoi réir na seiceálacha céanna ar oibreoirí dá bhforáiltear in Airteagal 15, cé go bhfuil trádálaithe ar FBManna iad faoi réir seiceálacha dá dtagraítear in Airteagal 16.

- *Airteagal 8: Dícheall cuí*

Le hAirteagal 8 leagtar amach an nós imeachta um dhícheall cuí arb éard é an oibleagáid ar oibreoirí de réir Airteagal 4(1) agus ar thrádálaithe nach FBManna iad de réir Airteagal 6(5). Le haon nós imeachta um dhícheall cuí ba cheart a áirithiú gur diomaibhseach é an riosca a bhaineann le tráchtearraí nó táirgí ábhartha neamhchomhlíontacha a bheith á gcur ar mhargadh an Aontais nó lena bheith á n- onnmhairiú uaidh. Chun amhlaidh a dhéanamh, baileoidh oibreoirí agus trádálaithe nach FBManna iad an fhaisnéis ábhartha uile (mar a léirítear in Airteagal 9) – céim a haon den phróiseas díchill chuí. Ar bhonn na faisnéise sin sainaithneoidh agus déanfaidh siad measúnú ar an riosca a bhaineann le neamhchomhlíontacht fhéideartha tráchtearraí agus táirgí ábhartha le ceanglais an Rialacháin seo [Airteagal 10(1) go (4) agus 10(6)] – céim a dó den phróiseas díchill chuí. I gcás inar gá, maolóidh siad na rioscaí sin go leordhóthanach chuig leibhéal diomaibhseach [Airteagal 10(5)] – céim a trí den phróiseas díchill chuí.

Is gá dícheall cuí a dhéanamh sula gcuirtear aon tráchtearra ná táirge ábhartha ar mhargadh an Aontais nó sula n- onnmhairítear iad ó mhargadh an Aontais. Más é conclúid an mheasúnaithe riosca gur neamhdhiomaibhseach é an riosca a bhaineann le tabhairt isteach tráchtearraí nó táirgí neamhchomhlíontacha i margadh an Aontais, is gá don oibreoir bearta maolúcháin riosca a dhéanamh a bheidh leordhóthanach chun an riosca a ísliú chuig leibhéal diomaibhseach. Mura bhfuil aon rochtain ar an reachtaíocht is infheidhme ná ar fhaisnéis ábhartha eile, ní féidir measúnú iomlán a dhéanamh ar an riosca agus dá réir sin ní féidir é a mhaolú chuig leibhéal diomaibhseach. Mura féidir an riosca a mhaolú chuig leibhéal diomaibhseach, ní chuirfidh an t- oibreoir na tráchtearraí ná na táirgí ábhartha ar mhargadh an Aontais [Airteagal 10(1)].

- *Airteagal 9: Ceanglais faisnéise*

Nuálaíocht mhór i gcomparáid le EUTR is ea an oibleagáid maidir le faisnéis gheografach atá in Airteagal 9, lena gceanglaítear ar oibreoirí na comhordanáidí geografacha a bhailiú (nó an suíomh geografach de réir domhanleithid agus domhanfhaid) a bhaineann leis an dáileacht nó na dáileachtaí talún uile inar táirgeadh na tráchtearraí agus na táirgí ábhartha. Ós rud é go bhfuil an dífhoraíocht nasctha le hathrú ar thalamhúsáid, chun faireachán a dhéanamh ar an

dífhoraaisiú ceanglaítear nasc beacht idir an tráchtearra nó an táirge a chuirtear ar mhargadh an Aontais nó a onnmhairítear uaidh agus an dáileacht talún inar fásadh nó inar tógadh é.

Trí cheangal a chur i bhfeidhm maidir leis an dáileacht talún nó leis an bhfeirm inar táirgeadh an tráchtearra, cumasaítear úsáid íomhánna agus suí satailíte – uirlisí digiteacha atá ar fáil go forleathan agus saor in aisce – chun a sheiceáil cé acu atá nó nach bhfuil táirge nó tráchtearra comhlíontach. Meascán tástáilte allamuigh is ea faisnéis gheografach ar an dáileacht talún agus faireachán satailíte agus cruthaíodh san am a chuaigh thart gur féidir srian a chur leis an dífhoraaisiú i réimse ar leith leis sin agus tá coinne leis go gcuirfear dlús le héifeachtacht na hidirghabhála beartais leis freisin, agus go mbeidh calaois i slabhraí soláthair níos casta agus níos inbhraite mar gheall air. Rinne an tAontas a theicneolaíocht Suite, Loingseoireachta agus Uainithe Satailíte (PNT) féin (EGNOS/Galileo) agus a chlár féin um fhaire agus um fhaireachán na Cruinne (Copernicus) a fhorbairt. Le EGNOS/Galileo agus Copernicus araon cuirtear ardseirbhísí ar fáil, lena soláthraítear tairbhí tábhachtacha eacnamaíocha d'úsáideoirí poiblí agus príobháideacha. Dá bhrí sin, is féidir le híomhánna satailíte agus suite a eascraíonn as úsáid EGNOS/Galileo agus Copernicus a bheith ina cuid den fhaisnéis a úsáidtear le haghaidh seiceálacha comhlíontachta.

Tá faisnéis gheografach lena nasctar táirgí leis an dáileacht talún in úsáid cheana ag eagraíochtaí tionscail agus deimhniúcháin, agus maidir le reachtaíocht ábhartha ón Aontas mar aon leis sin. Le Treoir (AE) 2018/2001 ceanglaítear faisnéis maidir leis an 'limistéar foinsithe' le haghaidh tíortha achrannacha. Le sraith rialacha ón Aontas áiríthítear inrianaitheacht mairteola 'ón mbreith go bás,' lena n-áirítear trí mhodhanna amhail clibeanna cluaise, pasanna buaibheacha agus bunachar sonraí ríomhairithe.

- *Airteagal 10: Measúnú agus maolú riosca*

Le hAirteagal 10 leagtar amach na bearta atá le déanamh chun measúnú agus maolú a dhéanamh ar an riosca a bhaineann le tráchtearraí agus le táirgí ábhartha atá bainteach leis an dífhoraaisiú agus leis an díghrádú foraoise a chur ar an margadh. Dá réir sin, leis an Airteagal sin tugtar tuairisc mhionsonraithe ar na critéir agus ar na módúlachtaí a bhaineann le measúnú riosca agus le maolú riosca a dhéanamh – céimeanna 2 agus 3 faoi seach den nós imeachta um dhícheall cuí mar a tugadh isteach in Airteagal 8. Le mír 1 d'Airteagal 10 soiléirítear cuspóir an mheasúnaithe riosca, is é sin chun neamhchomhlíontacht fhéideartha tráchtearraí agus táirgí ábhartha leis an Rialachán seo a shainathint, agus bunaítear an oibleagáid lárnach ar oibleagáidí gan an tráchtearra ná an táirge ábhartha a chur ar an margadh mura rud é nach féidir leo a léiriú go bhfuil riosca na neamhchomhlíontachta diomaibhseach. Is é an sainmhíniú a thugtar ar choincheap an riosca dhiomaibhsigh in Airteagal 2(18) nuair a léirítear nach ann d'aon chúis imní le measúnú iomlán ar an bhfaisnéis táirgeshonrach agus ar an bhfaisnéis ghinearálta araon maidir le comhlíonadh Airteagal 3(a) agus 3(b) ag tráchtearraí nó táirgí ábhartha.

Cé go gcuirtear le critéir maidir le measúnú riosca a bhunaítear in EUTR, cáilítear iad a thuilleadh le mír 2 agus soláthraítear léi tásca breise do na hoibreoirí maidir leis na heilimintí atá le cur san áireamh, lena léirítear gurb amhlaidh a dhírítear ar dhlíthiúlacht agus ar inbhuanaitheacht araon leis an Rialachán seo (i.e. gan dífhoraaisiú). Lasmuigh de leibhéal an riosca a leagtar síos leis an gcóras tagarmharcála tíre, áirítear faisnéis sa liosta maidir le tír/limistéar an táirgthe, gnéithe den tráchtearra agus den táirge ábhartha agus den slabhra soláthair, mar aon le faisnéis chomhlántach ábhartha eile amhail deimhniúchán nó uirlisí fíorúcháin tríú páirtí eile, ar choinníoll go gcomhlíonfar na ceanglais faisnéise a leagtar amach in Airteagal 9 leo.

- *Airteagal 12: Dícheall cuí simplithe*

Le hAirteagal 12 tugtar tuairisc ar na hoibleagáidí a eascraíonn as tráchtearraí agus táirgí ábhartha a fhoinsiú ó thír nó ó chodanna di a measúnaíodh mar áit ísealriosca de réir thagarmharcáil na tíre a leagtar amach i gCaibidil 4. Nuair atá ísealriosca ag baint leis an tír tháirgthe nó le codanna di faoin tagarmharcáil, tá oibreoirí fós faoin oibleagáid dá bhforáiltear in Airteagal 9 – céim 1 den nós imeachta um dhícheall cuí, i.e. chun faisnéis, doiciméid agus sonraí a bhailiú lena léirítear go gcomhlíonann na tráchtearraí agus na táirgí ábhartha Airteagal 3 den Rialachán seo. Mar sin féin, scaoiltear iad ón dara céim agus ón tríú céim den phróiseas díchill chuí a dhéanamh, i.e. an measúnú riosca agus an maolú riosca mar a thuairiscítear in Airteagal 10. Dá bhrí sin, sa chás sin ní cheanglaítear ar oibreoirí i bprionsabal a léiriú go bhfuil riosca na neamhchomhlíontachta diomaibhseach.

Mar sin féin, i gcás ina gcuirfeadh an t-oibreoir ar an eolas, mar shampla trí bhailiú faisnéise, faoi aon fhaisnéis maidir le riosca sonracha na neamhchomhlíontachta, ní mór oibleagáidí uile Airteagal 8, agus dá bhrí sin na trí chéim uile den phróiseas díchill chuí, a chomhlíonadh [Airteagal 12(2)].

- *Airteagal 14: oibleagáidí chun seiceálacha a dhéanamh*

Le hAirteagal 14 leagtar síos na hoibleagáidí ginearálta ar údaráis inniúla faoin Rialachán. Le míreanna 1 agus 2 de bunaítear an oibleagáid lárnach ar údaráis inniúla chun seiceálacha a dhéanamh ar oibreoirí agus ar thrádálaithe chun measúnú a dhéanamh ar a gcomhlíontacht leis na ceanglais maidir le dícheall cuí, agus chun a shuí cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann na tráchtearraí agus na táirgí ábhartha a chuirtear ar mhargadh an Aontais nó a chuirtear ar fáil air nó a onnmhairítear uaidh an Rialachán. Le mír 3 tagraítear don phlean rioscabhunaithe, príomhuirlis lena cheart na seiceálacha a dhéanann an t-údarás inniúil a threorú. Sna pleananna um sheiceálacha ba cheart critéir riosca a áireamh chun anailís riosca a dhéanamh ar na ráitis maidir le dícheall cuí. Ba cheart na pleananna a athbhreithniú go tráthrialta i bhfianaise thorthaí a gcurtha chun feidhme. Na hoibreoirí agus na trádálaithe sin a léiríonn taifead teiste comhlíontachta comhsheasmhach, ba cheart dóibh a bheith faoi réir seiceálacha ar bhonn níos annaimhe.

Le mír 4 ceanglaítear ar na húdaráis inniúla an anailís riosca ar ráitis maidir le dícheall cuí a dhéanamh trí theicnící próiseála sonraí leictreonacha a chomhtháthaítear sa chóras faisnéise a chuirtear ar bun in Airteagal 31.

Le mír 5 leagtar amach gur cheart na húdaráis inniúla a bheith in ann leis an anailís riosca na hoibreoirí nó na trádálaithe, nó na tráchtearraí agus táirgí ábhartha, atá le seiceáil a shainiú.

Le mír 6 ceanglaítear ar na húdaráis inniúla beart a dhéanamh láithreach i gcás ina nochtfar leis an anailís riosca go bhfuil ardriosca neamhchomhlíontachta ag baint le tráchtearraí agus táirgí áirithe. Féadfaidh bearta eatramhacha a bheith ag baint leis an ngníomhaíocht sin chun go bhfionrófar na tráchtearraí agus na táirgí a chur ar an margadh nó a chur ar fáil air. I gcás earraí a bheith á dtabhairt isteach i margadh an Aontais nó á gcur amach as, agus fad atá an comhéadan leictreonach a leagtar amach in Airteagal 26(1) i bhfeidhm, is féidir leis na húdaráis inniúla a iarraidh ar na húdaráis chustaim an scaoileadh i saorchúrsaíocht nó onnmhairiú na n-earraí ardriosca a chur ar fionraí.

Le fionraíochtaí sealadacha tráchtearraí agus táirgí ardriosca ba cheart na húdaráis inniúla a bheith in ann na seiceálacha is gá a dhéanamh ar chomhlíontacht na dtráchtearraí agus na dtáirgí. Le mír 7 bunaítear tréimhse thosaigh fionraíochta 3 lá oibre, rud ar féidir síneadh a chur leis má cheanglaíonn na húdaráis inniúla breis ama.

Le mír 8 ceanglaítear ar na húdaráis inniúla faisnéis a mhalartú agus forbairt na gcritéar riosca, a áirítear sna pleananna um sheiceálacha, a chomhordú. Ba cheart cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an Rialacháin a chothú leis sin agus feabhas a chur ar a éifeachtacht.

Le mír 9 bunaítear oibleagáid thábhachtach ar na Ballstáit chun seiceálacha éifeachtacha a áirithiú trína n- údaráis inniúla. Leis an dá pharaiméadar atá in úsáid ráthaítear go seiceáiltear líon áirithe oibreoirí agus trádálaithe, agus ceanglaítear céatadán áirithe den mhargadhluach i ngach catagóir tráchtearraí agus táirgí freisin. Dá nglacfaí cineálacha cur chuige aontoiseacha amhail seiceáil a dhéanamh ar dhornán oibreoirí agus trádálaithe ag a bhfuil sciar iontach mór den mhargadh nó seiceáil a dhéanamh ar líon níos mó d'oibreoirí agus de thrádálaithe beaga ag a bhfuil sciar diomaibhseach den mhargadh, ní thabharfaí an éifeachtacht is gá don Rialachán seo agus cuirtear as an áireamh iad i mír 5 dá bhrí sin. Is gá na céatadáin chumhdaigh chun rialú cuimsitheach ar an margadh a chumasú lena ndíspreagtar sárúithe ionchasacha.

Le mír 10 tagraítear don chóras tagarmharcála tíre agus bunaítear an riachtanas a bhaineann le grinnscrúdú feabhsaithe (Airteagal 20) a bheith á dhéanamh ag na húdaráis inniúla maidir le tráchtearraí agus le táirgí a tháirgtear i dtíortha ardriosca nó i gcodanna díobh. Dá réir sin, ceanglaítear léi dualgais na n- údaráis inniúil leis an gcóras tagarmharcála trí chiseal (mar a thuairiscítear in Airteagal 27).

D'ainneoin thábhacht na seiceálacha a dhéantar i gcomhréir lena bplean rioscabhunaithe, soiléirítear le mír 11 go ndéanfaidh na húdaráis inniúla seiceálacha lasmuigh de raon feidhme na bpleananna sin freisin, nuair a thagann siad i seilbh fianaise nó faisnéis ábhartha eile, maidir le neamhchomhlíonadh féideartha an Rialacháin seo.

- *Airteagal 15: Seiceálacha ar oibreoirí*

Leis an Airteagal seo leagtar síos an oibleagáid ar údaráis inniúla maidir le seiceálacha atá le déanamh ar oibreoirí. Leis sin cuirtear le hAirteagal 10(3) de EUTR, cé go soláthraítear soiléireacht agus treoraíocht bhreise leis maidir le critéir shonracha le haghaidh seiceálacha atá le déanamh ag an údaráis inniúil chun gur fearr is féidir anailís a dhéanamh ar an doiciméadacht ábhartha i leith an chórais díchill chuí atá in úsáid, agus chun gur fearr is féidir measúnú a dhéanamh ar an riosca a bhaineann le neamhchomhlíonadh. Is eilimint fhíor- riachtanach iad caighdeáin shoiléire le haghaidh seiceálacha comhlíontachta le haghaidh na n- údaráis inniúil chun cur i bhfeidhm éifeachtach agus aonfhoirmeach an Rialacháin seo a áirithiú ar fud an Aontais.

Le mír 2 déantar idirdhealú idir bearta sainordaitheacha agus roghnacha. Sna bearta sainordaitheacha dá dtagraítear i litreacha (a) go (d) áirítear seiceálacha ar dhoiciméadacht díchill chuí agus ar nósanna imeachta den sórt sin nach gceanglaítear anailísí teicniúla ar tháirgí ná ar ghníomhaíochtaí eile ar an láthair ó údaráis inniúla leo. Áirítear le bearta roghnacha i litreacha (e) go (h) cigireacht ar an láthair agus seiceálacha teicniúla agus eolaíocha atá leordhóthanach chun an áit bheacht inar táirgeadh an tráchtearra nó an táirge ábhartha a chinneadh agus cé acu atá nó nach bhfuil an táirgeadh sin gan dífhoraísiú.

- *Airteagal 19: Tuairisciú*

Le hAirteagal 19 leagtar amach oibleagáidí tuairisciúcháin na mBallstát maidir le cur chun feidhme an Rialacháin atá beartaithe. Leis an Airteagal sin cuirtear le hAirteagal 20 de EUTR (Tuairisciú), mar a leasaíodh dá éis sin le Rialachán 2019/1010, lenar ailíníodh oibleagáidí tuairisciúcháin sa reachtaíocht chomhshaoil¹². Dá bhrí sin, le hAirteagal 19 deimhnítear go

¹² Rialachán (AE) 2019/1010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le hoibleagáidí tuairisciúcháin a ailíniú i réimse na reachtaíochta a bhaineann leis an gcomhshaoil, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 166/2006 agus (AE) Uimh. 995/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle,

dtuairisceoidh na Ballstáit ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo ar bhonn bliantúil (mír 1) agus go gcuirfidh seirbhísí an Choimisiúin forbhreathnú uile- Aontais ar fáil go poiblí, ar bhonn bliantúil, ar bhonn na sonraí a bheidh curtha isteach ag na Ballstáit (mír 3).

Le mír 2 déantar an fhaisnéis atá le soláthar ag na Ballstáit a cháiliú a thuilleadh chun oibleagáidí tuairisciúcháin a neartú agus chun é a chur ar a chumas don Choimisiún anailís a dhéanamh ar bhealach níos cruinne ar cháilíocht ghníomhaíocht faireacháin na mBallstát. Tá an méid sin i gcomhréir le torthaí Thuarascáil Speisialta 21/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa lenar cuireadh i dtábhacht easnaimh an chórais tuairisciúcháin faoi EUTR¹³, agus leis beidh an Coimisiún in ann aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar an moladh ón gCúirt a athbhreithniú ar sheiceálacha na mBallstát a neartú¹⁴.

- *Airteagal 20: Grinnscrúdú feabhsaithe*

I gcás ina ndéanfar tráchtearraí agus táirgí ábhartha a fhoinsiú ó thír nó ó chodanna di a measúnaíodh mar áit ardriosca de réir an chórais tagarmharcála tíre a leagtar amach i gCaibidil 5, tá siad faoi réir grinnscrúdú feabhsaithe ó na húdaráis inniúla ábhartha. Murab ionann agus Airteagal 12, ní cháilítear le hAirteagal 20 sraith dhifriúil oibleagáidí díchill chuí ar oibreoirí ná ar thrádálaithe.

Áiritheoidh na húdaráis inniúla go gcumhdófar leis na seiceálacha a dhéanann siad ar bhonn bliantúil 15 % ar a laghad de na hoibreoirí, mar aon le 15 % de chainníocht na dtráchtearraí agus na dtáirgí ábhartha a tháirgtear i dtíortha ardriosca nó i gcodanna díobh.

Ba cheart a chur i dtábhacht gurb amhlaidh de réir Airteagal 27 ar theacht i bhfeidhm an Rialacháin, a shannfar leibhéal caighdeánach riosca do na tíortha uile. Dá bhrí sin, eascróidh na hoibleagáidí thuas le haghaidh na n- údarás inniúil a luaith a chuirfear tír ardriosca nó codanna di san áireamh sa liosta atá le foilsiú ag an gCoimisiún de réir Airteagal 27(1), agus fad a dhéantar tráchtearraí agus táirgí ábhartha a tháirgtear i dtír ardriosca nó i gcodanna di a chur ar a margadh nó a chur ar fáil air.

- *Airteagal 22: Bearta faireachais margaidh*

Le hAirteagal 22 leagtar síos an oibleagáid ar na húdaráis inniúla chun gníomhú gan mhoill a luaith a shuífidh siad nach gcomhlíonann tráchtearra ná táirge ábhartha an Rialachán seo. Sa chás sin ceanglóidh na húdaráis inniúla go ndéanfaidh an t- oibreoir nó an trádálaí ábhartha gníomhaíocht cheartaitheach atá iomchuí agus comhréireach chun deireadh a chur leis an neamhchomhlíonadh.

Le mír 2 leagtar amach na bearta ceartaitheacha féideartha is féidir a cheangal ar an oibreoir nó ar an trádálaí a dhéanamh. Leis an bhforáil sin tarraingítear go sonrach ó Airteagal 16 den

Treoracha 2002/49/CE, 2004/35/CE, 2007/2/CE, 2009/147/CE agus 2010/63/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 338/97 agus (CE) Uimh. 2173/2005 ón gComhairle, agus Treoir 86/278/CEE ón gComhairle (IO L 170/126, 25.6.2019).

¹³ ECA Tuarascáil Speisialta 21/2021: ‘Cistiú ón Aontas le haghaidh na bithéagsúlachta agus an athraithe aeráide i bhforaoisí an Aontais: torthaí dearfacha ach teoranta’. Féach go háirithe mír 36, inar shonraigh an Chúirt an méid seo a leanas: ‘Le tuairisciú faoin Rialachán maidir le hAdhmad ní sholáthraítear an fhaisnéis lenar féidir leis an gCoimisiún anailís a dhéanamh ar cháilíocht ghníomhaíocht faireacháin na mBallstát, na rialacha náisiúnta lena sainmhínítear lománaíocht neamhdhleathach ná na nósanna imeachta a úsáidtear le haghaidh seiceálacha. Ná ní cheanglaítear ar na Ballstáit leis sin bunús a thabhairt lena bhfreagraí le doiciméid tacaíochta lena mbeidís in ann cruinneas nó iomláine na faisnéise a fhíorú’.

¹⁴ Féach Moladh 2.a: ‘Ba cheart don Choimisiún: (a) measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le tograí reachtacha a dhéanamh arb é is aidhm dóibh neartú a dhéanamh ar a athbhreithniú ar sheiceálacha na mBallstát ar an Rialachán maidir le hAdhmad’.

Rialachán maidir le Faireachas Margaidh¹⁵; de réir Airteagal 3 den Rialachán sin ciallaíonn ‘aisghairm’ ‘aon bheart arb é is aidhm dó táirge a cuireadh ar fáil cheana féin don úsáideoir deiridh a fháil ar ais’; cé go gciallaíonn ‘tarraingt siar’ ‘aon bheart arb é is aidhm dó cosc a chur ar tháirge, atá sa slabhra soláthair, a chur ar fáil ar an margadh’.

- *Airteagal 23: Pionóis*

Le hAirteagal 23 bunaítear an oibleagáid ar na Ballstáit rialacha a leagan síos maidir le pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo. Eilimint chriticiúil is ea pionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha a bheith ann agus á gcur i bhfeidhm sna córais náisiúnta chun cur chun feidhme éifeachtach agus aonfhoirmeach an Rialacháin seo a áirithiú ar fud an Aontais.

Dá bhrí sin, le mír 2 soláthraítear an liosta pionós atá le bunú i gcórais dlí náisiúnta. Áirítear sa liosta sin fineálacha, coigistiú na dtráchtearraí agus na dtáirgí ábhartha mar aon le coigistiú ioncam, gníomhaíochtaí eacnamaíocha ábhartha a chur ar fionraí nó a thoirmeasc agus oibreoirí agus trádálaithe a sháraíonn an Rialachán a eisiamh ó phróisis soláthair phoiblí. Le reachtaíocht na mBallstát ní mór foráil a dhéanamh maidir le méid athraitheach fineálacha atá spleách ar láimhdeachas bliantúil an oibreora nó an trádálaí a sháraigh an Rialachán. Tá an méid sin ábhartha go háirithe mar dhídhreasacht le haghaidh oibreoirí agus trádálaithe móra nach FBManna iad an Rialachán a shárú. Dá réir sin, fónann sé don chuspóir pionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha a bhunú.

- *Airteagal 24: Rialuithe*

Le hAirteagal 24 soláthraítear na rialacha le haghaidh rialuithe ar thráchtearraí agus ar tháirgí ábhartha a chuirtear faoin nós imeachta custaim ‘scaoileadh i saorchúrsaíocht’ nó ‘onnmhairiú’.

Le mír 2 bunaítear gurb iad na húdaráis inniúla atá freagrach as comhlíonadh an Rialacháin seo a fhíorú, lena n-áirítear le haghaidh tráchtearraí nó táirgí a thugtar isteach san Aontas nó a chuirtear amach as. Soiléirítear léi freisin an idirghabháil le forálacha Rialachán (AE) 952/2013 agus Rialachán (AE) 2019/1020. Le mír 3 sainithnítear ról lárnach na n-údarás custaim arb é atá ann rialú a dhéanamh ar dhearbhu ceart tráchtearraí agus táirgí ábhartha a thugtar isteach i margadh an Aontais nó a chuirtear amach as.

Déanfar an ráiteas maidir le dícheall cuí i ndáil le tráchtearra nó le táirge ábhartha a thugtar isteach san Aontas nó a chuirtear amach as a chlárú sa Chóras Faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 31. De réir mhír 4, leis an gcóras faisnéise sin sannfar uimhir thagartha ansin ar an ráiteas maidir le dícheall cuí, rud a chuirfear ar fáil do na húdaráis chustaim le linn an dearbhú custaim do scaoileadh i saorchúrsaíocht nó onnmhairiú an tráchtearra nó an táirge ábhartha sin á thaisceadh, seachas i gcás ina dtaisctear an ráiteas maidir le dícheall cuí de bhun Airteagal 26(2).

Le mír 5 ceanglaítear i gcás ina ndéanfar dearbhú custaim do scaoileadh i saorchúrsaíocht nó onnmhairiú tráchtearra nó táirge ábhartha a thugtar isteach san Aontas nó a chuirtear amach as a thaisceadh, go bhfíoróidh na húdaráis chustaim stádas an ráitis maidir le dícheall cuí a bhaineann leis an tráchtearra nó leis an táirge ábhartha sin agus úsáid á baint as an gcomhéadan leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 26(1).

Le mír 6 leagtar amach i gcás ina suífear leis an anailís riosca a dhéanann na húdaráis inniúla de réir Airteagal 14(4) go bhfuil ardriosca neamhchomhlíonadh cheanglais an Rialacháin seo

¹⁵ Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le faireachas margaidh ar tháirgí agus comhlíonadh táirgí agus lena leasaítear Treoir 2004/42/CE agus Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 agus (AE) Uimh. 305/2011 (IO L 169/1, 25.6.2019).

ag baint le tráchtearra nó le táirge ábhartha, go modhnófar stádas an ráitis maidir le dícheall cuí a bhaineann leis an tráchtearra nó leis an táirge ábhartha sin dá réir sin sa Chóras Faisnéise. Sna himthosca sin, ba cheart do na húdaráis chustaim scaoileadh i saorchúrsaíocht nó onnmhairiú an tráchtearra nó an táirge ábhartha sin a chur ar fionraí.

Le mír 7 léirítear na coinníollacha faoinar cheart do na húdaráis chustaim a cheadú tráchtearra nó táirge ábhartha a scaoileadh i saorchúrsaíocht nó a onnmhairiú.

Le mír 8 bunaítear na bearta i gcás ina dtiocfaidh na húdaráis inniúla ar an gconclúid nach gcomhlíonann tráchtearra nó táirge ábhartha a thugtar isteach i margadh an Aontais nó a chuirtear amach as an Rialachán seo. Sa chás sin ba cheart do na húdaráis inniúla stádas an ráitis chomhfhreagraigh maidir le dícheall cuí a athrú dá réir sin sa Chóras Faisnéise agus féadfaidh siad a léiriú sa Chóras Faisnéise freisin go ndéanann siad agóid in aghaidh an tráchtearra nó an táirge ábhartha a chur faoi nósanna imeachta custaim eile.

Ar fhógra a thabhairt faoin stádas sin, níor cheart do na húdaráis chustaim scaoileadh i saorchúrsaíocht ná onnmhairiú an tráchtearra ná an táirge ábhartha sin a cheadú agus ba cheart dóibh fógra a áireamh sa chóras próiseála sonraí custaim agus, i gcás inar féidir, ar aon doiciméad a ghabhann leis an tráchtearra nó leis an táirge ábhartha.

I gcás ina ndearbhófar an tráchtearra nó an táirge ábhartha dá éis sin le haghaidh nósanna imeachta custaim eile agus ar choinníoll nach ndearna na húdaráis inniúla agóid in aghaidh an tsocrúcháin sin, áireoidh na hoibreoirí an fógra sna dearbhuithe custaim agus clárófar é, faoi na coinníollacha céanna, sa chóras próiseála sonraí custaim agus, i gcás inar féidir, ar na doiciméid tionlacain a úsáidtear i dtaca le haon nós imeachta den sórt sin.

De réir mhír 10, féadfaidh na húdaráis chustaim tráchtearra nó táirge neamhchomhlíontach ábhartha a scriosadh nó a chur as feidhm ar bhealach eile arna iarraidh sin do na húdaráis inniúla nó i gcás ina measfaidh siad gur gá agus gur comhréireach sin. Íocfaidh sealbhóir an tráchtearra nó an táirge ábhartha costas an bhirt sin.

- *Airteagal 25: Malartú faisnéise agus comhar i measc na n-údarás*

Leis an Airteagal seo leagtar amach oibleagáid ar na húdaráis inniúla, ar na húdaráis chustaim agus ar an gCoimisiún dul i gcomhar chun an Rialachán a chur chun feidhme (mír 1).

Le míreanna 2 agus 3 bunaítear nasc chuig na sásraí comhair agus malartúcháin faisnéise faoi Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

- *Airteagal 26: Comhéadain leictreonacha*

Le mír 1 ceanglaítear ar an gCoimisiún comhéadan leictreonach a chur ar bun chun Timpeallacht Ionad Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh do Chustaim a cheangal leis an gcóras faisnéise a bhunaítear faoi Airteagal 31. Le mír 2 bunaítear bunfheidhmiúlacht an chomhéadain sin agus le mír 3 cumhachtaítear don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun na sonraí mionsonraithe agus feidhmiú an chomhéadain a shainmhíniú.

- *Airteagal 27: Measúnú ar thíortha*

Le hAirteagal 27 tugtar isteach an córas tagarmharcála tíre, ar príomhghné den Rialachán seo é. Is é is cuspóir don tagarmharcáil tíortha a dhreasú chun cosaint foraoisí agus rialachas níos láidre ar fhoraoisí a áirithiú, chun trádáil a éascú agus iarrachtaí forfheidhmiúcháin a chalabhrú ar bhealach níos fearr trí chuidiú leis na húdaráis inniúla acmhainní a dhíriú ar na háiteanna is mó gá, agus laghdú a dhéanamh ar chostais chomhlíontachta ag cuideachtaí.

Tríd an gcóras tagarmharcála, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an riosca go dtáirgfidh tíortha nó codanna díobh tráchtearraí agus táirgí ábhartha nach mbeidh gan dífhoraoisiú. Leis an gcóras tagarmharcála sannfar ceann de thrí leibhéal fhéideartha riosca ar gach tír nó ar

chodanna di: ísealriosca, riosca caighdeánach agus ardriosca. Ar theacht i bhfeidhm an Rialacháin, sannfar leibhéal caighdeánach riosca ar na tíortha uile. Beidh an measúnú bunaithe ar na critéir a leagtar amach i mír 2.

Le mír 3 leagtar amach an nós imeachta atá le leanúint ag an gCoimisiún roimh an gcatagóir riosca atá ann cheana a athrú le haghaidh tíre nó codanna di. Mar chuid de sin áireofar an iarraidh ar an tír freagairt a thabhairt laistigh d'am leordhóthanach agus faisnéis a mheastar a bheith úsáideach a sholáthar, lena n- áirítear ar bhearta atá déanta ag an tír chun an staid a leigheas.

Chuirfeadh an Coimisiún catagóiríú riosca na tíre ar fáil go poiblí trí ghníomhartha cur chun feidhme ón gCoimisiún a ghlacadh agus tabharfaidh sé an liosta cothrom le dáta i gcás inar gá, nuair a cheanglaítear sin de thoradh fianaise eolaíoch nua a bheith tagtha chun cinn. Déantar idirdhealú idir na hoibleagáidí le haghaidh oibreoirí agus údaráis inniúla na mBallstát de réir leibhéal riosca na tíre táirgthe nó codanna di, le dualgais shimplithe díchill chuig ar oibreoirí a fhoinsíonn ó thíortha ísealriosca nó ó chodanna díobh (Airteagal 12) agus grinnscrúdú feabhsaithe ar na húdaráis inniúla a oibríonn seiceálacha ar thráchtearraí agus ar tháirgí ábhartha a tháirgtear i dtíortha ardriosca nó i gcodanna díobh (Airteagal 20).

- *Airteagal 29: Ábhair inní a bhfuil bunús leo de chuid daoine nádúrtha nó dlítheanacha*

De réir Airteagail 15 agus 16, féadfaidh údarás inniúil seiceálacha a dhéanamh ar oibreoirí agus ar thrádálaithe nuair atá sé i seilbh faisnéise ábhartha, lena n- áirítear ar bhonn ábhair inní a bhfuil bunús leo atá soláthartha ag tríú páirtithe. De réir Airteagal 2(21) ciallaíonn 'ábhar inní a bhfuil bunús leis' *'maíomh a bhfuil bonn maith leis bunaithe ar fhaisnéis oibiachtúil agus infhíoraithe maidir le neamhchomhlíonadh an Rialacháin seo agus lena bhféadfar idirghabháil na n- údarás inniúil a cheangal.'*

Leis na hábhair inní a bhfuil bunús leo féadfar tagairt a dhéanamh do lastais, soláthróirí, oibreoirí, trádálaithe sonracha nó aon staid i dtíortha táirgthe sonracha a ghineann rioscaí maidir le tráchtearra nó táirge ábhartha a bheith á chur ar an margadh agus a fhéadfaidh idirghabháil na n- údarás inniúil a cheangal dá dheasca sin. Bhí ábhair inní a bhfuil bunús leo ina gcuid den chóras a bunaíodh in EUTR freisin [Airteagal 10(2)]. Le hAirteagal 29 cuirtear leis an taithí sin agus soiléirítear na hoibleagáidí ar an Údarás Inníúil chun measúnú a dhéanamh ar na hábhair inní a bhfuil bunús leo agus na bearta oibríochtúla is gá a dhéanamh, bearta a fhéadfar a cheangal chun sáruithe a bhrath agus cosc a chur lena thuilleadh tráchtearraí nó táirgí a bheith á chur ar an margadh inmheánach agus á scaoileadh i gcúrsaíocht ann.

Tá ábhair inní a bhfuil bunús leo ábhartha maidir le hoibreoirí agus le trádálaithe freisin. Le hAirteagal 4(6) den Rialachán seo sonraítear an oibleagáid atá ar oibreoir ar a cuireadh ar an eolas, trí ábhar inní a bhfuil bunús leis, faoi neamhchomhlíonadh an tráchtearra nó an táirge ábhartha, chun údarás inniúil ábhartha na tíre inar cuireadh an táirge ar an margadh nó ónar onnmhairíodh é a chur ar an eolas láithreach. Tá feidhm ag an oibleagáid chéanna maidir le trádálaithe, beag beann ar a méid [Airteagal 6 (4 agus 5)]. Le hAirteagal 10(2)(i) ceanglaítear freisin gur cheart láithreach ábhair inní a bhfuil bunús leis a chur san áireamh mar chritéir measúnúcháin riosca.

- *Airteagal 31: Córas faisnéise 'clár'*

Le hAirteagal 31 ceanglaítear ar an gCoimisiún córas faisnéise a bhunú, trínar gá ráitis maidir le dícheall cuí dá bhforáiltear faoi Airteagal 4(2) a chur ar fáil do na húdaráis inniúla.

Le mír 2 leagtar síos feidhmeanna íosta riachtanacha an chórais, lena n- áirítear *inter alia* a nasc leis na húdaráis chustaim trí Thimpeallacht an Ionaídh Ilfhreastail AE maidir le Custam. Le mír 3 tugtar de chúram don Choimisiún na rialacha maidir le feidhmiú an chórais a bhunú trí ghníomh cur chun feidhme.

Baineann míreanna 4 agus 5 le rochtain ar an gcóras faisnéise. Mar bhunachar sonraí lárnach le haghaidh chur chun feidhme an Rialacháin, beidh rochtain ag oibreoirí agus ag trádálaithe mar aon le húdaráis inniúla air, a mbeidh na mionsonraí ina leith ag brath ar a n- oibleagáidí. Beidh rochtain ag pobal níos leithne ar na sonraí freisin, ar bhealach anaithnidithe.

- *Airteagal 32: Athbhreithniú*

Le hAirteagal 32 bunaítear na rialacha lena rialaítear an t- athbhreithniú ar an Rialachán. Le mír 1 déantar foráil maidir leis an gcéad phróiseas athbhreithniúcháin á reáchtáil tráth nach déanaí ná 2 bhliain tar éis an teacht i bhfeidhm as a dtagann tuarascáil agus tograí reachtacha ionchasacha chun an Rialachán a leasú. Leis an gcéad athbhreithniú sin díreofar ar an ngá agus ar an indéantacht a bhaineann le síneadh a chur le raon feidhme an Rialacháin chuig éiceachórais eile le cois foraoisí agus tuilleadh tráchtearraí.

Déanfar an t- athbhreithniú ginearálta dá bhforáiltear i mír 2 5 bliana tar éis an dáta dá bhforáiltear in Airteagal 32(2), i.e. 12 mhí ón teacht i bhfeidhm. Réamh- mheastar leis an bhforáil sin freisin inneachar an chéad athbhreithnithe ghinearálta sin, lena n- áireofar measúnú ar an deis chun tuilleadh uirlisí éascaíochta trádála a thabhairt isteach agus tionchar na chéad bhlianta de chur i bhfeidhm an Rialacháin seo ar fheirmeoirí.

Ar deireadh, le mír 3 díreofar ar an athbhreithniú ar tháirgí ábhartha a liostaítear in Iarscríbhinn 1. Déanfar an t- athbhreithniú sin 2 bhliain ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin agus dá éis sin, go tráthrialta, rud lena gcumasaítear raon táirge forchéimnitheach. Déanfar an leasú ar an liosta táirgí a áirítear in Iarscríbhinn 1 trí ghníomh tarmilgthe (mír 4).

- *Airteagal 36: Teacht i bhfeidhm agus dáta cur i bhfeidhm*

Beidh feidhm ag an Rialachán seo ó dháta an teacht i bhfeidhm. Mar sin féin, le mír 2 bunaítear go mbeidh feidhm ag Airteagail 3 go 12, 14 go 22, 24, 29 agus 30 12 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Mar sin féin, leagtar síos le mír 3 go mbeidh feidhm ag na hAirteagail sin 24 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo maidir le hoibreoirí ar micrifhiontair iad a bhunaítear faoin 31 Nollaig 2020, ach amháin táirgí a chumhdaítear leis an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 995/2010 (EUTR).

Leis na moilleanna sin sa chur i bhfeidhm cruthaítear idirthréimhse nach bhfuil feidhm ag na hoibleagáidí ar oibreoirí ná trádálaithe, ná ag na hoibleagáidí ar na húdaráis inniúla seiceálacha a dhéanamh. Le hidirthréimhse den sórt sin, rud atá níos faide le haghaidh micrifhiontar, tabharfar am leordhóthanach d'oibreoirí agus do thrádálaithe a n- oibleagáidí a oiriúnú faoin Rialachán.

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le tráchtearraí agus táirgí áirithe atá bainteach leis an dífhoraioisiú agus leis an díghrádú foraoise a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais agus a onnmhairiú ón Aontas mar aon leis sin agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 995/2010

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpach, agus go háirithe Airteagal 192 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún²,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Soláthraíonn foraoisí réimse leathan tairbhí comhshaoil, eacnamaíocha agus sóisialta, lena n-áirítear adhmaid agus táirgí foraoise neamhadhmaid agus seirbhísí comhshaoil atá fíor-riachtanach le haghaidh an chine dhaonna, ós rud é go dtugann siad tearmann don chuid is mó de bhithéagsúlacht talún na Cruinne. Coinníonn siad feidhmeanna éiceachórais ar bun, cuidíonn siad leis an gcóras aeráide a chosaint, soláthraíonn siad aer glan agus tá ról rithábachtach acu chun uiscí agus ithreacha a íonú mar aon le coinneáil uisce. Ina theannta sin, soláthraíonn foraoisí cothú agus ioncam do thart ar an tríú cuid de dhaonra an domhain agus baineann iarmhairtí tromchúiseacha le scriosadh foraoisí ar shlí bheatha na ndaoine is leochailí, lena n-áirítear pobail dhúchasacha agus pobail áitiúla a bhraitheann go mór ar éiceachórais foraoise.³ Thairis sin, leis an dífhoraioisiú agus leis an díghrádú foraoise laghdaítear linnte carbóin fíor-riachtanacha agus méadaítear an dóchúlacht go scaipfeadh galair nua ó ainmhithe go daoine.
- (2) Tá an dífhoraioisiú agus an díghrádú foraoise ag tarlú ar ráta scanrúil. Measann Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe gur cailleadh 420 milliún heicteár d'fhoraiois – thart ar 10 % de na foraoisí atá fágtha ar domhan agus limistéar is mó ná an tAontas Eorpach – ar fud an domhain idir 1990 agus 2020⁴. Tá an

¹ IO C , , lch. .

² IO C , , lch. .

³ Teachtaireacht ón gCoimisiún an 27 Iúil 2019 'Dlús a Chur le Gníomhaíocht an Aontais chun Foraoisí an Domhain a Chosaint agus a Athbhunú', COM(2019) 352 final.

⁴ FAO *Global Forest Resource Assessment* 2020, lch. XII, <https://www.fao.org/documents/card/en/c/ca9825en>.

dífhoraoisiú agus an díghrádú foraoise, dá réir sin, ina bpríomhspreagthóirí an téimh dhomhanda agus chailliúint na bithéagsúlachta – an dá dhúshlán comhshaoil is tábhachtaí de chuid ár linne. Ach mar sin féin, leanann an domhan de 10 milliún heicteár foraoise a chailleadh gach bliain.

- (3) Is iomaí bealach a rannchuidíonn an dífhoraoisiú agus an díghrádú foraoise leis an ngéarchéim aeráide dhomhanda. Rud a bhfuil tábhacht ar leith leis, ardaíonn siad astaíochtaí gáis ceaptha teasa trí dhóiteáin foraoise ghaolmhara, agus cumais linnte carbóin á mbaint amach go buan, athléimneacht an limistéir atá thíos leis á laghdú i bhfianaise an athraithe aeráide agus laghdú substaintiúil á dhéanamh ar a bhithéagsúlacht freisin. Seasann an dífhoraoisiú féin do 11 % d’astaíochtaí gáis ceaptha teasa⁵.
- (4) Spreagann cliseadh aeráide cailliúint na bithéagsúlachta go domhanda agus géaraíonn cailliúint bithéagsúlachta an t- athrú aeráide, tá siad fite fuaite le chéile, mar a deimhníodh le staidéir le déanaí. Cuidíonn an bhithéagsúlacht leis an athrú aeráide a mhaolú. Gníomhaíonn feithidí, éin agus mamaigh mar phailneoirí, scaiptheoirí síolta agus is féidir leo cuidiú le carbón a stóráil ar bhealach níos éifeachtúla, go díreach nó go hindíreach. Áirithíonn foraoisí freisin athshlánú leanúnach ar acmhainní uisce agus cosc ar thriomach agus a n- éifeachtaí dochracha ar phobail áitiúla, lena n- áirítear pobail dhúchasacha. Is é an dífhoraoisiú agus an díghrádú foraoise a laghdú go mór agus foraoisí agus éiceachórais eile a athbhunú go córasach an deis aonair is mó, atá bunaithe ar an dúlra, dá bhfuil ann maidir le maolú aeráide.
- (5) Tá an bhithéagsúlacht fíor- riachtanach le haghaidh athléimneacht na n- éiceachóras agus a gcuid seirbhísí ar leibhéal áitiúil agus domhanda araon. Tá breis agus leath na holltáirgeachta intíre domhanda ag brath ar an dúlra agus na seirbhísí a sholáthraíonn sé. Tá trí phríomhearnáil eacnamaíocha – foirgníocht, talmhaíocht, bia agus deoch – ag brath go mór ar an dúlra. Tá cailliúint na bithéagsúlachta ina bagairt ar thimthriallta uisce inbhuanaithe agus ar ár gcórais bhia, rud a chuireann ár slándáil bia agus an cothú i mbaol. Braitheann breis agus 75 % de chineálacha bairr bia ar fud na cruinne ar phailniú ó ainmhithe. Thairis sin, braitheann roinnt earnálacha tionsclaíochta ar an éagsúlacht ghéiniteach agus ar sheirbhísí éiceachórais mar ionchuir chriticiúla le haghaidh táirgeachta, go háirithe le haghaidh cógas.
- (6) Tá an t- athrú aeráide, cailliúint na bithéagsúlachta agus an dífhoraoisiú ina n- ábhair inní a bhfuil fiorthábhacht dhomhanda leo, lena ndéantar difear do mharthanais an chine dhaonna agus do dhálaí maireachtála marthanacha ar an gCruinne. De bharr ghéarú an athraithe aeráide, chailliúint na bithéagsúlachta agus an díghrádaithe comhshaoil, i dteannta samplaí inláimhsithe dá n- éifeachtaí millteacha ar an dúlra, ar dhálaí maireachtála an duine agus ar gheilleagair áitiúla, aithnítear an t- aistriú glas mar chuspóir sainitheach ár linne agus mar ábhar cothromais idir na glúnta.
- (7) Tá tomhaltas an Aontais ina phríomhspreagthóir dífhoraoisiúcháin agus díghrádúcháin foraoise ar scála domhanda. Le tionscnamh an Mheasúnaithe Tionchair meastar gurb amhlaidh, gan idirghabháil rialála iomchuí, a ardóidh tomhaltas agus táirgeacht an Aontais maidir leis na sé thráchtearra a áirítear sa raon feidhme (adhmad, eallach,

⁵ IPCC, *Climate Change and Land: an IPCC special report on climate change, desertification, land degradation, sustainable land management, food security, and greenhouse gas fluxes in terrestrial ecosystems* [An t- Athrú Aeráide agus an Talamh: Tuarascáil speisialta IPCC maidir leis an athrú aeráide, gaineamhlú, bainistiú talún inbhuanaithe, slándáil bia, agus sreabhadh gáis ceaptha teasa in éiceachórais ar talamh], <https://www.ipcc.ch/srcc1/>.

soighe, ola pailme, cócó agus caife) chuig thart ar 248 000 heicteár dífhoraioisiúcháin go bliantúil faoi 2030.

- (8) A mhéid a bhaineann le staid na bhforaoisí laistigh den Aontas, sonraítear sa tuarascáil maidir le Staid Fhoroaisí na hEorpa 2020⁶ gurb amhlaidh, idir 1990 agus 2020, a d'ardaigh limistéar na bhforaoisí san Eoraip faoi 9 %, a d'fhás carbón atá stóráilte sa bhithmhais faoi 50 % agus a d'ardaigh an soláthar adhmaid faoi 40 %. Mar sin féin, meastar nach bhfuil ann ach méid is lú ná 5 % de limistéir foraoise na hEorpa nár cuireadh isteach orthu, nó gur limistéir nádúrtha iad, de réir na tuarascála ón nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil maidir le Staid an Chomhshaoil 2020⁷.
- (9) In 2019, ghlac an Coimisiún roinnt tionscnamh chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna comhshaoil an domhain, lena n-áirítear gníomhaíochtaí sonracha maidir leis an dífhoraioisiú. Ina Theachtaireacht 'Dlús a Chur le Gníomhaíocht an Aontais chun Foraoisí an Domhain a Chosaint agus a Athbhunú'⁸, shainithin an Coimisiún mar thosaíocht lorg tomhaltais an Aontais ar thalamh a laghdú agus tomhaltas táirgí ó shlabhraí soláthair gan dífhoraioisiú a spreagadh san Aontas. Ina Theachtaireacht an 11 Nollaig 2019 dar teideal 'An Comhaontú Glas don Eoraip'⁹ leag an Coimisiún amach straitéis nua fáis a bhfuil sé d'aidhm aici sochaí chothrom agus rathúil a dhéanamh den Aontas, ina mbeidh geilleagar a bheidh nua-aimseartha, tiosach ar acmhainní agus iomaíoch mar nach mbeidh aon ghlanastaíocht gáis ceaptha teasa in 2050, agus ina mbeidh an fás eacnamaíoch díchúpláilte ó úsáid acmhainní agus mar nach bhféadfaí aon duine ná aon áit chun deiridh. Tá sé d'aidhm aici freisin caipiteal nádúrtha an Aontais a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú, agus sláinte agus folláine na saoránach agus na nglúnta atá le teacht a chosaint ar rioscaí agus ar thionchair a bhaineann leis an gcomhshaol. Thairis sin, tá sé d'aidhm leis an gComhaontú Glas don Eoraip, i measc nithe eile, aer úr, uisce glan, ithir fholláin agus bithéagsúlacht a sholáthar do na saoránaigh agus do na glúnta atá le teacht. Chuige sin, le Straitéis Bithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030¹⁰, an Straitéis ón bhFeirm go dtí an Forc¹¹, Straitéis Foraoise an Aontais¹², plean gníomhaíochta an Aontais

⁶ Foraoisí na hEorpa – Comhdháil Aireachta um Chosaint Foraoisí san Eoraip, Staid Fhoroaisí na Eorpa 2020, <https://foresteurope.org/state-europes-forests-2020/>.

⁷ An Gníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, Staid an Chomhshaoil 2020, <https://www.eea.europa.eu/soer/publications/soer-2020>.

⁸ COM(2019) 352 final.

⁹ *Communication from the Commission to the European Parliament, the European Council, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions, The European Green Deal* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, an Comhaontú Glas don Eoraip], COM(2019) 640 final.

¹⁰ *Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions, EU Biodiversity Strategy for 2030, Bringing nature back into our lives* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030 An dúlra a thabhairt ar ais inár saol], COM/2020/380 final.

¹¹ *Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions, A Farm to Fork Strategy for a fair, healthy and environmentally-friendly food system* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíochta agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Straitéis ón bhFeirm go dtí an Forc le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhiobhálach don chomhshaol], COM/2020/381 final.

¹² *Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions, A new EU Forest Strategy: for forests and the forest-based sector* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig

maidir le Truailliú Nialasach¹³ agus straitéisí ábhartha eile¹⁴ a forbraíodh faoin gComhaontú Glas don Eoraip, cuirtear i dtábhacht a thuilleadh an tábhacht a bhaineann le gníomhaíocht um chosaint agus athléimneacht foraoise. Go háirithe, tá sé d'aidhm ag Straitéis Bithéagsúlachta an Aontais an dúlra a chosaint agus díghrádú éiceachóras a fhreaschur. Ar deireadh, le Straitéis Bithghuilleagair an Aontais¹⁵ feabhsaítear cosaint an chomhshaoil agus na n- éiceachóras agus aghaidh á tabhairt freisin ar an éileamh méadaitheach ar bhia, beatha, fuinneamh, ábhair agus táirgí trí bhealaí nua chun táirgthe agus chun tomhailte a lorg.

- (10) Léirigh na Ballstáit arís agus arís eile gur ábhar imní dóibh an dífhoraioisiú seasmhach. Chuir siad i dtábhacht ós rud é nach leor na beartais atá ann faoi láthair ná an ghníomhaíocht atá á déanamh ar leibhéal domhanda maidir le caomhnú, athbhunú agus bainistíocht inbhuanaithe foraoisí chun an dífhoraioisiú agus an díghrádú foraoise a stopadh, go bhfuil gá le gníomhaíocht fheabhsaithe ón Aontas chun rannchuidiú ar bhealach níos éifeachtaí le baint amach na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna), faoi Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, ar ghlac Ballstáit uile na Náisiún Aontaithe é in 2015. Thacaigh an Chomhairle go sonrach leis an bhfógra ón gCoimisiún sa Teachtaireacht maidir le ‘Dlús a Chur le Gníomhaíocht an Aontais chun Foraoisí an Domhain a Chosaint agus a Athbhunú’ á rá go ndéanadh sé measúnú ar bhearta rialála agus neamhrialála breise agus go dtíolacfhadh sé tograí faoi seach.¹⁶
- (11) Chuir Parlaimint na hEorpa i dtábhacht go bhfuil scrios leanúnach fhoraoisí an domhain nasctha, den chuid is mó, le leathnú na táirgeachta talmhaíochta – go háirithe trí fhoraoisí a thiontú ina dtalamh talmhaíochta atá tiomnaithe do roinnt táirgí agus tráchtearraí ardéilimh a tháirgeadh. Ghlac an Pharlaimint an 22 Deireadh Fómhair 2020 rún¹⁷ i gcomhréir le hAirteagal 225 den Chonradh ar

Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Straitéis nua foraoise don Aontas Eorpach: le haghaidh foraoisí agus na hearnála foraoisbhunaithe], COM(2013) 659 final.

¹³ *Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions, Pathway to a Healthy Planet for All EU Action Plan:*

‘Towards Zero Pollution for Air, Water and Soil’ [Teachtairacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Conair chuig Pláinéad Sláintiúil do Chách Plean Gníomhaíochta AE: ‘I dTreo Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú’], COM/2021/400 final.

¹⁴ e.g. *Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions, A long- term Vision for the EU's Rural Areas - Towards stronger, connected, resilient and prosperous rural areas by 2040* [Teachtairacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Fís fhadtéarmach le haghaidh Cheantair Thuaithe an Aontais – I dtreo ceantair thuaithe níos láidre, níos nasctha, níos athléimní agus níos rathúla faoi 2040], COM (2021) 345 final.

¹⁵ *Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions, A sustainable bioeconomy for Europe, Strengthening the connection between economy, society and the environment* [Teachtairacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Bithghuilleagar inbhuanaithe don Eoraip, An ceangal idir an geilleagar, an tsochaí agus an comhshaoil a neartú]: straitéis bhithghuilleagar tugtha cothrom le dáta, Straitéis Bhithghuilleagair Tugtha Cothrom le Dáta, COM(2018) 273 final.

¹⁶ Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Teachtaireacht maidir le Dlús a Chur le Gníomhaíocht an Aontais chun Foraoisí an Domhain a Chosaint agus a Athbhunú (an 16 Nollaig 2019) 15151/19. Le fáil ag <https://www.consilium.europa.eu/media/41860/st15151-en19.pdf>.

¹⁷ Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 22 Deireadh Fómhair 2020 lena ngabhann moltaí chuig an gCoimisiún maidir le creat dlíthiúil de chuid AE chun an dífhoraioisiú domhanda atá faoi thionchar AE a stopadh agus a fhreaschur (2020/2006(INL)) Le fáil ag https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-9-2020-0285_GA.html.

Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) á iarraidh ar an gCoimisiún togra a chur isteach, ar bhonn Airteagal 192(1) CFAE, le haghaidh ‘creat dlíthiúil de chuid AE chun an dífhoraóisíú domhanda atá faoi thionchar AE a stopadh agus a fhreaschur’.

- (12) Tá an comhrac in aghaidh an dífhoraóisithe agus an díghrádaithe foraoise ina chuid thábhachtach den phacáiste beart is gá chun astaíochtaí gáis ceaptha teasa a laghdú agus gealltanas an Aontais a chomhlíonadh faoin gComhaontú Glas don Eoraip mar aon le Comhaontú Pháras 2015 maidir leis an Athrú Aeráide¹⁸, agus an gealltanas atá ceangailteach ó thaobh dlí de faoi Dhlí an Aontais maidir leis an Aeráid chun an aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 agus astaíochtaí gáis ceaptha teasa a laghdú faoi 55 % ar a laghad faoi leibhéil 1990 faoi 2030.
- (13) Spreagann leathnú talmhaíochta beagnach 90 % den dífhoraóisíú domhanda, agus is é tiontú foraoise ina talamh curaíochta is cúis le breis agus leath den chailliúint foraoise, cé go bhfuil innilt beostoic freagrach as beagnach 40 faoin gcéad de chailliúint foraoise¹⁹.
- (14) D'allmhairigh agus thomhail an tAontas an tríú cuid de na táirgí talmhaíochta a trádáladh go domhanda atá bainteach leis an dífhoraóisíú idir 1990 agus 2008. Thar an tréimhse sin, bhí tomhaltas an Aontais freagrach as 10 % den dífhoraóisíú ar fud an domhain a bhí bainteach le táirgeadh earraí nó seirbhísí. Fiú má tá laghdú ag teacht ar sciar coibhneasta thomhaltas an Aontais, tá tomhaltas an Aontais ina spreagthóir dífhoraóisíúcháin díréireach mór. Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas beart a dhéanamh chun íoslaghdú a dhéanamh ar an dífhoraóisíú domhanda agus ar an díghrádú foraoise atá faoi thionchar a thomhaltais maidir le tráchtearraí agus táirgí áirithe agus leis sin féachaint lena rannchuidiú le hastaíochtaí gáis ceaptha teasa agus cailliúint na bithéagsúlachta dhomhanda a laghdú mar aon le patrúin táirgeachta agus tomhaltais inbhuanaithe a chur chun cinn san Aontas agus go domhanda. Chun go mbeidh an tionchar is mó aige, ba cheart é a bheith d'aidhm ag beartas an Aontais tionchar a imirt ar an margadh domhanda, seachas ar shlabhraí soláthair chuig an Aontas agus orthu sin amháin. Tá comhpháirtíochtaí agus comhar idirnáisiúnta éifeachtúil le tíortha táirgthe agus tomhaltóra fíor- riachtanach ina leith sin.
- (15) Is cuid fhíor- riachtanach de na SDGanna an dífhoraóisíú agus an díghrádú foraoise a stopadh. Leis an Rialachán seo ba cheart rannchuidiú go háirithe leis na spriocanna a chomhlíonadh maidir leis an mbeatha ar thalamh (SDG 15), gníomhú ar son na haeráide (SDG 13), tomhaltas agus táirgeacht fhreagrach (SDG 12), ocras nialais (SDG 2) agus sláinte mhaith agus folláine (SDG 3). Maidir le sprioc ábhartha 15.2 chun an dífhoraóisíú a stopadh faoi 2020 níor comhlíonadh í, rud a léiríonn an phráinn atá le gníomhaíocht uailmhianach agus éifeachtach.
- (16) Leis an Rialachán seo ba cheart freagairt freisin do Dhearbhú Nua- Eabhrac maidir le Foraoisí²⁰, dearbhú polaitiúil nach bhfuil ceangailteach ó thaobh dlí de lena bhformhuinítear amlíne dhomhanda chun cailliúint foraoise nádúrtha a ghearradh ina dhá leath faoi 2020, agus féachaint le deireadh a chur léi faoi 2030. D'fhorghuinigh na scórtha rialtas an Dearthú, roinnt de na cuideachtaí is mó ar domhan, agus eagraíochtaí mórtionchair ón tsochaí shibhialta agus ón bpobal dúchasach. Iarradh ar

¹⁸ Rud a dhaingnigh an tAontas an 5 Deireadh Fómhair 2016 agus a tháinig i bhfeidhm an 4 Samhain 2016.

¹⁹ FAO Suirbhé Cianbhraiteachta Domhanda nua, 6 Samhain 2021 – *FAO Remote Sensing Survey reveals tropical rainforests under pressure as agricultural expansion drives global deforestation* [Nochtar le FAO Suirbhé Cianbhraiteachta Domhanda go bhfuil foraoisí trópaiceacha báistí faoi bhrú i ngeall ar an dífhoraóisíú domhanda faoi thionchar leathnú na talmhaíochta].

²⁰ <https://unfccc.int/news/new-york-declaration-on-forests>

an earnáil phríobháideach leis freisin an sprioc a chomhlíonadh maidir le deireadh a chur leis an dífhoraóisíú ó tháirgeadh tráchtearraí talmhaíochta amhail táirgí ola pailme, soighe, páipéir agus táirgí mairteola faoi thráth nach déanaí ná 2020, sprioc nár baineadh amach. Leis an Rialachán ba cheart rannchuidiú ina theannta sin le Plean Straitéiseach na Náisiún Aontais le haghaidh Foraoisí, 2017- 2030²¹, arb í an Sprioc Foraoise Domhanda 1 dá chuid cailliúint an chumhdaigh foraoise a fhreascur ar fud an domhain trí bhainistíocht inbhuanaithe foraoisí, lena n- áirítear cosaint, athbhunú, foraoisíú agus athfhoraóisíú, agus cur le hiarrachtaí chun an díghrádú foraoise a chosc agus rannchuidiú foraoisí leis an athrú aeráide a fheabhsú.

- (17) Leis an Rialachán seo ba cheart freagairt freisin do Dhearbhú 2021 Cheannairí Ghlaschú ar Fhoroisí agus Talamhúsáid²² lena n- aithnítear ‘chun ár spriocanna maidir le talamhúsáid, an aeráid, an bhitheagsúlacht agus ár Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a chomhlíonadh, go domhanda agus go náisiúnta araon, go gceanglófar breis gníomhaíocht chlaohlaitheach sna réimsí idirnasctha a bhaineann leis an táirgeacht agus an tomhaltas inbhuanaithe; forbairt bonneagair; trádáil, maoiniú agus infheistíocht; agus tacaíocht le haghaidh feirmeoirí beaga, pobail dhúchasacha, agus pobail áitiúla’. Chuir na sínitheoirí i dtábhacht sa Dearthbhú sin freisin go neartóidh siad a n- iarrachtaí comhroinnte chun éascaíocht a dhéanamh ar bheartais trádála agus forbartha, go hidirnáisiúnta agus go hintíre, beartais lena gcuirfear chun cinn an fhorbairt inbhuanaithe agus táirgeacht agus tomhaltas inbhuanaithe tráchtearraí, a oibríonn chun tairbhe fhrithpháirteach na dtíortha, agus nach mbeidh ina spreagadh le haghaidh an dífhoraóisithe ná an díghrádaithe talún.
- (18) Mar chomhalta den Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT), tá an tAontas tiomanta do chóras trádála iltaobhach atá uilíoch, bunaithe ar rialacha, oscailte, trédhearcach, intuatha, ionchuimsitheach, neamh- idirdhealaitheach agus cothromasach a chur chun cinn faoi EDT, mar aon le beartas trádála oscailte, inbhuanaithe agus teanntásach. Le raon feidhme an Rialacháin seo áireofar, dá bhrí sin, tráchtearraí agus táirgí a tháirgtear laistigh den Aontas agus tráchtearraí agus táirgí a allmhairítear chuig an Aontas araon.
- (19) Leanann an Rialachán seo freisin **an Teachtaireacht ón gCoimisiún ‘Beartas Trádála atá Oscailte, Inbhuanaithe agus Teanntásach’²³** inar sonraíodh gurb amhlaidh le dúshlán inmheánacha agus sheachtracha nua agus go háirithe samhail fáis nua atá níos inbhuanaithe mar a shainmhínítear leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus le Straitéis dhigiteach na hEorpa, atá gá ag an Aontas le straitéis beartais trádála nua – straitéis lena dtacófar lena chuspóirí beartais seachtracha agus intíre a bhaint amach agus lena gcuirfear chun cinn inbhuanaitheacht níos mó i gcomhréir lena ghealltanais chun Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme go hiomlán. Ní mór ról iomlán a bheith ag an mbeartas trádála sa téarnamh ó phaindéim COVID- 19 agus i gclaochluithe glasa agus digiteacha an gheilleagair agus i dtreo an Eoraip, agus í níos athléimní, a thógáil ar domhan.

²¹ https://www.un.org/esa/forests/wp-content/uploads/2016/12/UNSPF_AdvUnedited.pdf

²² <https://ukcop26.org/glasgow-leaders-declaration-on-forests-and-land-use/>.

²³ *Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions, Trade Policy Review - An Open, Sustainable and Assertive Trade Policy* [Teachtairacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Athbhreithniú ar an mBeartas Trádála – Beartas Trádála Oscailte, Inbhuanaithe agus Teanntásach], COM(2021) 66 final, 18 Feabhra 2021.

- (20) Ba cheart an Rialachán seo a bheith ina chomhlánú ar bhearta eile a bheartaítear sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le ‘Dlús a Chur le Gníomhaíocht an Aontais chun Foraoisí an Domhain a Chosaint agus a Athbhunú’²⁴, go háirithe: 1) oibriú i gcomhpháirtíocht le tíortha táirgíochta, chun tacú leo aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna an dífhoraoisithe, amhail rialachas lag, forfheidhmiú neamhéifeachtach an dlí agus éilliú, agus 2) comhar idirnáisiúnta le príomhthíortha tomhaltóra a neartú chun glacadh beart comhchosúil a chur chun cinn ionas nach gcuirfear táirgí a thagann ó shlabhraí soláthair atá bainteach leis an dífhoraioisiú agus leis an díghrádú foraoise ar a margaí.
- (21) Ba cheart don Choimisiún leanúint de bheith ag obair i gcomhpháirtíocht le tíortha táirgíochta agus ar bhealach níos ginearálta i gcomhar le heagraíochtaí agus le comhlachtaí idirnáisiúnta, agus ba cheart dó a bheith ag treisiú a thacaíochta agus a dhreasachtaí maidir le foraoisí a chosaint agus leis an aistriú chuig táirgeacht gan dífhoraioisiú, agus ról daoine dúchasacha á aithint, feabhas á chur ar rialachas agus ar thionacht talún, méadú á dhéanamh ar fhorfheidhmiú an dlí agus bainistíocht inbhuanaithe foraoise, talmhaíocht atá athléimneach ó thaobh aeráide de, diansaothrú agus éagsúlú inbhuanaithe, agra- éiceolaíocht agus agraforaoiseacht á gcur chun cinn. Ar an mbealach sin ba cheart dó ról daoine dúchasacha a aithint maidir le foraoisí a chosaint. Ag cur leis an taithí agus leis na ceachtanna a foghlaimíodh i gcomhthéacs na dtionscnamh atá ann cheana, ba cheart don Aontas agus do na Ballstáit oibriú i gcomhpháirtíocht le tíortha táirgíochta, arna iarraidh sin dóibh, chun ilfheidhmiúlachtaí foraoise a shaothrú, tacú leo leis an aistriú chuig bainistíocht inbhuanaithe foraoise, agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda agus riachtanais áitiúla á gcomhlíonadh agus aird á tabhairt ar na dúshláin atá roimh fheirmeoirí beaga i gcomhréir leis an Teachtaireacht maidir le Dlús a Chur leis an nGníomhaíocht chun Foraoisí an Domhain a Chosaint agus a Athbhunú. Leis an gcur chuige comhpháirtíochta ba cheart cuidiú le tíortha táirgíochta chun foraois a chosaint, a athbhunú agus a úsáid go hinbhuanaithe, agus rannchuidiú á dhéanamh, dá réir sin, le cuspóir an Rialacháin seo chun an dífhoraioisiú agus an díghrádú foraoise a laghdú.
- (22) Gníomhaíocht thábhachtach eile a fógraíodh sa Teachtaireacht is ea bunú Fhaireachlann an Aontais um an dífhoraioisiú, an díghrádú foraoise, athruithe i gcumhdach foraoise an domhain agus spreagthóirí comhlachaithe (‘Faireachlann an Aontais’) a sheol an Coimisiún chun faireachán níos fearr a dhéanamh ar athruithe i gcumhdach foraoise an domhain agus i spreagthóirí gaolmhara. Thairis sin, ag cur le huirlisí faireacháin atá ann cheana, lena n- áirítear táirgí Copernicus, déanfaidh Faireachlann an Aontais éascaíocht ar rochtain ar fhaisnéis maidir le slabhraí soláthair le haghaidh eintitis phoiblí, tomhaltóirí agus gnólachtaí, agus sonraí agus faisnéis intuigthe á soláthar lena nasctar an dífhoraioisiú, an díghrádú foraoise, agus athruithe i gcumhdach foraoise an domhain le héileamh an Aontais ar thráchtearraí agus ar tháirgí agus le trádáil an Aontais lena n- aghaidh. Dá réir sin, le Faireachlann an Aontais tacófar go díreach le cur chun feidhme an Rialacháin seo trí fhianaise eolaíoch a sholáthar maidir leis an dífhoraioisiú domhanda agus an díghrádú foraoise agus trádáil ghaolmhar. Rachaidh Faireachlann an Aontais i ndlúthchomhar le heagraíochtaí idirnáisiúnta, institiúidí taighde, agus tríú tíortha ábhartha.
- (23) Leis an gcreat reachtach de chuid an Aontais atá ann cheana dírithe ar dhul i ngleic le lománaíocht neamhdhleathach agus ar thrádáil chomhlachaithe agus ní thugtar aghaidh ar an dífhoraioisiú go díreach. Is é atá ann Rialachán (AE) Uimh. 995/2010 ó

²⁴

COM(2019) 352 final.

Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, lena leagtar síos oibleagáidí na n-oibreoirí a chuireann adhmaid agus táirgí adhmaid ar an margadh²⁵, agus Rialachán (CE) Uimh. 2173/2005 ón gComhairle maidir scéim ceadúnúcháin um Fhorfheidhmiú an Dlí, Rialachas agus Trádáil i dtaca le Foraoisí a bhunú le haghaidh allmhairí adhmaid isteach sa Chomhphobal Eorpach²⁶. Rinneadh meastóireacht ar an dá Rialachán i Seiceáil Oiriúnachta lenar cinneadh, cé go raibh tionchar dearfach ag an reachtaíocht ar rialachas foraoise, nár comhlíonadh cuspóirí ceachtar Rialachán, eadhon lománaíocht neamhdhleathach agus trádáil ghaolmhar a stopadh, agus laghdú a dhéanamh ar thomhaltas adhmaid a lománaíodh go neamhdhleathach san Aontas²⁷, agus thángthas ar an gconclúid nár leordhóthanach díriú ar dhlíthiúlacht adhmaid amháin chun na cuspóirí socraithe a chomhlíonadh.

- (24) Deimhnítear leis na tuarascálacha atá ar fáil go bhfuil cuid shuntasach den dífhoraísiú leanúnach dlíthiúil de réir dhlíthe na tíre táirgthe. Le tuarascáil a foilsíodh le déanaí²⁸ meastar gurb amhlaidh idir 2013 agus 2019 a bhí thart ar 30 % den dífhoraísiú a bhí dírithe ar an talmhaíocht tráchtála i dtíortha trópaiceacha dlíthiúil. Sna sonraí atá ar fáil is gnách go ndírítear ar thíortha ag a bhfuil rialachas lag – d'fhéadfadh sé go mbeadh an sciar domhanda den dífhoraísiú atá neamhdhleathach ní b'íse, ach soláthraítear sonraí soiléire iontu cheana lena léirítear go ndéantar dochar d'éifeachtacht na mbeart a bhaineann le beartais má fhágtar an dífhoraísiú atá dlíthiúil sa tír tháirge as an áireamh.
- (25) Leis an measúnú tionchair maidir le bearta beartais féideartha chun aghaidh a thabhairt ar an dífhoraísiú agus ar an díghrádú foraoise faoi thionchar an Aontais, le conclúidí ón gComhairle agus le rún 2020 ó Pharlaimint na hEorpa sainaithnítear go soiléir gur gá an dífhoraísiú agus an díghrádú foraoise a bhunú mar na treoircritéir le haghaidh bearta atá le teacht ón Aontas. Dá bhrí sin, leis an gcreat dlíthiúil nua ón Aontas ba cheart aghaidh a thabhairt ar an dlíthiúlacht agus ar cé acu atá nó nach bhfuil táirgeadh tráchtearraí agus táirgí ábhartha gan dífhoraísiú.
- (26) Ba cheart an sainmhíniú ar 'gan dífhoraísiú' a bheith sách leathan chun an dífhoraísiú agus an díghrádú foraoise araon a chumhdach, ba cheart soiléireacht dhlíthiúil a sholáthar leis, agus ba cheart é a bheith intomhaiste bunaithe ar shonraí atá cainníochtúil, oibiachtúil agus aitheanta go hidirnáisiúnta.
- (27) Leis an Rialachán ba cheart na tráchtearraí sin a chumhdach a bhfuil tomhaltas an Aontais maidir leo ar an tomhaltas is ábhartha ó thaobh an dífhoraísiú domhanda agus an díghrádú foraoise a spreagadh agus ar lena n-aghaidh a d'fhéadfaí na tairbhí is airde in aghaidh luach aonaid na trádála a thabhairt le hidirghabháil bheartais ón Aontas. Athbhreithniú cuimsitheach ar an litríocht eolaíoch, eadhon ar phríomhfhoinsí lena meastar tionchar thomhaltas an Aontais ar an dífhoraísiú domhanda agus lena nasctar an lorg sin le tráchtearraí sonracha, rinneadh é mar chuid den staidéar lena dtacaítear leis an Measúnú Tionchair agus cros-seiceáladh é trí chomhairliúchán forleathan le geallsealbhóirí. Leis an bpróiseas sin soláthraíodh an chéad liosta d'ocht dtráchtearra. Áiríodh adhmaid go díreach sa raon feidhme ós rud é gur cumhdaíodh

²⁵ IO L 295, 12.11.2010, lch. 23.

²⁶ IO L 347, 30.12.2005, lch. 1.

²⁷

²⁸ https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/11630-Lomanaíocht-neamhdhleathach-meastóireacht-ar-rialacha-an-Aontais-seiceail-oiriunachta-_ga

https://www.forest-trends.org/wp-content/uploads/2021/05/Illicit-Harvest-Complicit-Goods_rev.pdf

cheana é le EUTR. Laghdaíodh liosta na dtráchtearraí thairis sin ansin trí anailís éifeachtúlachta sa Mheasúnú Tionchair. Leis an anailís éifeachtúlachta sin rinneadh heicteáir an dífhoraoisithe atá nasctha le tomhaltas an Aontais, mar a measadh i bpáipéar taighde le déanaí²⁹, le haghaidh gach ceann de na tráchtearraí sin a chur i gcomparáid lena meánluach d'allmhairí an Aontais. De réir an pháipéir taighde a úsáideadh le haghaidh na hanailíse éifeachtúlachta, seasann sé thráchtearra don sciar is mó den dífhoraioisiú faoi thionchar an Aontais i measc na n- ocht dtráchtearra ar a ndearnadh anailís sa pháipéar taighde sin: ola pailme (33.95 %), soighe (32.83 %), adhmaid (8.62 %), cócó (7.54 %), caife (7.01 %) agus mairteoil (5.01 %).

- (28) Á mheabhrú gur cheart úsáid tráchtearraí agus táirgí ábhartha athchúrsáilte a spreagadh, agus go gcuirfí ualach díréireach ar oibreoirí dá ndéanfaí na tráchtearraí agus na táirgí sin a áireamh i raon feidhme an Rialacháin seo, ba cheart seantráchtearraí agus seantáirgí a bhfuil a saolré tagtha chun críche, agus a dhiúschrófaí mar dhramhaíl murach sin, a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin seo.
- (29) Ba cheart oibleagáidí maidir le tráchtearraí agus le táirgí ábhartha a leagan síos leis an Rialachán seo chun an dífhoraioisiú agus an díghrádú foraoise a chomhrac go héifeachtach, agus chun slabhraí soláthair gan dífhoraioisiú a chur chun cinn.
- (30) Maidir le roinnt eagraíochtaí agus comhlachtaí idirnáisiúnta (e.g. Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe, an Painéal Idir- Rialtasach ar an Athrú Aeráide, Clár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe, Comhaontú Pháras, an tAontas Idirnáisiúnta do Chaomhnú an Dúlra, an Coinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch), d'fhorbair siad obair i réimse an dífhoraoisithe agus an díghrádaithe foraoise agus cuirtear leis an obair sin leis na sainmhínithe sa Rialachán seo.
- (31) Ba cheart spriocdháta a shocrú chun bunús a sholáthar leis an meastóireacht ar cé acu a bhí nó nach raibh an talamh lena mbaineann faoi réir an dífhoraoisithe nó an díghrádaithe foraoise, rud a chiallaíonn nach gceadófaí aon tráchtearra ná táirge i raon feidhme an Rialacháin seo a thabhairt isteach i margadh an Aontais ná a onnmhairiú dá dtáirgfí iad ar thalamh a bhí faoi réir an dífhoraoisithe nó an díghrádaithe foraoise tar éis an dáta sin. Ba cheart foráil a dhéanamh leis maidir leis an bhfiorú agus leis an bhfaireachán iomchuí, é a bheith ag comhfhreagairt do ghealltanais idirnáisiúnta atá ann cheana, amhail na SDGanna agus Dearbhú Nua- Eabhrac maidir le Foraoisí, agus, dá réir sin, íoslaghdu á dhéanamh ar cur isteach tobann ar shlabhraí soláthair agus aon dreasacht a bhaint maidir le dlús a chur le gníomhaíochtaí as a n- eascraíonn an dífhoraioisiú agus an díghrádú foraoise i bhfianaise theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.
- (32) Chun neartú a dhéanamh ar rannchuidiú an Aontais leis an dífhoraioisiú agus leis an díghrádú foraoise a stopadh, agus chun a áirithiú nach gcuirfear tráchtearraí ná táirgí ó shlabhraí soláthair a bhaineann leis an dífhoraioisiú agus leis an díghrádú foraoise ar mhargadh an Aontais, níor cheart tráchtearraí ná táirgí ábhartha a chur ar mhargadh an Aontais ná a chur ar fáil air, ná a onnmhairiú ó mhargadh an Aontais, mura rud é go bhfuil siad gan dífhoraioisiú agus gur táirgeadh iad i gcomhréir le reachtaíocht ábhartha na tíre táirgthe. Chun a dheimhniú gurb é sin an cás, ba cheart ráiteas maidir le dícheall cuí a bheith ag gabháil leo i gcónaí.
- (33) Ar bhonn cur chuige córasach, ba cheart d'oibreoirí na bearta iomchuí a dhéanamh chun a shuí go gcomhlíonann na tráchtearraí agus na táirgí ábhartha a bheartaíonn siad a chur ar mhargadh an Aontais ceanglais gan dífhoraioisiú agus ceanglais dlíthiúlachta

²⁹ Pendrill F., Persson U. M., Kastner, T. 2020.

an Rialacháin seo. Chuige sin, ba cheart d'oibreoírí nósanna imeachta um dhícheall cuí a bhunú agus a chur chun feidhme. Ba cheart trí eilimint a áireamh sa nós imeachta um dhícheall cuí a cheanglaítear leis an Rialachán seo: ceanglais faisnéise, measúnú riosca agus bearta maolúcháin riosca. Ba cheart na nósanna imeachta um dhícheall cuí a dhearadh chun rochtain a sholáthar ar fhaisnéis maidir le foinsí agus le soláthróirí na dtráchtearraí agus na dtáirgí atá á gcur ar mhargadh an Aontais, lena n-áirítear faisnéis lena léirítear go bhfuil na ceanglais maidir le heaspa dífhoraoisithe agus díghrádaithe foraoise agus na ceanglais dlíthiúlachta á gcomhlíonadh, *inter alia* trí thír agus trí limistéar an táirgthe a shainaithint, lena n-áirítear comhordanáidí suímh gheografaigh na ndáileachtaí ábhartha talún. Leis na comhordanáidí suímh gheografaigh sin atá ag brath ar uainiú, suíomh agus/nó faire na Cruinne, d'fhéadfaí úsáid a bhaint as sonraí spáis agus seirbhísí a soláthraíodh faoi chlár spáis an Aontais (EGNOS/Galileo agus Copernicus). Ar bhonn na faisnéise sin, ba cheart d'oibreoírí measúnú riosca a dhéanamh. I gcás ina sainaithnítear riosca, ba cheart d'oibreoírí an riosca sin a mhaolú chun riosca nialais nó diomaibhseach a bhaint amach. Níor cheart a cheadú don oibreoír an tráchtearra ná an táirge ábhartha a chur ar mhargadh an Aontais ná a onnmhairiú ach amháin tar éis na mbearta a cheanglaítear maidir leis an nós imeachta um dhícheall cuí a dhéanamh agus teacht ar an gconclúid nach ann d'aon riosca lena léirítear nach gcomhlíonann an tráchtearra ná an táirge ábhartha an Rialachán seo nó nach ann ach do riosca diomaibhseach gurb amhlaidh sin.

- (34) Ba cheart do na hoibreoírí freagracht a ghlacadh go foirmiúil as comhlíontacht na dtráchtearraí nó na dtáirgí ábhartha a bheartaíonn siad a chur ar mhargadh an Aontais nó a onnmhairiú trí ráitis maidir le dícheall cuí a chur ar fáil. Leis an Rialachán seo ba cheart teimpléad le haghaidh na ráiteas sin a sholáthar. Tá coinne leis go n-éascófar leis sin forfheidhmiú an Rialacháin seo trí na húdaráis inniúla agus na cúirteanna mar aon le comhlíontacht ó oibreoírí a mhéadú.
- (35) Chun dea-chleachtas a aithint, d'fhéadfaí scéimeanna deimhniúcháin nó scéimeanna eile atá fíoraithe ag tríú páirtithe a úsáid sa nós imeachta um measúnú riosca, ach níor cheart dóibh freagracht an oibreora a ionadú, áfach, a mhéid a bhaineann le dícheall cuí.
- (36) Ba cheart do thrádálaithe a bheith freagrach as faisnéis a bhailiú agus a choimeád lena n-áiríthítear trédhearcacht shlabhra soláthair na dtráchtearraí agus na dtáirgí ábhartha a chuireann siad ar fáil ar an margadh. Tá tionchar suntasach ag trádálaithe móra nach fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) iad ar shlabhraí soláthair agus tá ról tábhachtach acu chun a áirithiú go mbeidh siad gan dífhoraoisíú agus ba cheart na hoibleagáidí céanna a bheith orthu, dá bhrí sin, agus atá ar oibreoírí.
- (37) Chun an trédhearcacht a chothú agus forfheidhmiú a éascú, ba cheart d'oibreoírí nach FBManna iad, ar bhonn bliantúil, tuairisciú go poiblí ar a gcóras díchill chuí, lena n-áirítear maidir leis na bearta a rinneadh chun a n-oibleagáidí a chur chun feidhme.
- (38) Ionstraimí reachtacha eile ón Aontas lena leagtar amach ceanglais maidir le dícheall cuí sa slabhra luacha maidir le drochthionchair ar chearta an duine nó le drochthionchair chomhshaoil, ba cheart feidhm a bheith acu a mhéid nach ann d'aon fhoráil shonrach leis an gcuspóir, leis an gcineál nó leis an éifeacht chéanna sa Rialachán seo a fhéadfar a oiriúnú i bhfianaise leasuithe reachtacha amach anseo. Níor cheart cur i bhfeidhm ionstraimí reachtacha eile ón Aontas a eisiamh, lena leagtar síos ceanglais maidir le dícheall cuí i leith an tslabhra luacha, de thoradh gurb ann don Rialachán seo. I gcás ina ndéanfar foráil leis na hionstraimí reachtacha eile sin ón Aontas maidir le forálacha níos sonraí nó ina gcuirfear ceanglais leo leis na forálacha a

leagtar síos sa Rialachán seo, ba cheart na forálacha sin a chur i bhfeidhm i gcomhar le forálacha an Rialacháin seo. Thairis sin, i gcás ina mbeidh níos mó forálacha sonracha sa Rialachán seo, níor cheart iad a léirmhíniú ar bhealach lena ndéantar dochar do chur i bhfeidhm éifeachtach ionstraimí reachtacha eile ón Aontas maidir le dícheall cuí nó do bhaint amach a n- aidhme ginearálta.

- (39) Oibreoirí a thagann faoi raon feidhme ionstraimí reachtacha eile ón Aontas lena leagtar amach ceanglais maidir le dícheall cuí sa slabhra luacha maidir le drochthionchair ar chearta an duine nó le drochthionchair chomhshaoil, ba cheart dóibh a bheith in ann na hoibleagáidí tuairisciúcháin faoin Rialachán seo a chomhlíonadh tríd an bhfaisnéis a cheanglaítear a áireamh agus tuairisciú á dhéanamh faoin ionstraim reachtach eile ón Aontas.
- (40) Ba cheart do na Ballstáit a bheith freagrach as an Rialachán seo a fhorfheidhmiú, agus ba cheart a cheangal ar na húdaráis inniúla dá gcuid a áirithiú go gcomhlíonfar an Rialachán seo go hiomlán. Forfheidhmiú aonfhoirmeach ar an Rialachán seo a mhéid a bhaineann le tráchtearraí agus le táirgí ábhartha a bheith á dtabhairt isteach i margadh an Aontais nó á gcur amach as, ní féidir é a bhaint amach ach amháin trí mhalartú faisnéise agus comhar córasach idir na húdaráis inniúla, na húdaráis chustaim agus an Coimisiún.
- (41) Tá cur chun feidhme agus forfheidhmiú éifeachtach agus éifeachtúil an Rialacháin seo fíor- riachtanach chun a spriocanna a bhaint amach. Chuige sin, ba cheart don Choimisiún córas faisnéise a chur ar bun agus a bhainistiú chun tacú leis na hoibreoirí agus leis na húdaráis inniúla an fhaisnéis is gá a chur i láthair agus a rochtain maidir le tráchtearraí agus le táirgí ábhartha a chuirtear ar an margadh. Ba cheart do na hoibreoirí na ráitis maidir le dícheall cuí a chur faoi bhráid an chórais faisnéise. Ba cheart an córas faisnéise a bheith inrochtana ag na húdaráis inniúla agus ag na húdaráis chustaim chun éascaíocht a dhéanamh ar a n- oibleagáidí a chomhlíonadh faoin Rialachán seo. Ba cheart an córas faisnéise a bheith inrochtana ag pobal níos leithne freisin, agus na sonraí anaithnidithe á soláthar i bhformáid oscailte mheaisín- inléite i gcomhréir le Beartas Sonraí Oscailte an Aontais.
- (42) Maidir leis na tráchtearraí ábhartha a thugtar isteach i margadh an Aontais nó a chuirtear amach as, tá sé de chúram ar na húdaráis inniúla fíorú a dhéanamh ar chomhlíontacht tráchtearraí agus táirgí ábhartha leis na hoibleagáidí faoin Rialachán seo, cé gurb é ról na n- údarás custaim a áirithiú go gcuirfear an tagairt do ráiteas maidir le dícheall cuí ar fáil sa dearbhú custaim i gcás inarb infheidhme agus, ina theannta sin ón tráth a chuirfear an comhéadan leictreonach i bhfeidhm chun faisnéis a mhalartú idir na húdaráis chustaim agus na húdaráis inniúla, chun stádas an ráitis maidir le dícheall cuí a sheiceáil tar éis anailís riosca tosaigh a bheith déanta ag na húdaráis inniúla sa Chóras Faisnéise agus gníomhú dá réir sin (i.e. tráchtearra nó táirge a chur ar fionraí nó a dhiúltú má iarrtar orthu amhlaidh a dhéanamh tríd an stádas sa Chóras Faisnéise). Leis an eagrú sonrach sin ar rialuithe faightear réidh le cur i bhfeidhm Chaibidil VII de Rialachán (AE) 2019/1020 a mhéid a bhaineann le cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú an Rialacháin seo.
- (43) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh acmhainní airgeadais leordhóthanacha ar fáil i gcónaí chun foireann agus trealamh a sholáthar go hiomchuí do na húdaráis inniúla. Bíonn seiceálacha éifeachtúla iontach trom ar acmhainní, agus ba cheart acmhainní cobhsaí a sholáthar ar leibhéal atá iomchuí maidir le riachtanais an fhorfheidhmithe ag aon tráth ar leith. Ba cheart an deis a bheith ag na Ballstáit an maoiniú poiblí a fhorlíonadh trí na costais a thabhaítear agus seiceálacha á ndéanamh i

ndáil le tráchtearraí agus le táirgí ábhartha, a suíodh a bheith neamhchomhlíontach, a éileamh ar ais ó na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha.

- (44) Tá an Rialachán seo gan dochar do reachtaíocht eile ón Aontas maidir le hearraí agus le táirgí a thugtar isteach san Aontas nó a chuirtear amach as, go háirithe forálacha Chód Custaim an Aontais a mhéid a bhaineann le cumhachtaí na n- údarás custaim agus le rialuithe custaim. Ba cheart a mheabhrú d'allmhaireoirí go bhforáiltear le hAirteagail 220, 254, 256, 257 agus 258 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle go ndéanfar táirgí atá á dtabhairt isteach i margadh an Aontais a gceanglaítear tuilleadh próiseála a dhéanamh orthu a chur faoin nós imeachta custaim iomchuí lena gcumasaítear an phróiseáil sin. Go ginearálta, níor cheart scaoileadh i saorchúrsaíocht ná onnmhairiú a mheas ina chruthúnas ar chomhlíonadh dhlí an Aontais, toisc nach gá go n- áirítear rialú iomlán ar chomhlíontacht leis an scaoileadh sin.
- (45) Chun próiseas rialúcháin na dtráchtearraí agus a dtáirgí ábhartha a thugtar isteach i margadh an Aontais nó a chuirtear amach as, a bharrfheabhsú agus chun an t- ualach a bhaint den phróiseas, is gá comhéadain leictreonacha a chur ar bun lena gceadaítear an t- aistriú sonraí uathoibríoch idir córais chustaim agus Córas Faisnéise na n- údarás inniúil. Tá timpeallacht Fhuinneog Aonair an Aontais do chustaim ar an iarrthóir nádúrtha chun tacú leis na haistrithe sonraí sin. Ba cheart na comhéadain a bheith an- uathoibríthe agus so- úsáidte, agus ba cheart ualach breise ar na húdaráis chustaim a theorannú. Thairis sin, i bhfianaise na ndifríochtaí teoranta idir na sonraí atá le dearbhú faoi seach sa dearbhú custaim agus an ráiteas maidir le dícheall cuí, is iomchuí cur chuige 'gnólacht- chuig- rialtas' a mholadh ina ndéanann trádálaithe agus oibreoirí eacnamaíocha an ráiteas maidir le dícheall cuí de chuid tráchtearra nó táirge ábhartha a chur ar fáil trí thimpeallacht ionad ilfhreastail náisiúnta do chustaim agus ina ndéantar an ráiteas sin a tharchur go huathoibríoch chuig an gCóras Faisnéise atá in úsáid ag na húdaráis inniúla. Ba cheart do na húdaráis chustaim agus do na húdaráis inniúla rannchuidiú leis na sonraí atá le tarchur a chinneadh mar aon le haon cheanglas teicniúil eile.
- (46) Athraíonn an riosca a bhaineann le tráchtearraí agus le táirgí neamhchomhlíontacha a bheith á gcur ar an margadh, ag brath ar an tráchtearra agus an táirge agus ar a thír thionscnaimh agus tháirgthe mar aon leis sin. Oibreoirí a fhoinsíonn tráchtearraí agus táirgí ó thíortha nó ó chodanna díobh lena mbaineann ísealriosca maidir le tráchtearraí ábhartha a fhás, a lománú nó a tháirgeadh de shárú ar an Rialachán seo, ba cheart dóibh a bheith faoi réir níos lú oibleagáidí, rud a laghdaíonn costais chomhlíontachta agus an t- ualach riaracháin. Tráchtearraí agus táirgí ó thíortha ardriosca nó ó chodanna díobh, ba cheart iad a bheith faoi réir grinnscrúdú feabhsaithe ó na húdaráis inniúla.
- (47) Ar an gcúis sin, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar riosca an dífhoraoisithe agus an díghrádaithe foraoise ar leibhéal tíre nó codanna di bunaithe ar réimse critéar lena léirítear sonraí cainníochtúla, oibiachtúla agus sonraí a aithnítear go hidirnáisiúnta araon, agus ar thásca go bhfuil na tíortha rannpháirteach go gníomhach sa chomhrac in aghaidh an dífhoraoisithe agus an díghrádaithe foraoise. Leis an bhfaisnéis tagarmharcála sin ba cheart a éascú d'oibreoirí san Aontas dícheall cuí a fheidhmiú agus do na húdaráis inniúla faireachán a dhéanamh ar chomhlíontacht agus í a fhorfheidhmiú, agus dreasacht á soláthar freisin do thíortha táirgíochta chun inbhuanaitheacht a gcóras táirgeachta talmhaíochta a mhéadú agus a dtionchar dífhoraioisiúcháin a laghdú. Ba cheart an méid sin a bheith ina chuidiú le cur le trédhearcacht agus le hinbhuanaitheacht slabhraí soláthair. Ba cheart an córas

tagarmharcála sin a bheith bunaithe ar aicmiú trí chiseal de thíortha atá le meas mar thíortha ísealriosca, riosca chaighdeánaigh nó ardriosca. Chun trédhearcacht agus soiléireacht iomchuí a áirithiú, ba cheart don Choimisiún, go háirithe, na sonraí atá á n-úsáid le haghaidh na tagarmharcála, na cúiseanna le hathrú beartaithe an aicmithe agus freagra na tíre lena mbaineann, a chur ar fáil go poiblí. Le haghaidh tráchtearraí agus táirgí ábhartha ó thíortha ísealriosca nó ó chodanna díobh a shainaithnítear mar thíortha ísealriosca, ba cheart a cheadú d'oibreacha dícheall cuí simplithe a chur i bhfeidhm, cé gur cheart a cheangal ar na húdaráis inniúla grinnschrúdú feabhsaithe a chur i bhfeidhm ar thráchtearraí agus ar tháirgí ábhartha ó thíortha ardriosca nó ó chodanna díobh a aithnítear mar thíortha ardriosca. Ba cheart a chumhachtú don Choimisiún bearta cur chun feidhme a ghlacadh chun na tíortha nó codanna díobh a shuíomh, lena mbaineann ísealriosca nó ardriosca maidir le tráchtearraí agus le táirgí ábhartha a tháirgeadh nach gcomhlíonann an Rialachán seo.

- (48) Ba cheart do na húdaráis inniúla seiceálacha a dhéanamh ag eatraimh thráthrialta ar oibreacha agus ar thrádálaithe chun a fhíorú go gcomhlíonann siad go héifeachtach na hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo. Thairis sin, ba cheart do na húdaráis inniúla seiceálacha a dhéanamh nuair atá faisnéis ábhartha ina seilbh acu agus bunaithe ar fhaisnéis den sórt sin, lena n-áirítear ábhair inní a bhfuil bunús leo atá curtha isteach ag tríú páirtithe. Le haghaidh cumhdach cuimsitheach ar na tráchtearraí agus na táirgí ábhartha, na hoibreacha agus na trádálaithe faoi seach agus méideanna a sciar de thráchtearraí agus de tháirgí, ba cheart feidhm a bheith ag cur chuige dúbailte. Dá bhrí sin, ba cheart a cheangal ar na húdaráis inniúla seiceáil a dhéanamh ar céatadán áirithe d'oibreacha agus de thrádálaithe, agus céatadán sonrach de thráchtearraí agus de tháirgí ábhartha á chumhdach san am ceanna. Ba cheart na céatadáin sin a bheith níos airde le haghaidh tráchtearraí agus táirgí ábhartha ó thíortha ardriosca agus ó chodanna díobh.
- (49) Le seiceálacha na n-oibreacha agus na dtrádálaithe a bheidh le déanamh ag na húdaráis inniúla, ba cheart na córais díchill chuí agus comhlíontacht na dtráchtearraí agus na dtáirgí ábhartha le forálacha an Rialacháin seo a chumhdach. Ba cheart na seiceálacha a bheith bunaithe ar phlean rioscabhunaithe um sheiceálacha. Ba cheart critéir riosca a bheith sa phlean lena gcuirtear ar a gcumas do na húdaráis inniúla anailís riosca a dhéanamh ar na ráitis maidir le dícheall cuí atá curtha isteach ag oibreacha agus ag trádálaithe. Sna critéir riosca ba cheart a chur san áireamh riosca an dífhoraíochta atá bainteach le tráchtearraí agus le táirgí ábhartha sa tír tháirgthe, stair chomhlíontachta na n-oibreacha agus na dtrádálaithe le hoibleagáidí an Rialacháin seo agus aon fhaisnéis ábhartha eile atá ar fáil do na húdaráis inniúla. Leis an anailís riosca ar ráitis maidir le dícheall cuí ba cheart na húdaráis inniúla a bheith in ann aitheantas oibreacha, trádálaithe agus tráchtearraí agus táirgí ábhartha a sheiceáil, agus ba cheart í a dhéanamh ag úsáid teicnící próiseála sonraí leictreonacha sa chóras faisnéise lena mbailítear na ráitis maidir le dícheall cuí.
- (50) I gcás ina nochtfar leis an anailís riosca ar na ráitis maidir le dícheall cuí ardriosca neamhchomhlíontachta tráchtearraí agus táirgí ábhartha sonracha, ba cheart do na húdaráis inniúla a bheith in ann bearta eatramhacha a dhéanamh láithreach ionas nach gcuirfead ar fáil ar mhargadh an Aontais iad. I gcás ina raibh na tráchtearraí agus na táirgí ábhartha sin á dtabhairt isteach i margadh an Aontais nó á gcur amach as, ba cheart do na húdaráis inniúla a iarraidh ar na húdaráis chustaim an scaoileadh i saorchúrsaíocht nó an t-onnmhairiú a chur ar fionraí chun é a chur ar a gcumas do na húdaráis inniúla na seiceálacha is gá a dhéanamh. Ba cheart an iarraidh sin a chur in iúl tríd an gcóras comhéadain idir na húdaráis chustaim agus na húdaráis inniúla.

Maidir le fionraí i dtaca le cur ar mhargadh an Aontais nó cur ar fáil air, scaoileadh i saorchúrsaíocht nó onnmhairiú, ba cheart í a theorannú do 3 lá oibre seachas i gcás ina gceanglóidh na húdaráis inniúla am breise chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht na dtráchtearraí agus na dtáirgí ábhartha leis an Rialachán seo. Sa chás sin, ba cheart do na húdaráis inniúla bearta eatramhacha breise a dhéanamh chun síneadh a chur leis an tréimhse fionraí nó an síneadh sin a iarraidh le haghaidh na n-údarás custaim i gcás ina mbeidh tráchtearraí agus táirgí ábhartha á dtabhairt isteach i margadh an Aontais nó á gcur amach as.

- (51) Ba cheart na pleananna um sheiceálacha a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta ar bhonn thorthaí a chur chun feidhme. Na hoibreoirí sin a léiríonn taifead teiste comhsheasmhach ar chomhlíontacht, ba cheart dóibh a bheith faoi réir seiceálacha ar bhonn níos annaimhe.
- (52) Chun cur chun feidhme agus forfheidhmiú éifeachtach an Rialacháin seo a áirithiú, ba cheart an chumhacht a bheith ag na Ballstáit tráchtearraí agus táirgí ábhartha neamhchomhlíontacha a tharraingt siar agus a aisghairm agus gníomhaíochtaí ceartaitheacha iomchuí a dhéanamh. Ba cheart dóibh a áirithiú freisin go ngearrfar pionóis i leith sáruithe de chuid oibreoirí agus trádálaithe ar an Rialachán seo le pionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha.
- (53) Agus cineál idirnáisiúnta an dífhoraoisithe agus an díghrádaithe foraoise agus na trádála gaolmhaire á chur san áireamh, ba cheart do na húdaráis inniúla dul i gcomhar le chéile, le húdaráis chustaim na mBallstát, leis an gCoimisiún, mar aon le húdaráis riaracháin tríú tíortha. Ba cheart do na húdaráis inniúla dul i gcomhar freisin leis na húdaráis inniúla chun maoirseacht agus forfheidhmiú a dhéanamh ar ionstraimí reachtacha eile ón Aontas lena leagtar amach ceanglais maidir le dícheall cuí sa slabhra luacha maidir le drochthionchair ar chearta an duine nó le drochthionchair chomhshaoil.
- (54) Cé go dtugtar aghaidh leis an Rialachán seo ar an dífhoraioisiú agus ar an díghrádú foraoise, mar a bheartaítear i dTeachtaireacht 2019 ‘Dlús a Chur le Gníomhaíocht an Aontais chun Foraoisí an Domhain a Chosaint agus a Athbhunú’, níor cheart tiontú ná díghrádú éiceachóras nádúrtha eile eascairt as cosaint foraoisí. Éiceachórais amhail bogaigh, sabhánaí agus tailte portaigh, tá an-tábhacht leo maidir le hiarrachtaí domhanda chun an t-athrú aeráide a chomhrac, mar aon le spriocanna forbartha inbhuanaithe eile agus is gá aird ar leith a thabhairt ar thiontú nó díghrádú an mhéid sin go práinneach. Chun aghaidh a thabhairt air sin, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an ngá agus ar an indéantacht a bhaineann le síneadh a chur leis an raon feidhme chuig éiceachórais eile agus tuilleadh tráchtearraí 2 bhliain tar éis an teacht i bhfeidhm. An tráth ceanna, ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh freisin ar na táirgí ábhartha a liostaítear in Iarscríbhinn I den Rialachán seo trí ghníomh tarmligthe.
- (55) Chun a áirithiú go bhfanfaidh na ceanglais faisnéise nach mór d’oibreoirí a chomhlíonadh agus a leagtar amach sa Rialachán seo ábhartha agus i gcomhréir le forbairtí eolaíocha agus teicneolaíocha, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chornadh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligeann chuig an gCoimisiún i leith forlíonadh a dhéanamh ar na ceanglais faisnéise is gá le haghaidh an nós imeachta um dhícheall cuí, an fhaisnéis agus na critéir maidir le measúnú riosca agus le maolú riosca nach mór do na hoibreoirí a chomhlíonadh agus a leagtar amach sa Rialachán seo agus an liosta earraí a leagtar amach in Iarscríbhinn I den Rialachán seo. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go

rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go háirithe, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú gníomhartha tarmligthe a áirithiú, ba cheart do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle na doiciméid uile a fháil an tráth céanna le saineolaithe na mBallstát, agus ba cheart rochtain chórasach a bheith ag a saineolaithe ar chruinnithe shainghrúpaí an Choimisiúin a dhéileálann le hullmhú gníomhartha tarmligthe.

- (56) Le Rialachán (AE) Uimh. 995/2010 toirmisctear adhmaid agus táirgí adhmaid a lománaíodh go neamhdhleathach a chur ar mhargadh an Aontais. Leagtar síos leis oibleagáidí le haghaidh oibreoirí a chuireann adhmaid ar an margadh den chéad uair dícheall cuí a fheidhmiú agus ar thrádálaithe taifead inrianaithe dá soláthróirí agus dá gcustaiméirí a choimeád. Leis an Rialachán seo ba cheart an oibleagáid a choinneáil chun dlíthiúlacht tráchtearraí agus táirgí ábhartha a áirithiú, lena n-áirítear adhmaid agus táirgí adhmaid, a chuirtear ar mhargadh an Aontais agus leis an Rialachán déantar iad a chomhlánú leis an gceanglas maidir le hinbhuanaitheacht. Dá bhrí sin, fágann an Rialachán seo nach bhfuil feidhm feasta ag an Rialachán seo ná ag Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 607/2012 ón gCoimisiún agus ba cheart iad a aisghairm.
- (57) Le Rialachán (CE) Uimh. 2173/2005 leagtar síos nósanna imeachta ón Aontas chun scéim ceadúnúcháin FLEGT a chur chun feidhme trí Chomhaontuithe Comhpháirtíochta Saorálaí (VPAnna) déthaobhacha le tíortha táirgthe adhmaid. Chun na gealltanais dhéthaobhacha a ghlac an tAontas Eorpach de láimh a urramú agus chun an dul chun cinn, atá bainte amach le tíortha comhpháirtíochta ag a bhfuil córas oibriúcháin i bhfeidhm, a chaomhnú (céim cheadúnúcháin FLEGT), ba cheart foráil a áireamh sa Rialachán seo lena ndearbhaítear go ndéantar an ceanglas dlíthiúlachta faoin Rialachán seo a chomhlíonadh le hadhmaid agus le táirgí adhmaidbhunaithe a chumhdaítear le ceadúnas FLEGT bailí.
- (58) Cé go dtugtar aghaidh leis an Rialachán seo ar an dífhoraioisiú agus ar an díghrádú foraoise, mar a bheartaítear i dTeachttaireacht 2019 maidir le ‘Dlús a Chur le Gníomhaíocht an Aontais chun Foraoisí an Domhain a Chosaint agus a Athbhunú’, níor cheart tiontú ná díghrádú éiceachóras nádúrtha eile eascairt as cosaint foraoisí. Éiceachórais amhail bogaigh, sabhánaí agus tailte portaigh, tá an- tábhacht leo maidir le hiarrachtaí domhanda chun an t- athrú aeráide a chomhrac, mar aon le spriocanna forbartha inbhuanaithe eile agus is gá aird ar leith a thabhairt ar thiontú nó díghrádú an mhéid sin go práinneach. Meastóireacht ar an ngá agus ar an indéantacht a bhaineann le síneadh a chur le raon feidhme an Rialacháin seo chuig éiceachórais eile seachas foraoisí, ba cheart í a dhéanamh, dá bhrí sin, laistigh de 2 bhliain ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.
- (59) I gcás, chun críocha an Rialacháin seo, inar gá sonraí pearsanta a phróiseáil, is gá déileáil leo i gcomhréir le dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta. Tá aon phróiseáil sonraí pearsanta faoin Rialachán seo faoi réir Rialachán (AE) 2016/679 ó

Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁰ agus Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³¹, de réir mar is infheidhme.

- (60) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, an dífhoraoiniú agus an díghrádú foraoise a chomhrac trí laghdú a dhéanamh ar rannchuidiú an tomhaltais san Aontas, a ghnóthú ina n-aonar agus gur fearr, dá bhrí sin, de bharr a fhairsinge, is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.
- (61) Ba cheart tréimhse réasúnach a thabhairt d'oibreacha, do thrádálaithe agus do na húdaráis inniúla chun iad féin a ullmhú chun ceanglais an Rialacháin seo a chomhlíonadh.

TAR ÉIS AN RIALACHÁIN SEO A GHLACADH:

Caibidil 1

Forálacha ginearálta

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

Leis an Rialachán seo leagtar síos rialacha maidir le heallach, cócó, caife, pailm ola, soighe agus adhmaid ('tráchtearraí ábhartha') a chur ar mhargadh an Aontais, a chur ar fáil air agus a onnmhairiú ó mhargadh an Aontais, mar aon le táirgí, mar a liostaítear in Iarscríbhinn I, ina bhfuil tráchtearraí ábhartha ('táirgí ábhartha'), a cothaíodh leis na tráchtearraí sin nó a rinneadh agus úsáid á baint astu d'fhonn an méid seo a leanas a dhéanamh

- (a) rannchuidiú an Aontais leis an dífhoraoiniú agus leis an díghrádú foraoise ar fud an domhain a íoslaghdú
- (b) rannchuidiú an Aontais Eorpaigh le hastaíochtaí gáis ceaptha teasa agus le cailliúint na bithéagsúlachta dhomhanda a laghdú.

Ní bheidh feidhm ag an Rialachán maidir le tráchtearraí ná le táirgí ábhartha a chuirtear ar mhargadh an Aontais agus a táirgeadh roimh an dáta a bhunaítear in Airteagal 36(1).

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

³⁰ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

³¹ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

- (1) ciallaíonn ‘dífhoraóisíú’ tiontú foraoise go húsáid talmhaíochta, cé acu de thoradh an duine nó ar bhealach eile;
- (2) ciallaíonn ‘foraois’ talamh is fairsinge ná 0.5 heicteár agus í faoi chrainn is airde ná 5 mhéadar agus clúdach téastair aici is mó ná 10 %, nó faoi chrainn atá in ann na tairseacha sin a bhaint amach *in situ*, seachas plandálacha talmhaíochta agus talamh atá faoi úsáid talmhaíochta nó úsáid talún uirbí den chuid is mó;
- (3) ciallaíonn ‘plandálacha talmhaíochta’ clampaí crann i gcórais táirgeachta talmhaíochta, amhail plandálacha crann torthaí, plandálacha ola pailme, úlloird olóige agus córais agraforaoiseachta nuair a fhástar barra faoi bhrat crann. Áirítear leis plandálacha uile na dtráchtearraí in Iarscríbhinn I seachas adhmaid;
- (4) ciallaíonn ‘foraois phlandála’ foraois a cuireadh agus a ndéantar dianbhainistíocht uirthi agus a chomhlíonann, tráth a gcurtha agus tráth aibíocht na gclampaí, na critéir seo a leanas uile: speiceas amháin nó dhá speiceas, cothrom i dtaca le haicme aoise, agus spásáil rialta eatarthu. Áirítear leis plandálacha gearruainíochta le haghaidh adhmaid, snáithín agus fuinnimh, agus eisiatar leis foraoisí a chuirtear le haghaidh cosanta nó athbhunú éiceachórais, mar aon le foraoisí a bhunaítear trí chur nó trí shíolú atá nó a bheidh, tráth aibíocht na gclampaí, cosúil le foraoisí a athghintear go nádúrtha;
- (5) ciallaíonn ‘foraois a cuireadh’ foraois arb é atá inti den chuid is mó crainn a bunaíodh trí chur agus/nó trí shíolú d’aon turas ar choinníoll go bhfuil coinne leis gurb é a bheidh sna crainn a cuireadh nó a síolaíodh níos mó ná caoga faoin gcéad den stoc fáis tráth a n- aibíochta; áirítear leis sin roschoill ó chrainn a cuireadh nó a síolaíodh ar dtús;
- (6) ciallaíonn ‘díghrádú foraoise’ oibríochtaí lománaíochta nach bhfuil inbhuanaithe agus a chruthaíonn laghdú nó cailliúint maidir le táirgeacht agus le castacht bhitheolaíoch nó eacnamaíoch éiceachóras foraoise, arb é a thagann as laghdú fadtéarmach ar sholáthar foriomlán na dtairbhí ó fhoraois, lena n- áirítear adhmaid, bithéagsúlacht agus táirgí nó seirbhísí eile;
- (7) ciallaíonn ‘oibríochtaí lománaíochta inbhuanaithe’ lománaíocht a dhéantar i bhfianaise chothabháil cháilíocht na hithreach agus na bithéagsúlachta arb é is aidhm dó sin tionchair dhiúltacha a íoslaghdu, ar bhealach lena seachnaítear lománú stumpaí agus fréamhacha, díghrádú foraoise príomhúla nó a dtiontú ina bhforaoisí plandála, agus lománú ar ithreacha leochaileacha; íoslaghdaítear leis sin glanleagan mór agus áirithítear leis tairseacha atá iomchuí ó thaobh áite maidir le heastóscadh adhmaid marbh agus ceanglais chun córais lománaíochta a úsáid lena n- íoslaghdaítear tionchair ar cháilíocht na hithreach, lena n- áirítear balcadh ithreach, agus ar ghnéithe bithéagsúlachta agus ar ghnáthóga;
- (8) ciallaíonn ‘gan dífhoraóisíú’ an méid seo a leanas
 - (a) táirgeadh na tráchtearraí agus na táirgí ábhartha, lena n- áirítear iad sin a úsáidtear le haghaidh táirgí ábhartha nó atá iontu, ar thalamh nach raibh faoi réir an dífhoraóisithe tar éis an 31 Nollaig 2020, agus
 - (b) lománaíodh an t- adhmaid ón bhforaois gan bheith ina chúis leis an díghrádú foraoise tar éis an 31 Nollaig 2020;
- (9) ciallaíonn ‘táirgthe’ fásta, lománaithe nó tógtha ar dháileacht ábhartha talún, cothaithe uaithi nó faighte uirthi;

- (10) ciallaíonn ‘cur ar an margadh’ tráchtearra nó táirge ábhartha a chur ar fáil den chéad uair ar mhargadh an Aontais;
- (11) ciallaíonn ‘cur ar fáil ar an margadh’ tráchtearra ábhartha nó táirge a sholáthar lena dháileadh, lena ídiú nó lena úsáid ar mhargadh an Aontais le linn gníomhaíocht tráchtála, cibé acu ar íocaíocht nó saor in aisce;
- (12) ciallaíonn ‘oibreoir’ aon duine nádúrtha nó aon duine dlítheanach a chuireann tráchtearraí agus táirgí ábhartha ar mhargadh an Aontais, nó a onnmhairíonn iad ó mhargadh an Aontais, le linn gníomhaíocht tráchtála;
- (13) ciallaíonn ‘trádálaí’ aon duine nádúrtha nó aon duine dlítheanach sa slabhra soláthair, seachas an t-oibreoir, a chuireann tráchtearraí agus táirgí ábhartha ar fáil ar mhargadh an Aontais le linn gníomhaíocht tráchtála;
- (14) ciallaíonn ‘tír thionscnaimh’ tír nó críoch mar a shainmhínítear in Airteagal 60 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³²;
- (15) ciallaíonn ‘tír tháirgthe’ an tír nó an chríoch inar táirgeadh an tráchtearra ábhartha, nó an tráchtearra ábhartha a úsáideadh i dtáirgeadh táirge, nó atá i dtáirge;
- (16) ciallaíonn ‘riosca diomaibhseach’ nuair a léirítear nach ann d’aon chúis inní le measúnú iomlán ar an bhfaisnéis tháirgeshonrach agus ar an bhfaisnéis ghinearálta araon maidir le comhlíonadh Airteagal 3(a) agus 3(b) ag tráchtearraí nó táirgí ábhartha.
- (17) ciallaíonn ‘ionadaí údaraithé’ aon duine nádúrtha nó aon duine dlítheanach atá bunaithe laistigh den Aontas a bhfuil sainordú i scríbhinn faighte aige ó oibreoir chun gníomhú thar a cheann i ndáil le cúraimí sonraithe maidir le hoibleagáidí an oibreora faoin Rialacháin seo;
- (18) ciallaíonn ‘táirgí neamhchomhlíontacha’ tráchtearraí agus táirgí ábhartha nár táirgeadh ar bhealach ‘gan dífhoraísiú’, nó nár táirgeadh i gcomhréir le reachtaíocht ábhartha na tíre táirgthe, nó an dá rud;
- (19) is éard is ‘dáileacht talún’ ann síneadh talún laistigh de réadmhaoín aonair, mar a aithnítear le dlíthe na tíre táirgthe, agus ag a bhfuil dálaí atá aonchineálach go leor chun go mbeifear in ann meastóireacht a dhéanamh ar an leibhéal comhiomlánaithe ar riosca an dífhoraísisithe agus an díghrádaithe foraoise atá bainteach le tráchtearraí a tháirgtear ar an síneadh talún sin;
- (20) ciallaíonn ‘FBManna’ fiontair bheaga agus mheánmhéide mar a shainmhínítear iad i dTreoir 2013/34/AE³³;
- (21) ciallaíonn ‘ábhar inní a bhfuil bunús leis’ maíomh a bhfuil bonn maith leis bunaithe ar fhaisnéis oibiachtúil agus infhíoraithe maidir le neamhchomhlíonadh an Rialacháin seo agus lena bhféadfai idirghabháil ó na húdaráis inniúla a cheangal;
- (22) ciallaíonn ‘údaráis inniúla’ na húdaráis arna n-ainmniú faoi Airteagal 13(1);

³² Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

³³ Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara maidir le cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 78/660/CEE agus Treoir 83/349/CEE ón gComhairle, Téacs atá ábhartha maidir le LEE (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19-76).

- (23) ciallaíonn ‘údaráis chustaim’ údaráis chustaim mar a shainmhínítear in Airteagal 5, pointe 1, de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013;
- (24) ciallaíonn ‘scaoileadh i saorchúrsaíocht’ an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 201 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013;
- (25) ciallaíonn ‘onnmhairiú’ an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 269 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013;
- (26) ciallaíonn ‘tráchtearraí agus táirgí ábhartha a thugtar isteach i’ tráchtearraí agus táirgí ábhartha ó thríú tíortha a chuirtear faoin nós imeachta custaim ‘scaoileadh i saorchúrsaíocht’ agus a bheartaítear a chur ar mhargadh an Aontais nó a bheartaítear le haghaidh úsáid thráchtála nó ídiú seachas ídiú príobháideach laistigh de chríocha custaim an Aontais;
- (27) ciallaíonn ‘tráchtearraí agus táirgí ábhartha atá á gcur amach as margadh an Aontais’ tráchtearraí agus táirgí ábhartha a chuirtear faoin nós imeachta custaim ‘onnmhairiú’;
- (28) ciallaíonn ‘reachtaíocht ábhartha na tíre táirgthe’ na rialacha is infheidhme sa tír tháirgthe maidir le stádas dlíthiúil an cheantair tháirgthe i dtéarmaí cearta úsáide talún, cosaint an chomhshaoil, cearta tríú páirtithe agus rialacháin ábhartha trádála agus custaim faoin gcreat reachtaíochta is infheidhme sa tír tháirgthe;

Airteagal 3

Toirmeasc

Ní fhéadfar tráchtearraí agus táirgí ábhartha a chur ar mhargadh an Aontais nó a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais, nó a onnmhairiú ó mhargadh an Aontais ach amháin má chomhlíontar na coinníollacha a leanas ar fad:

- (a) tá siad gan dífhoraísiú;
- (b) táirgeadh iad i gcomhréir le reachtaíocht ábhartha na tíre táirgthe; agus
- (c) cumhdaítear iad le ráiteas maidir le dícheall cuí mar a leagtar síos in Airteagal 4(2).

Caibidil 2

Oibleagáidí oibreoirí agus trádálaithe

Airteagal 4

Oibleagáidí oibreoirí

1. Feidhmeoidh oibreoirí dícheall cuí sula gcuirfidh siad tráchtearraí agus táirgí ábhartha ar mhargadh an Aontais nó sula n- onnmhaireoidh siad tráchtearraí agus táirgí ó mhargadh an Aontais chun a chinntiú go gcomhlíonfar Airteagal 3(a) agus (b). Chuige sin, úsáidfí siad creat nósanna imeachta agus beart, dá ngairtear ‘dícheall cuí’, mar a leagtar amach in Airteagal 8, anseo feasta.
2. Maidir le hoibreoirí a thagann ar an gconclúid agus dícheall cuí, dá dtagraítear in Airteagal 8, á fheidhmiú acu go gcomhlíonann na tráchtearraí agus táirgí ábhartha ceanglais an Rialacháin, cuirfidh siad ráiteas maidir le dícheall cuí ar fáil do na

húdaráis inniúla tríd an gcóras faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 31 sula gcuirfear na tráchtearraí agus táirgí ábhartha ar mhargadh an Aontais nó sula n- onnmhaireofar na tráchtearraí agus táirgí ábhartha. Deimhneofar leis an ráiteas sin go ndearnadh dícheall cuí agus nach bhfuarthas aon riosca nó nach bhfuarthas ach riosca diomaibhseach, agus beidh sa ráiteas an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn II le haghaidh na dtráchtearraí agus na dtáirgí ábhartha.

3. Trí bhíthin an ráiteas maidir le dícheall cuí a chur ar fáil, glacann an t- oibreoir freagracht as comhlíontacht an tráchtearra nó táirge ábhartha le ceanglais an Rialacháin seo. Coimeádfaidh oibreoirí taifead ar na ráitis maidir le dícheall cuí ar feadh 5 bliana ón dáta a chuirfear ar fáil é tríd an gcóras faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 31.
4. Níl cead ag oibreoirí tráchtearraí agus táirgí ábhartha a chur ar mhargadh an Aontais ná iad a onnmhairiú uaidh gan ráiteas maidir le dícheall cuí a chur isteach roimh ré.
5. Ní chuirfidh an t- oibreoir na tráchtearraí agus táirgí ábhartha ar an margadh ná ní onnmhaireofar iad má bhíonn feidhm ag ceann amháin nó níos mó de na cásanna seo a leanas:
 - (a) ní chomhlíonann na tráchtearraí ná na táirgí ábhartha Airteagal 3(a) nó (b);
 - (b) nochtadh le feidhmiú díchill chuí riosca neamhdhiomaibhseach nach gcomhlíonann na tráchtearraí agus táirgí ábhartha Airteagal 3(a) nó (b);
 - (c) ní raibh an t- oibreoir in ann nós imeachta maidir le dícheall cuí a dhéanamh de réir mhíreanna 1 agus 2.
6. Cuirfidh oibreoirí a bhfuil faisnéis nua faighte acu, lena n- áirítear ábhair inní a bhfuil bunús leo, nach bhfuil an tráchtearra nó táirge ábhartha atá curtha ar an margadh acu i gcomhréir le ceanglais an Rialacháin seo údaráis inniúla na mBallstát, inar chuir siad an tráchtearra nó táirge ábhartha ar an margadh, ar an eolas láithreach. I gcás onnmhairí ó mhargadh an Aontais, cuirfidh oibreoirí údarás inniúil an Bhallstáit, arb í an tír tháirgthe í, ar an eolas.
7. Tabharfaidh na hoibreoirí gach cúnamh is gá do na húdaráis inniúla chun déanamh na seiceálacha faoi Airteagal 15 a éascú, lena n- áirítear a mhéid a bhaineann le rochtain ar áitreabh agus le tíolacadh doiciméad nó taifead.

Airteagal 5

Ionadaithe údaraithe

1. Féadfaidh oibreoirí nó trádálaithe ionadaí údaraithe a shainordú chun an ráiteas maidir le dícheall cuí de bhun Airteagal 4(2) a chur ar fáil thar a gceann. Coinneoidh an t- oibreoir nó an trádálaí an fhreagracht as comhlíontacht an tráchtearra nó táirge ábhartha le ceanglais an Rialacháin seo sa chás sin.
2. Soláthróidh an t- ionadaí údaraithe cóip den sainordú i dteanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh do na húdaráis inniúla, arna hiarraidh sin.

Airteagal 6

Oibleagáidí ar thrádálaithe

1. Níl cead ag trádálaithe, ar FB Manna iad, tráchtearraí agus táirgí ábhartha a chur ar fáil ar an margadh, ach amháin más rud é go bhfuil an fhaisnéis a cheanglaítear faoi mhír 2 acu.
2. Baileoidh agus coinneoidh trádálaithe, ar FB Manna iad, an fhaisnéis seo a leanas a bhaineann leis na tráchtearraí agus leis na táirgí ábhartha a bheartaíonn siad a chur ar fáil ar an margadh:
 - (a) ainm, trádainm cláraithe nó trád mharc cláraithe, seoladh poist agus ríomhphoist, agus má tá sé ar fáil, seoladh gréasáin na n- oibreoirí nó na dtrádálaithe a sholáthair na tráchtearraí agus táirgí ábhartha dóibh;
 - (b) ainm, trádainm cláraithe nó trád mharc cláraithe, seoladh poist agus ríomhphoist, agus má tá sé ar fáil, seoladh gréasáin na dtrádálaithe ar sholáthair siad na tráchtearraí agus táirgí ábhartha dóibh;
3. Déanfaidh trádálaithe, ar FB Manna iad, an fhaisnéis dá dtagraítear san Airteagal seo a choimeád ar feadh 5 bliana ar a laghad agus soláthróidh siad an fhaisnéis sin do na húdaráis inniúla, arna hiarraidh sin.
4. Maidir le trádálaithe, ar FB Manna iad a bhfuil faisnéis nua faighte acu, lena n- áirítear ábhair inní a bhfuil bunús leo, nach bhfuil an tráchtearra nó táirge ábhartha, atá curtha ar fáil ar an margadh cheana acu, i gcomhréir le ceanglais an Rialacháin seo, cuirfidh na trádálaithe sin údaráis inniúla na mBallstát inar chuir siad an tráchtearra nó táirge ábhartha ar fáil ar an margadh, ar an eolas láithreach.
5. Measfar trádálaithe, nach FB Manna iad, a bheith ina n- oibreoirí agus beidh siad faoi réir oibleagáidí agus forálacha in Airteagail 3, 4, 5, 8 go 12, Airteagal 14(9), Airteagail 15 agus 20 den Rialachán seo maidir le tráchtearraí agus le táirgí ábhartha a chuireann siad ar fáil ar mhargadh an Aontais.
6. Tabharfaidh trádálaithe gach cúnamh is gá do na húdaráis inniúla chun déanamh na seiceálacha faoi Airteagal 16 a éascú, lena n- áirítear a mhéid a bhaineann le rochtain ar áitreabh agus le tíolacadh doiciméad nó taifead.

Airteagal 7

Earraí á gcur ar an margadh ag oibreoirí atá bunaithe i dtríú tíortha

I gcás ina gcuirfidh duine nádúrtha nó duine dlítheanach lasmuigh den Aontas tráchtearraí agus táirgí ábhartha ar mhargadh an Aontais, measfar gurb é an chéad duine nádúrtha nó duine dlítheanach, atá bunaithe san Aontas, a cheannaíonn tráchtearraí nó táirgí ábhartha den sórt sin nó a ghlacann seilbh orthu sin, an t- oibreoir de réir bhrí an Rialacháin seo.

Airteagal 8

Dícheall cuí

1. Sula gcuirfear tráchtearraí agus táirgí ábhartha ar an margadh nó sula n- onnmhaireofar iad, feidhmeoidh oibreoirí dícheall cuí maidir le gach tráchtearra agus táirge ábhartha arna soláthar ag gach soláthróir faoi leith.
2. Chun críocha an Rialacháin seo, áireofar leis an dícheall cuí:
 - (a) bailiú na faisnéise agus na ndoiciméad is gá chun na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 9 a chomhlíonadh;
 - (b) bearta measúnúcháin riosca dá dtagraítear in Airteagal 10;

- (c) bearta maolúcháin riosca dá dtagraítear in Airteagal 10.

Airteagal 9

Ceanglais faisnéise

1. Baileoidh oibreoirí faisnéis, doiciméid agus sonraí lena léireofar go gcomhlíonann na tráchtearraí agus táirgí ábhartha Airteagal 3. Chun na críche sin, baileoidh, eagróidh agus coimeádfaidh an t-oibreoir an fhaisnéis seo a leanas a bhaineann leis na tráchtearraí nó táirgí ábhartha ar feadh 5 bliana, agus fianaise ag tacú léi:
 - (a) tuairisc, lena n-áirítear an trádainm agus cineál na dtráchtearraí agus táirgí ábhartha, mar aon le hainm coiteann an speicis, i gcás inarb infheidhme, agus an t-ainm eolaíoch iomlán;
 - (b) cainníocht na dtráchtearraí agus táirgí ábhartha (curtha in iúl i nglanmhais agus toirt, nó an líon aonad);
 - (c) aitheantas na tíre táirgthe;
 - (d) comhordanáidí geologánaithe, domhanleithead agus domhanfhad gach dáileachta talún mar ar táirgeadh na tráchtearraí agus táirgí ábhartha, mar aon leis an dáta nó raon ama an táirgthe;
 - (e) ainm, ríomhphost agus seoladh aon ghnólachta nó aon duine óna soláthraíodh na tráchtearraí nó táirgí ábhartha dóibh;
 - (f) ainm, ríomhphost agus seoladh aon ghnólachta nó aon duine ar soláthraíodh na tráchtearraí nó táirgí ábhartha dóibh;
 - (g) faisnéis leordhóthanach agus infhíoraithe go bhfuil na tráchtearraí agus táirgí ábhartha gan dífhoraísiú;
 - (h) faisnéis leordhóthanach agus infhíoraithe go ndearnadh an táirgeadh i gcomhréir le reachtaíocht ábhartha na tíre táirgthe, lena n-áirítear aon socrú a thugann an ceart an ceantar faoi leith a úsáid chun an tráchtearra ábhartha a tháirgeadh;
2. Cuirfidh an t-oibreoir an fhaisnéis, na doiciméid agus na sonraí a bhailítear faoin Airteagal seo ar fáil do na húdaráis inniúla, arna n-iarraidh sin.
3. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmhligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 33 chun mír 1 a fhorlíonadh maidir le faisnéis ábhartha bhreise atá le fáil a bhféadfaidh gá a bheith léi chun éifeachtacht an chórais díchill chuí a chinntiú.

Airteagal 10

Measúnú riosca agus maolú riosca

1. Déanfaidh oibreoirí faisnéis a bhailítear i gcomhréir le hAirteagal 9 agus aon doiciméadacht ábhartha eile a fhíorú agus a anailísiú, agus ar an mbonn sin, déanfaidh siad measúnú riosca chun a shuí cé acu atá riosca ann nó nach bhfuil nach gcomhlíonann na tráchtearraí agus táirgí ábhartha, a bhfuil sé beartaithe iad a chur ar mhargadh an Aontais nó iad a onnmhairiú uaidh, ceanglais an Rialacháin seo. Mura féidir leis na hoibreoirí a léiriú go bhfuil an riosca neamhchomhlíontachta diomaibhseach, ní chuirfidh siad an tráchtearra nó táirge ábhartha ar mhargadh an Aontais ná ní onnmhaireoidh siad é.

2. Cuirfear na critéir mheasúnúcháin riosca seo a leanas san áireamh leis an measúnú riosca go háirithe:
- (a) sannadh an riosca ar an tír ábhartha nó ar chodanna di i gcomhréir le hAirteagal 27;
 - (b) láithreachtaí foraoisí i dtír nó i gceantar táirgthe an tráchtearra nó táirge ábhartha;
 - (c) leitheadúlacht an dífhoraoisithe nó díghrádaithe foraoise i dtír, réigiún nó ceantar táirgthe an tráchtearra nó táirge ábhartha;
 - (d) an fhoinsé, an iontaofacht, an bhailíocht agus na naisc le doiciméadacht eile atá ar fáil maidir leis an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 9(1);
 - (e) ábhair imní i ndáil leis an tír tháirgthe agus leis an tír thionscnaimh, amhail an leibhéal éillithe, forleithne an bhrionnaithe doiciméad agus sonraí, easpa fhorfheidhmiú an dlí, coinbhleacht armtha a bheith ann nó smachtbhannaí arna bhforchur ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe nó Comhairle an Aontais Eorpaigh;
 - (f) castacht an tslabhra sholáthair ábhartha, go háirithe deacrachtaí maidir le tráchtearraí agus/nó le táirgí a nascadh leis an dáileacht talún mar ar táirgeadh iad;
 - (g) an riosca a bhaineann le meascadh le táirgí de thionscnamh anaithnid nó a táirgeadh i gceantair mar ar tharla dífhoraioisiú nó díghrádú foraoise nó ina bhfuil dífhoraioisiú nó díghrádú foraoise ag tarlú;
 - (h) conclúidí chruinnithe shainghrúpa ábhartha an Choimisiúin arna bhfoilsíú i gclár shainghrúpaí an Choimisiúin;
 - (i) ábhair imní a bhfuil bunús leo arna gcur isteach faoi Airteagal 29;
 - (j) faisnéis chomhlántach ar chomhlíonadh an Rialacháin seo, lena bhféadfar faisnéis arna soláthar le deimhniúchán nó le scéimeanna eile atá deimhnithe ag tríú páirtithe a áireamh, lena n- áirítear scéimeanna deonacha arna n- aithint ag an gCoimisiún faoi Airteagal 30(5) de Threoir (AE) 2018/2001³⁴, ar choinníoll go gcomhlíonann an fhaisnéis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 9;
3. Measfar go mbeidh táirgí adhmaid, atá faoi raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 2173/2005 ón gComhairle agus a chumhdaítear le ceadúnas bailí FLEGT ó scéim cheadúnais oibríochtúil, i gcomhréir le hAirteagal 3(b) den Rialachán seo.
4. Glacfaidh an t-oibreoir nósanna imeachta agus bearta maolúcháin riosca, atá leordhóthanach chun a chinntiú nach ann d'aon riosca nó nach ann ach do riosca diomaibhseach, sula gcuirfear na tráchtearraí agus táirgí ábhartha ar mhargadh an Aontais nó sula n- onnmhaireofar iad, ach amháin i gcás ina gcuireann an anailís, á déanamh i gcomhréir le mír 1, ar a chumas don oibreoir a shuíomh nach ann d'aon riosca nó nach ann ach do riosca diomaibhseach nach gcomhlíonann na tráchtearraí nó táirgí ábhartha ceanglais an Rialacháin seo. Féadfar a áireamh leis sin breis faisnéise, sonraí nó doiciméad, a iarraidh, suirbhéanna nó iniúchadh neamhspleách a dhéanamh nó bearta eile a bhaineann le ceanglais faisnéise a leagtar amach in Airteagal 9.

³⁴ Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn (IO L 328/82, 21.12.2018, lch. 82-209).

5. Beidh oibreoirí in ann a léiriú conas a seiceáladh an fhaisnéis a bailíodh in aghaidh na gcritéar measúnúcháin riosca a leagtar amach i mír 2, conas a rinneadh cinneadh maidir le bearta maolúcháin riosca agus conas a chinn an t- oibreoir céim an riosca.
6. Beidh beartais, rialuithe agus nósanna imeachta iomchuí agus comhréireacha i bhfeidhm ag oibreoirí chun na rioscaí, a bhaineann le neamhchomhlíonadh tráchtearraí agus táirgí ábhartha a shainaithnítear, a mhaolú agus a bhainistiú go héifeachtach. Áireofar leo sin:
 - (a) cleachtais bainistíochta maidir le rioscaí samhaltaithe, tuairisciú, coinneáil taifead, rialú inmheánach agus bainistiú comhlíontachta, lena n- áirítear d'oibreoirí nach FBManna iad, oifigeach comhlíontachta a cheapadh ag an leibhéal bainistíochta;
 - (b) feidhm iniúcháireachta neamhspleách chun na beartais, rialuithe agus nósanna imeachta inmheánacha dá dtagraítear i bpointe (a) a sheiceáil le haghaidh na n- oibreoirí nach FBManna iad.
7. Déanfar na measúnuithe riosca a dhoiciméadú, athbhreithneofar ar bhonn bliantúil ar a laghad iad agus cuirfear ar fáil do na húdaráis inniúla iad arna n- iarraidh sin.
8. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 33 chun míreanna 2, 4 agus 6 a fhorlíonadh a mhéid a bhaineann le faisnéis ábhartha eile atá le fáil, le critéir mheasúnúcháin riosca agus le bearta maolúcháin riosca a bhféadfadh gá a bheith leo chun na gníomhartha, critéir agus bearta sin dá dtagraítear san Airteagal seo a fhorlíonadh chun éifeachtacht an chórais díchill chuí a áirithiú.

Airteagal 11

Cothabháil na gcóras díchill chuí agus coimeád taifead

1. Chun dícheall cuí a fheidhmiú i gcomhréir le hAirteagal 8, cuirfidh oibreoirí córas díchill chuí ar bun agus coinneofar cothrom le dáta é chun a áirithiú gur féidir leo comhlíonadh na gceanglas a leagtar amach in Airteagal 3(a) agus (b) a ráthú. Déanfar athbhreithniú ar an gcóras díchill chuí uair sa bhliain ar a laghad agus más gá oiriúnófar é agus cuirfear forbairtí nua san áireamh leis a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar fheidhmiú an díchill chuí. Coimeádfaidh oibreoirí taifead ar nuashonruithe sa chóras díchill chuí nó sna córais díchill chuí ar feadh 5 bliana.
2. Mura bhforáiltear a mhalairt le hionstraimí reachtacha eile de chuid an Aontais lena leagtar síos ceanglais maidir le dícheall cuí i leith inbhuanaitheacht an tslabhra sholáthair, tuairisceoidh oibreoirí nach FBManna iad go poiblí, maidir lena gcóras díchill chuí ar bhonn bliantúil, a fhorleithne agus is féidir é, lena n- áirítear ar an idirlíon, lena n-áirítear maidir leis na bearta a rinne siad chun a n- oibleagáidí a chur chun feidhme mar a leagtar amach in Airteagal 8. Maidir le hoibreoirí atá faoi raon feidhme ionstraimí reachtacha eile ón Aontas lena leagtar síos ceanglais maidir le dícheall cuí i leith an tslabhra luacha, féadfaidh siad a n- oibleagáidí tuairisciúcháin a chomhlíonadh faoin mír seo tríd an bhfaisnéis a cheanglaítear a áireamh nuair atá an fhaisnéis á tuairisciú i gcomhthéacs ionstraimí reachtacha eile an Aontais.
3. Coimeádfaidh oibreoirí an doiciméadacht uile a bhaineann le dícheall cuí, amhail gach taifead ábhartha, na bearta agus nósanna imeachta de bhun Airteagal 8, ar feadh 5 bliana ar a laghad. Cuirfidh siad ar fáil do na húdaráis inniúla iad arna n- iarraidh sin.

Airteagal 12

Dícheall cuí simplithe

1. Le linn tráchtearraí nó táirgí ábhartha á gcur ar mhargadh an Aontais nó á n-onnmhairiú uaidh, ní cheanglaítear ar oibreoirí na hoibleagáidí faoi Airteagal 10 a chomhlíonadh i gcás inar féidir leo a shuíomh gur táirgeadh na tráchtearraí agus táirgí ábhartha uile i dtíortha nó i gcodanna díobh a sainaithníodh mar thíortha nó mar chodanna ísealriosca i gcomhréir le hAirteagal 27.
2. Mar sin féin, más rud é go bhfaigheann an t-oibreoir, nó má chuirtear an t-oibreoir ar an eolas maidir le haon fhaisnéis a d'fhéadfadh riosca a léiriú nach gcomhlíonann na tráchtearraí agus táirgí ábhartha ceanglais an Rialacháin seo, ní mór gach oibleagáid de chuid Airteagal 9 agus 10 a chomhlíonadh.

Caibidil 3

Oibleagáidí na mBallstát agus a n-údaráis inniúla

Airteagal 13

Údarás inniúil

1. Ainmneoidh na Ballstáit údarás inniúil amháin nó níos mó a bheidh freagrach as na hoibleagáidí, a eascraíonn as an Rialachán seo, a chur i gcrích.
2. Laistigh de [3 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh na Ballstáit ainmneacha, seoltaí agus sonraí teagmhála na n-údarás inniúil arna n-ainmniú de bhun mhír 1 a chur in iúl don Choimisiún. Cuirfidh na Ballstáit aon athrú ar an bhfaisnéis sin in iúl don Choimisiún gan moill mhíchuí.
3. Cuirfidh an Coimisiún liosta na n-údarás inniúil ar fáil go poiblí ar a shuíomh gréasáin. Tabharfaidh an Coimisiún an liosta cothrom le dáta go tráthrialta, bunaithe ar na nuashonruithe ábhartha a fhaightear ó na Ballstáit.
4. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh cumhachtaí agus acmhainní leormhaithe ag na húdaráis inniúla chun na hoibleagáidí a leagtar amach i gCaibidil 3 den Rialachán seo a fheidhmiú.
5. Gan dochar d'oibleagáid na n-oibreoirí dícheall cuí a fheidhmiú mar a leagtar amach in Airteagal 8, féadfaidh na Ballstáit, agus staid FBManá á cur san áireamh acu, cúnamh teicniúil agus cúnamh agus treoraíocht eile a sholáthar do na hoibreoirí chun comhlíonadh cheanglais an Rialacháin seo a éascú.
6. Féadfaidh na Ballstáit malartú agus scaipeadh faisnéise ábhartha a éascú, go háirithe d'fhonn cabhrú le hoibreoirí measúnú a dhéanamh ar rioscaí de réir mar a leagtar amach in Airteagal 9, agus faoi dhea-chleachtais maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo.
7. Déanfar an cúnamh a sholáthar ar shlí nach ndéanann dochar do neamhspleáchas, oibleagáidí dlíthiúla ná freagrachtaí na n-údarás inniúil maidir leis an Rialachán seo a fhorfheidhmiú.

Oibleagáidí chun seiceálacha a dhéanamh

1. Déanfaidh na húdaráis inniúla seiceálacha chun a shuí cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann oibreoirí agus trádálaithe a n- oibleagáidí faoin Rialachán seo agus cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann na tráchtearraí agus táirgí ábhartha a chuirtear ar mhargadh an Aontais, a chuirtear ar fáil ar mhargadh an Aontais, nó a onnmhairítear uaidh ceanglais an Rialacháin seo.
2. Déanfar na seiceálacha dá dtagraítear i mír 1 i gcomhréir le hAirteagail 15 agus 16.
3. Chun na seiceálacha dá dtagraítear i mír 1 a dhéanamh, bunóidh na húdaráis inniúla plean a bheidh bunaithe ar chur chuige riosca- bhunaithe. Beidh ar a laghad sa phlean critéir riosca chun an anailís riosca a dhéanamh faoi mhír 4 agus eolas a chur ar fáil le haghaidh na gcinntí maidir leis na seiceálacha. Le linn dóibh na critéir riosca a bhunú agus a athbhreithniú, cuirfidh na húdaráis inniúla san áireamh sannadh an riosca ar thíortha nó ar chodanna díobh i gcomhréir le hAirteagal 27, stair chomhlíontachta oibreora nó trádálaí leis an Rialachán seo agus aon fhaisnéis ábhartha eile. Déanfaidh na húdaráis inniúla athbhreithniú ar na pleananna agus ar na critéir riosca sin ar bhonn tráthrialta, bunaithe ar thorthaí na seiceálacha agus ar an taithí ar chur chun feidhme na bpleananna, chun feabhas a chur ar a n- éifeachtacht. Le linn dóibh athbhreithniú a dhéanamh ar na pleananna, leagfaidh na húdaráis inniúla minicíocht laghdaithe síos maidir leis na seiceálacha le haghaidh na n- oibreoirí agus na dtrádálaithe sin a léirigh taifead comhsheasmhach lán- chomhlíontachta maidir leis na ceanglais faoin Rialachán seo.
4. Chun pleananna na seiceálacha a chur chun feidhme, a bheidh bunaithe ar riosca agus a leagtar síos faoi mhír 3, déanfaidh na húdaráis inniúla anailís riosca ar an bhfaisnéis atá sna ráitis maidir le dícheall cuí a chuirtear ar fáil dóibh de réir Airteagal 4(2). Úsáidfear leis an anailís riosca na critéir riosca a áirítear sna pleananna a leagadh síos faoi mhír 3, agus déanfar iad le teicnící próiseála sonraí leictreonacha a chomhtháthaítear sa chóras faisnéise a leagtar amach in Airteagal 31.
5. Sainaitheoidh na húdaráis inniúla na hoibreoirí agus trádálaithe a bhfuil seiceálacha le déanamh orthu de réir Airteagail 15 agus 16 bunaithe ar an anailís riosca faoi mhír 4 agus aon fhaisnéis ábhartha eile.
6. Bunaithe ar an anailís riosca faoi mhír 4, saithneoidh údaráis inniúla mar aon leo sin tráchtearraí agus táirgí ábhartha a dteastaíonn gníomhaíocht láithreach ina leith toisc go bhfuil riosca neamhchomhlíonadh fhorálacha an Rialacháin an-ard i gceist leo nach mór iad a sheiceáil sula gcuirfear ar mhargadh an Aontais iad, sula gcuirfear ar fáil ar mhargadh an Aontais iad nó sula n- onnmhaireofar uaidh iad. Cuirfear bratach le sainaitheint den sórt sin sa chóras faisnéise a bunaíodh faoi Airteagal 31 agus déanfaidh údaráis inniúla bearta eatramhacha láithreach faoi Airteagal 21 dá thoradh sin chun cur na dtráchtearraí nó na dtáirgí ábhartha ar an mhargadh an Aontais, nó ar fáil ar an margadh, a chur ar fionraí, nó i gcás tráchtearraí nó táirgí ábhartha atá á thabhairt isteach i margadh an Aontais nó á gcur amach as agus nuair a bheidh an comhéadan leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 26(1) i bhfeidhm, san iarraidh ar na húdaráis chustaim lena scaoileadh i saorchúrsaíocht nó lena n- onnmhairiú a chur ar fionraí faoi Airteagal 24(6).
7. Tiocfaidh deireadh leis na fionraíochtaí dá dtagraítear i mír 6 laistigh de 3 lá oibre mura dtiocfaidh na húdaráis inniúla ar an gconclúid, bunaithe ar thoradh na seiceálacha a dhéantar laistigh den tréimhse sin, go bhfuil am breise ag teastáil chun

a shuí cé acu a chomhlíonann na tráchtearraí agus táirgí ábhartha ceanglais an Rialacháin seo nó nach gcomhlíonann. I gcás den sórt sin, cuirfidh na húdaráis inniúla síneadh ama le tréimhse na fionraíochta trí bhíthin bearta eatramhacha breise a dhéanfar faoi Airteagal 21, nó i gcás tráchtearraí nó táirgí ábhartha atá á dtabhairt isteach i margadh an Aontais nó á gcur amach as, trí fhógra a thabhairt do na húdaráis chustaim maidir leis an ngá atá ann an fhionraíocht a choinneáil ar bun faoi Airteagal 24(6).

8. Malartóidh údaráis inniúla faisnéis maidir le forbairt agus le cur i bhfeidhm na gcritéar riosca dá dtagraítear i mír 3 le húdaráis inniúla na mBallstát eile agus leis an gCoimisiún, agus comhordóidh siad forbairt agus cur i bhfeidhm na gcritéar sin, chun feabhas a chur ar éifeachtacht chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.
9. Áiríteoidh gach Ballstát go gcumhdaíonn na seiceálacha bliantúla a dhéanann a n- údaráis inniúla ar a laghad 5 % de na hoibreoirí, a chuireann gach ceann de na tráchtearraí agus táirgí ábhartha ar a margadh, ar mhargadh an Aontais, a chuireann gach ceann de na tráchtearraí agus táirgí sin ar fáil ar mhargadh an Aontais nó a onnmhairíonn uaidh iad, mar aon le 5 % de chainníocht gach ceann de na tráchtearraí ábhartha a chuirtear ar a margadh nó a chuirtear ar fáil ar a margadh nó a onnmhairítear uaidh.
10. Maidir le tráchtearraí agus le táirgí ábhartha a tháirgtear i dtír nó i gcodanna di a liostaítear mar ardriosca i gcomhréir le hAirteagal 27 nó más rud é gurb ann do riosca go rachaidh tráchtearraí nó táirgí ábhartha a tháirgtear i dtíortha den sórt sin, nó i gcodanna díobh, isteach sa slabhra soláthair ábhartha, déanfaidh an t- údarás inniúil feabhsaithe a shonraítear in Airteagal 20.
11. Gan dochar do na seiceálacha faoi mhíreanna 5 agus 6, déanfaidh údaráis inniúla seiceálacha dá dtagraítear i mír 1 nuair a bhíonn fianaise acu nó faisnéis ábhartha eile, lena n- áirítear fianaise nó faisnéis atá bunaithe ar ábhair inní a bhfuil bunús leo, arna soláthar ag tríú páirtithe faoi Airteagal 29, maidir le neamhchomhlíonadh féideartha an Rialacháin seo.
12. Déanfar seiceálacha gan réamhrabhadh a thabhairt don oibreoir nó trádálaí, ach amháin i gcás ina mbeidh gá le réamhfhógra a thabhairt don oibreoir nó trádálaí chun éifeachtacht na seiceálacha a áirithiú.
13. Coimeádfaidh na húdaráis inniúla taifid ar na seiceálacha á léiriú iontu, go háirithe, cineál agus torthaí na seiceálacha, mar aon leis na bearta a rinneadh i gcás neamhchomhlíonta. Coimeádfar taifid ar na seiceálacha uile ar feadh 5 bliana ar a laghad.

Airteagal 15

Seiceálacha ar oibreoirí

1. Áireofar leis na seiceálacha ar oibreoirí:
 - (a) scrúdú ar an gcóras díchill chuí, lena n- áirítear measúnú riosca agus nósanna imeachta maolúcháin riosca;
 - (b) scrúdú ar dhoiciméadacht agus ar thaifid lena léirítear feidhmiú cuí an chórais díchill chuí;
 - (c) scrúdú ar dhoiciméadacht agus ar thaifid lena léirítear go gcomhlíonann táirge nó tráchtearra sonracha, atá curtha ar mhargadh an Aontais ag an oibreoir, a

bhfuil sé beartaithe aige é a chur ar mhargadh an Aontais nó a onnmhairiú uaidh, ceanglais an Rialacháin seo;

- (d) scrúdú ar ráitis maidir le dícheall cuí;

agus i gcás inarb iomchuí,

- (e) scrúdú ar an láthair ar thráchtearraí agus ar tháirgí ábhartha d'fhonn a gcomhréireacht a shuíomh i leith na doiciméadachta a úsáidtear chun dícheall cuí a fheidhmiú;
- (f) aon mhodh teicniúil agus eolaíoch atá leordhóthanach chun an áit bheacht a chinneadh mar ar táirgeadh an tráchtearra nó táirge ábhartha, lena n- áirítear tástáil iseatóipí;
- (g) aon mhodh teicniúil agus eolaíoch atá leormhaith chun a chinneadh cé acu atá an tráchtearra nó an táirge ábhartha gan dífhoraioisiú nó nach bhfuil, lena n- áirítear sonraí um fhaire na Cruinne amhail sonraí as clár Copernicus agus as a chuid uirlisí, agus
- (h) seiceálacha ar an láthair, lena n- áirítear iniúchtaí allamuigh, lena n- áirítear i dtríú tíortha i gcás inarb iomchuí trí chomhar le húdaráis riaracháin de chuid tríú tíortha.

Airteagal 16

Seiceálacha ar thrádálaithe

1. Áireofar leis na seiceálacha ar thrádálaithe:

- (a) scrúdú ar dhoiciméadacht agus ar thaifid lena léirítear go bhfuil Airteagal 6(2) á chomhlíonadh;
- (b) i gcás inarb iomchuí, seiceálacha ar an láthair, lena n- áirítear iniúchtaí allamuigh.

Airteagal 17

Gnóthú costas ag údaráis inniúla

1. Féadfaidh na Ballstáit a údarú dá n- údaráis inniúla iomlán chostais a ngníomhaíochtaí a éileamh ar ais ó na hoibreoirí nó ó na trádálaithe i leith cásanna neamhchomhlíontachta.
2. Féadfar a áireamh leis na costais dá dtagraítear i mír 1 na costais as tástáil a dhéanamh, na costais stórála agus costais na ngníomhaíochtaí a bhaineann le táirgí a shuitear a bheith neamhchomhlíontach agus atá faoi réir gníomh ceartaitheach sula ndéanfar iad a scaoileadh i saorchúrsaíocht, a chur ar mhargadh an Aontais nó a onnmhairiú uaidh.

Airteagal 18

Comhar agus malartú faisnéise

1. Rachaidh údaráis inniúla i gcomhar le chéile, le húdaráis ó na Ballstáit eile, leis an gCoimisiún agus, i gcás inar gá, le húdaráis riaracháin de chuid tríú tíortha chun a áirithiú go gcomhlíonfar an Rialachán seo.

2. Chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú, bunóidh údaráis inniúla socruithe riaracháin leis an gCoimisiún maidir le faisnéis a tharchur agus leis an mbealach a ndéanfar imscrúduithe.
3. Malartóidh údaráis inniúla an fhaisnéis is gá chun an Rialachán seo a fhorfheidhmiú. Áireofar leis sin rochtain ar shonraí ar oibreoirí agus ar thrádálaithe a thabhairt d'údaráis inniúla na mBallstát eile agus sonraí ina leith, lena n-áirítear ráitis maidir le dícheall cuí, a mhalartú leo chun forfheidhmiú an Rialacháin seo a éascú.
4. Tabharfaidh údaráis inniúla foláireamh láithreach d'údaráis inniúla na mBallstát eile agus don Choimisiún nuair a bhraitheann siad sárú ar an Rialachán seo agus easnaimh thromchúiseacha a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do níos mó ná Ballstát amháin. Déanfaidh údaráis inniúla, go háirithe, údaráis inniúla na mBallstát eile a chur ar an eolas nuair a bhraitheann siad tráchtearra nó táirge ábhartha ar an margadh nach gcomhlíonann an Rialachán seo, chun é a chur ar a gcumas dóibh tráchtearra nó táirge den sórt sin a aistarraingt nó a aisghairm ó dhíolacháin sna Ballstáit uile.
5. Déanfaidh na Ballstáit an fhaisnéis is gá chun a áirithiú go gcomhlíonfar an Rialachán seo a sholáthar d'údarás inniúil arna iarraidh sin aige.

Airteagal 19

Tuairisciú

1. Cuirfidh na Ballstáit ar fáil don phobal agus don Choimisiún, faoin 30 Aibreán ar a dhéanaí gach bliain, faisnéis maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo le linn na bliana féilire roimhe sin. Áireofar san fhaisnéis sin a gcuid pleananna le haghaidh seiceálacha, líon agus torthaí na rialuithe arna ndéanamh ar oibreoirí agus ar thrádálaithe, lena n-áirítear a bhfuil sna seiceálacha sin, an líon tráchtearraí agus táirgí ábhartha arna seiceáil i ndáil le cainníocht iomlán na dtráchtearraí agus na dtáirgí arna gcur ar an margadh, tíortha tionscnaimh agus táirgthe na dtráchtearraí agus na dtáirgí ábhartha mar aon leis na bearta arna ndéanamh i gcás neamhchomhlíontachta agus costais na rialuithe arna ngnóthú.
2. Déanfaidh seirbhísí an Choimisiúin forbhreathnú uile- Aontais ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur ar fáil go poiblí gach bliain ar bhonn na sonraí a chuirfidh na Ballstáit isteach faoi mhír 1.

Airteagal 20

Grinnscrúdú feabhsaithe

I gcás inar táirgeadh tráchtearraí nó táirgí ábhartha i dtír a liostaítear mar thír ardriosca nó i gcuid de thír den sórt sin i gcomhréir le hAirteagal 27, nó i gcás ina mbeidh baol ann go dtiocfaidh tráchtearraí nó táirgí ábhartha a táirgeadh sna tíortha sin nó i gcodanna díobh isteach sa slabhra soláthair ábhartha, áiritheoidh gach Ballstát go gcumhdófar leis na seiceálacha bliantúla a dhéanann a n-údaráis inniúla 15 % ar a laghad de na hoibreoirí a dhéanann gach ceann de na tráchtearraí ábhartha atá ar a margadh féin a chur ar mhargadh an Aontais, a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais nó a onnmhairiú uaidh mar aon le 15 % de chainníocht gach tráchtearra ábhartha a chuirtear ar a margadh féin, nó a chuirtear ar fáil air nó a n-onnmhairítear uaidh, arb as tíortha ardriosca nó as codanna díobh iad.

Airteagal 21

Bearta eatramhacha

I gcás ina mbraithfear easnaimh thromchúiseacha fhéideartha, tar éis na seiceálacha dá dtagraítear in Airteagail 15 agus 16, nó i gcás ina sainaitheofar rioscaí de bhun Airteagal 14(6), féadfaidh na húdaráis inniúla bearta eatramhacha a dhéanamh láithreach, lena n-áirítear na tráchtearraí agus na táirgí ábhartha a urghabháil nó a gcur ar mhargadh an Aontais, nó a gcur ar fáil air agus a n-onnmhairiú uaidh, a chur ar fionraí.

Airteagal 22

Bearta faireachais margaidh

1. Gan dochar d'Airteagal 23, i gcás ina suífidh údaráis inniúla nár chomhlíon oibreoir nó trádálaí a chuid oibleagáidí faoin Rialachán seo nó nach gcomhlíonann tráchtearra nó táirge ábhartha an Rialachán seo, ceanglóidh siad gan mhoill ar an oibreoir nó ar an trádálaí ábhartha gníomh ceartaitheach iomchuí comhréireach a dhéanamh chun deireadh a chur leis an neamhchomhlíonadh.
2. Chun críocha mhír 1, áireofar ceann amháin ar a laghad nó níos mó de na nithe seo a leanas leis an ngníomh ceartaitheach a cheanglófar ar an oibreoir nó ar an trádálaí a dhéanamh:
 - (a) aon neamhchomhlíonadh foirmiúil, go háirithe maidir le ceanglais Chaibidil 2 den Rialachán seo, a chur ina cheart;
 - (b) cosc a chur ar an tráchtearra nó ar an táirge ábhartha a bheith á chur ar mhargadh an Aontais, á chur ar fáil air nó á onnmhairiú uaidh;
 - (c) an tráchtearra nó an táirge ábhartha a aistarraingt nó a aisghairm láithreach;
 - (d) an tráchtearra nó an táirge ábhartha a scriosadh nó é a dheonú chun críocha carthanúla nó chun críocha atá ar mhaithe le leas an phobail.
3. Má mhainníonn an t-oibreoir nó an trádálaí gníomh ceartaitheach dá dtagraítear i mír 2 a dhéanamh nó i gcás ina leanfaidh an neamhchomhlíonadh dá dtagraítear i mír 1 ar aghaidh, áiríteoidh údaráis inniúla go n-aistarraingeofar an táirge nó go n-aisghairfear é, nó go gcuirfear toirmeasc nó srian ar an táirge a bheith á chur ar fáil ar mhargadh an Aontais nó á onnmhairiú uaidh.

Airteagal 23

Pionóis

1. Leagfaidh na Ballstáit rialacha síos maidir leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar fhorálacha an Rialacháin seo arna ndéanamh ag oibreoirí agus ag trádálaithe agus glacfaidh siad na bearta uile is gá chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na forálacha sin agus tabharfaidh siad fógra dó, gan mhoill, faoi aon leasú dá éis sin lena ndéanfar difear dóibh.
2. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Áireofar sna pionóis na nithe seo a leanas ar a laghad:
 - (a) fineálacha atá ar comhréir leis an damáiste comhshaoil agus le luach na dtráchtearraí nó na dtáirgí ábhartha lena mbaineann, agus leibhéal na bhfineálacha sin á ríomh ar bhealach lena gcinnteofar go mbainfear go

héifeachtach díobh siúd atá freagrach as na sáruihte a dhéanamh na tairbhí eacnamaíocha a dhíorthaíonn siad uathu, agus leibhéal na bhfineálacha sin á mhéadú de réir a chéile as sáruihte leantacha; 4 % ar a laghad de láimhdeachas bliantúil an oibreora nó an trádálaí sa Bhallstát nó sna Ballstáit lena mbaineann a bheidh in uasmhéid na bhfineálacha sin;

- (b) coigistiú na dtráchtearraí agus na táirgí ábhartha lena mbaineann ón oibreoir agus/nó ón trádálaí;
- (c) coigistiú ioncam arna bhfáil ag an oibreoir agus/nó ag an trádálaí as idirbheart leis na tráchtearraí agus leis na táirgí ábhartha lena mbaineann;
- (d) eisiámh sealadach ó phróisis soláthair phoiblí.

Caibidil 4

Nósanna imeachta le haghaidh tráchtearraí agus táirgí ábhartha a thugtar isteach i margadh an Aontais nó a chuirtear amach as.

Airteagal 24

Rialuithe

1. Beidh tráchtearraí agus táirgí ábhartha a chuirtear faoin nós imeachta custaim ‘scaoileadh i saorchúrsaíocht’ nó ‘onnmhairiú’ faoi réir na rialuithe agus na mbeart a leagtar síos sa Chaibidil seo. Cuirtear an Chaibidil seo i bhfeidhm gan dochar d’aon fhoráil eile den Rialachán seo ná do reachtaíocht eile de chuid an Aontais lena rialaítear earraí a scaoileadh i saorchúrsaíocht nó a onnmhairiú, go háirithe Cód Custaim an Aontais agus Airteagail 46, 47, 134 agus 267 de. Ní bheidh feidhm ag Caibidil VII de Rialachán (AE) Uimh. 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁵ maidir le rialuithe ar thráchtearraí agus ar tháirgí ábhartha a thugtar isteach i margadh an Aontais áfach, a mhéid a bhaineann le cur i bhfeidhm agus le forfheidhmiú an Rialacháin seo.
2. Beidh údarais inniúla freagrach as forfheidhmiú foriomlán an Rialacháin seo maidir le tráchtearra agus le táirge ábhartha a thugtar isteach i margadh an Aontais nó a chuirtear amach as. Go háirithe, beidh údarais inniúla freagrach as a shuíomh, trí bhíthin na seiceálacha a liostaítear faoi Airteagal 14(1), cé acu a chomhlíonann aon tráchtearra nó táirge ábhartha den sórt sin comhlíontach le ceanglais an Rialacháin seo nó nach gcomhlíonann. Déanfaidh na húdarais inniúla na dualgais sin i gcomhréir leis na forálacha ábhartha de Chaibidil 3 den Rialachán seo.
3. Rialóidh údarais chustaim dearbhú ceart tráchtearraí agus táirgí ábhartha a thugtar isteach i margadh an Aontais nó a chuirtear amach as. Beidh na rialuithe sin bunaithe go príomha ar anailís riosca, a mbeidh sé de chuspóir aici na rioscaí a shainaithint agus meastóireacht a dhéanamh orthu agus na frithbhearta is gá a fhorbairt, agus déanfar na rialuithe sin laistigh de chreat comhchoiteann bainistíochta riosca ar leibhéal an Aontais.

³⁵ Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le faireachas margaidh ar tháirgí agus comhlíonadh táirgí agus lena leasaítear Treoir 2004/42/CE agus Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 agus (AE) Uimh. 305/2011.

4. Déanfar uimhir thagartha an ráitis maidir le dícheall cuí arna sannadh ag an gcóras faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 31 i ndáil le tráchtearra nó le táirge ábhartha a thugtar isteach san Aontas nó a chuirtear amach as a chur ar fáil d'údaráis chustaim nuair a bheidh an dearbhú custaim le haghaidh scaoileadh i saorchúrsaíocht nó onnmhairiú an tráchtearra nó an táirge ábhartha sin á thaisceadh, seachas i gcás ina dtaisfear an ráiteas maidir le dícheall cuí de bhun Airteagal 26(2).
5. Ar dhearbhu custaim a fháil le haghaidh scaoileadh i saorchúrsaíocht nó onnmhairiú tráchtearra nó táirge ábhartha a thugtar isteach san Aontas nó a chuirtear amach as, fíoróidh údaráis chustaim stádas an ráitis maidir le dícheall cuí trí úsáid a bhaint as an gcomhéadan leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 26(1). Maidir le haon athrú stádais sa Chóras Faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 31, agus a tharlaíonn sula ndéantar an tráchtearra nó táirge ábhartha sin a scaoileadh i saorchúrsaíocht nó a onnmhairiú, tabharfar fógra ina leith do na húdaráis chustaim a dhéanann maoirseacht ar an tráchtearra nó ar an táirge ábhartha sin.
6. I gcás, tar éis na hanailíse riosca faoi Airteagal 14(4) a bheith déanta, ina dtabharfar le fios sa chóras faisnéise arna bhunú faoi Airteagal 31, i dtaca le stádas an ráitis chomhfhreagraigh maidir le dícheall cuí, gur gá seiceáil a dhéanamh ar thráchtearra nó ar tháirge ábhartha sula gcuirfear ar mhargadh an Aontais é nó sula gcuirfear ar fáil air nó sula n- onnmhaireofar é, cuirfidh údaráis chustaim scaoileadh i saorchúrsaíocht nó onnmhairiú an tráchtearra nó an táirge ábhartha sin ar fionraí.
7. I gcás ina gcomhlíonfar gach ceanglas agus foirmiúlacht eile faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta a bhaineann le scaoileadh i saorchúrsaíocht nó le honnmhairiú, ceadóidh údaráis chustaim scaoileadh i saorchúrsaíocht nó onnmhairiú tráchtearra nó táirge ábhartha in aon cheann de na himthosca seo a leanas:
 - (a) Tar éis na hanailíse riosca faoi Airteagal 14(4), níor thug údaráis inniúla le fios sa chóras faisnéise arna bhunú faoi Airteagal 31 gur gá scaoileadh i saorchúrsaíocht nó onnmhairiú an tráchtearra nó an táirge sin a chur ar fionraí de bhun mhír 6;
 - (b) I gcás ina mbeidh an scaoileadh i saorchúrsaíocht nó an t- onnmhairiú curtha ar fionraí i gcomhréir le mír 6, níor iarr na húdaráis inniúla, laistigh de na 3 lá oibre a shonraítear in Airteagal 14(7), an gá le scaoileadh i saorchúrsaíocht nó onnmhairiú an tráchtearra nó an táirge ábhartha sin a choinneáil ar fionraí;
 - (c) I gcás ina mbeidh na húdaráis inniúla tar éis fógra a thabhairt d'údaráis chustaim tríd an gcóras faisnéise arna bhunú faoi Airteagal 31 gur féidir an fionraí a bhaint de scaoileadh i saorchúrsaíocht nó d' onnmhairiú na dtráchtearraí agus na dtáirgí ábhartha sin.

Ní mheasfar gur cruthúnas ar chomhlíonadh dhlí an Aontais ná, comhlíonadh an Rialacháin seo, go háirithe, é an scaoileadh i saorchúrsaíocht nó an t- onnmhairiú.

8. I gcás ina dtiocfaidh na húdaráis inniúla ar an gconclúid nach bhfuil tráchtearra nó táirge ábhartha a thugtar isteach i margadh an Aontais nó a chuirtear amach as ag comhlíonadh an Rialacháin seo, tabharfaidh siad fógra dá réir do na húdaráis chustaim tríd an gcóras faisnéise arna bhunú faoi Airteagal 31. Féadfaidh údaráis inniúla a thabhairt le fios sa chóras faisnéise freisin go gcuireann siad i gcoinne an tráchtearra nó an táirge ábhartha a bheith á chur faoi nósanna imeachta sonracha eile custaim.

Ar fhógra a fháil maidir leis an stádas sin, ní cheadóidh údaráis chustaim scaoileadh i saorchúrsaíocht nó onnmhairiú an tráchtearra nó an táirge ábhartha sin. Áireoidh siad

an fógra seo a leanas sa chóras próiseála sonraí custaim freisin agus, i gcás inar féidir, ar an sonrasc tráchtála a ghabhann leis an tráchtearra nó an táirge ábhartha agus ar aon doiciméad ábhartha eile a ghabhann leis: ‘Tráchtearra nó táirge neamhchomhlíontach — gan údarú lena scaoileadh i saorchúrsaíocht/onnmhairiú — Rialachán (AE) 2021/XXXX.’ *[Tagairt an Rialacháin seo le cur isteach ag OP]*

I gcás ina ndéanfar an tráchtearra nó an táirge ábhartha a dhearbhu dá éis sin le haghaidh nósanna imeachta custaim eile agus ar choinníoll nár chuir na húdaráis inniúla in aghaidh é a bheith curtha amhlaidh, cuirfidh an t-oibreoir an fógra san áireamh leis na dearbhuithe custaim agus clárófar é, faoi na coinníollacha céanna, sa chóras próiseála sonraí custaim agus, i gcás inar féidir, ar na doiciméid a ghabhann le haon nós imeachta den sórt sin.

9. Tabharfar fógraí agus déanfar iarrataí faoi mhíreanna 5 go 8 den Airteagal seo trí bhithin an chomhéadain leictreonaigh dá dtagraítear in Airteagal 26(1). Beidh feidhm ag míreanna 5 go 8 nuair a bheidh an comhéadan leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 26(1) i bhfeidhm.
10. Féadfaidh údaráis chustaim tráchtearra nó táirge neamhchomhlíontach ábhartha a scríosadh arna iarraidh sin ag na húdaráis inniúla nó i gcás ina measann siad gur gá agus gur comhréireach sin. Is é an duine nádúrtha nó an duine dlítheanach atá i seilbh an tráchtearra nó an táirge ábhartha a íocfaidh costas an bhirt sin. Beidh feidhm dá réir sin ag Airteagail 197 agus 198 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013. Mar mhalairt air sin, féadfaidh na húdaráis chustaim tráchtearraí agus táirgí neamhchomhlíontacha ábhartha a choigistiú agus a chur ar láimh na n-údarás inniúil arna iarraidh sin acu.

Airteagal 25

Malartú faisnéise agus comhar i measc na n-údarás

1. Chun gur féidir an cur chuige rioscabhunaithe dá dtagraítear in Airteagal 14(3) a chumasú le haghaidh tráchtearraí agus táirgí ábhartha a thugtar isteach i margadh an Aontais nó a chuirtear amach as agus chun a áirithiú go mbeidh na seiceálacha éifeachtach agus go bhfeidhmeofar iad i gcomhréir le ceanglais an Rialacháin seo, rachaidh an Coimisiún, údaráis inniúla agus údaráis chustaim i ndlúthchomhar le chéile agus malartóidh siad faisnéis eatarthu féin.
2. Rachaidh údaráis chustaim agus údaráis inniúla i gcomhar le chéile i gcomhréir le hAirteagal 47(2) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 agus malartóidh siad an fhaisnéis is gá chun a bhfeidhmeanna faoin Rialachán seo a chomhlíonadh, lena n-áirítear trí mheán leictreonach.
3. Malartófar faisnéis a bhaineann le riosca:
 - (a) Idir údaráis chustaim i gcomhréir le hAirteagal 46(5) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013; agus
 - (b) Idir údaráis chustaim agus an Coimisiún i gcomhréir le hAirteagal 16(1) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.
4. I ndáil le tráchtearraí agus táirgí ábhartha atá faoi réir an Rialacháin seo agus á stóráil go sealadach nó arna gcur faoi nós imeachta custaim seachas ‘scaoileadh i saorchúrsaíocht’ é, i gcás ina mbeidh cúis ag na húdaráis chustaim ag an gcéad phointe iontrála a chreidiúint nach gcomhlíonann na tráchtearraí nó na táirgí ábhartha sin an Rialachán seo, tarchuirfidh siad an fhaisnéis uile is ábhartha chuig oifig chustaim inniúil an chinn scríbe.

Comhéadain leictreonacha

1. Forbróidh an Coimisiún comhéadan leictreonach a bheidh bunaithe ar Thimpeallacht Ionad Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh do Chustaim chun gur féidir sonraí, go háirithe na fógraí agus na hiarrataí dá dtagraítear in Airteagal 24, míreanna 5 go 8, a tharchur idir na córais chustaim náisiúnta agus an córas faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 31. Beidh an comhéadan leictreonach sin i bhfeidhm 4 bliana ar a dhéanaí ón dáta a ghlacfar an gníomh cur chun feidhme ábhartha dá dtagraítear i mír 3.
2. Féadfaidh an Coimisiún comhéadan leictreonach a fhorbairt a bheidh bunaithe ar Thimpeallacht Ionad Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custam:
 - (a) Chun go gcuirfear ar a gcumas do thrádálaithe agus d'oibreacha an ráiteas maidir le dícheall cuí ar thráchtarra nó ar tháirge ábhartha a chur ar fáil tríd an timpeallacht ionad ilfhreastail náisiúnta do chustaim dá dtagraítear in *Airteagal 8 den Rialachán [uimhir thagartha agus uimhir airteagail le seiceáil ag PO tar éis don togra a bheith glactha]* agus aiseolas a fháil ina leith sin ó údarais inniúla; agus
 - (b) Chun go mbeifear in ann an ráiteas sin maidir le dícheall cuí a tharchur chuig an gcóras faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 31 den Rialachán seo.
3. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena sonrófar mionsonraí na socrúithe cur chun feidhme le haghaidh mhíreanna 1 go 2 agus, go háirithe, lena saineofar na sonraí, lena n-áirítear a bhformáid, atá le tarchur i gcomhréir le míreanna 1 agus 2. Féadfaidh sé go gcinnefear leis na gníomhartha cur chun feidhme freisin go dtarchuirfear sonraí sonracha áirithe atá ar fáil sa ráiteas maidir le dícheall cuí agus is gá le haghaidh gníomhaíochtaí údarás custaim, lena n-áirítear faireachas agus an comhrac in aghaidh na calaoise, agus go gclárófar i gcóras custaim an Aontais Eorpaigh agus i gcórais chustaim náisiúnta iad. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 34(2).

Caibidil 5

Córas tagarmharcála tíre agus comhar le tríú tíortha

Measúnú ar thíortha

1. Bunaítear leis an Rialachán seo córas trí chiseal chun measúnú a dhéanamh ar thíortha nó ar chodanna díobh. Measfar go mbaineann gnáthriosca le thíortha mura sainaitheann i gcomhréir leis an Airteagal seo go mbaineann ísealriosca nó ardriosca leo. Maidir le thíortha nó le codanna díobh lena mbaineann ísealriosca nó ardriosca go dtáirgfear tráchtarraí nó táirgí ábhartha iontu nach gcomhlíonann Airteagal 3, pointe (a), féadfaidh an Coimisiún na thíortha sin a shainaithint. Déanfar an liosta thíortha nó codanna díobh a mbaineann ísealriosca nó ardriosca leo a fhoilsiú trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme a bheidh le glacadh i gcomhréir leis an nós imeachta

scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 34(2). Tabharfar an liosta sin cothrom le dáta de réir mar is gá i gcás fianaise nua a bheith ann.

2. Le sainaithint tíortha nó codanna díobh a mbaineann ísealriosca nó ardriosca leo de bhun mhír 1, cuirfear san áireamh faisnéis a sholáthróidh an tír lena mbaineann agus bunófar ar na critéir mheasúnachta seo a leanas í:

- (a) ráta an dífhoraoisithe agus an díghrádaithe foraoise,
- (b) ráta leathnaithe na talún talmhaíochta le haghaidh tráchtearraí ábhartha,
- (c) treochtaí táirgeachta maidir le tráchtearraí agus táirgí ábhartha,
- (d) cé acu a chumhdaítear nó nach gcumhdaítear leis an rannchuidiú arna chinneadh go náisiúnta (NDC) le Creat- Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide astaíochtaí agus aistrithe ón earnáil talmhaíochta, foraoiseachta agus ón talamhúsáid, lena n- áirítear go n- áirítear astaíochtaí ón dífhoraoisíú agus ón díghrádú foraoise ina gcuid de ghealltanas na tíre chun hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú nó a theorannú mar a shonraítear sa NDC;
- (e) comhaontuithe agus ionstraimí eile arna dtabhairt chun críche idir an tír lena mbaineann agus an tAontas lena dtugtar aghaidh ar an dífhoraoisíú nó ar an díghrádú foraoise agus lena n- éascaítear comhlíonadh cheanglais an Rialacháin seo i dtaca le tráchtearraí agus táirgí ábhartha agus cur chun feidhme éifeachtach na gceanglas sin;
- (f) cé acu atá nó nach bhfuil dlíthe náisiúnta nó fonáisiúnta i bhfeidhm ag an tír lena mbaineann, lena n- áirítear i gcomhréir le hAirteagal 5 de Chomhaontú Pháras, agus a ghlacann nó nach nglacann bearta éifeachtacha forfheidhmiúcháin chun gníomhaíochtaí as a n- eascraíonn an dífhoraoisíú agus an díghrádú foraoise a sheachaint agus bearta sriantacha a ghlacadh ina leith, agus go háirithe cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear bearta sriantacha i bhfeidhm atá géar go leor chun na tairbhí a fhabhraítear as an dífhoraoisíú nó as an díghrádú foraoise a bhaint.

3. Tabharfaidh an Coimisiún fógra do na tíortha lena mbaineann go bhfuil sé beartaithe aige athrú a shannadh don chatagóir riosca atá ann faoi láthair agus iarrfaidh sé orthu aon fhaisnéis a mheasfar a bheith úsáideach ina leith sin a sholáthar. Tabharfaidh an Coimisiún am leordhóthanach do na tíortha chun freagra a sholáthar, lena bhféadfar a áireamh faisnéis maidir le bearta atá déanta ag an tír chun an staid a chur ina ceart i gcás go bhféadfar stádas na tíre sin nó stádas codanna di a athrú go catagóir riosca níos airde.

Áireofar an fhaisnéis seo a leanas san fhógra:

- (a) an chúis nó na cúiseanna leis an rún aitheantas riosca na tíre nó codanna di a athrú;
- (b) an iarraidh freagra a thabhairt ar an gCoimisiún i scríbhinn maidir leis an rún aitheantas riosca na tíre nó codanna di a athrú;
- (c) na hiarmhairtí a bhaineann lena sainaithint mar thír ísealriosca nó ardriosca.

4. Tabharfaidh an Coimisiún fógra, gan mhoill, do na húdaráis inniúla faoi thír a áireamh leis an liosta dá dtagraítear i mír 1 nó a bhaint de.

Comhar le tríú tíortha

1. Rachaidh an Coimisiún i gcomhar le tíortha táirgíochta lena mbaineann an Rialachán seo chun comhpháirtíochtaí agus comhar a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt le chéile ar an dífhoraioisiú agus ar an díghrádú foraoise. Díreofar leis na sásraí comhpháirtíochta agus comhair sin ar chaomhnú, athchóiriú agus úsáid inbhuanaithe foraoisí, ar an dífhoraioisiú, ar an díghrádú foraoise agus ar an aistriú chuig modhanna inbhuanaithe táirgthe tráchtearraí, próiseála tomhaltais agus trádála. Le sásraí comhpháirtíochta agus comhair féadfar idirphlé struchtúrtha a áireamh mar aon le cláir agus gníomhaíochtaí tacaíochta, socruithe riaracháin agus forálacha i gcomhaontuithe atá ann cheana nó i gcomhaontuithe lena gcuirfear ar a gcumas do thíortha táirgíochta an t- aistriú a dhéanamh chuig táirgeacht talmhaíochta lena n- éascófar comhlíonadh cheanglais an rialacháin seo i dtaca le tráchtearraí agus le táirgí ábhartha. Cuirfear na comhaontuithe sin agus a gcur chun feidhme éifeachtach san áireamh mar chuid den tagarmharcáil faoi Airteagal 27 den Rialachán seo.
2. Ba cheart rannpháirtíocht iomlán gach geallsealbhóra a chumasú le comhpháirtíochtaí agus le comhar, lena n- áirítear an tsochaí shibhialta, pobail dhúchasacha, pobail áitiúla agus an earnáil phríobháideach, lena n- áirítear FBManna agus feirmeoirí beaga.
3. Le comhpháirtíochtaí agus comhar cuirfear forbairt chun cinn i dtaca le próisis chomhtháite um phleanáil talamhúsáide, mar aon leis an reachtaíochta ábhartha, dreasachtaí fíoscacha agus uirlisí eile a bhaineann le hábhar chun feabhas a chur ar chaomhnú foraoisí agus na bithéagsúlachta, ar bhainistíocht inbhuanaithe agus athchóiriú foraoisí, ar dhul i ngleic le foraoisí agus le héiceachórais leochaileacha a bheith á n- athrú ina n- úsáidí eile talún, barrfheabhsófar gnóthachain le haghaidh an tírdhreacha, na slándála tionachta, na táirgeachta talmhaíochta agus an iomaíochais, agus slabhraí soláthair trédhearcacha, neartófar cearta na bpobal a bhraitheann ar fhoraoisí lena n- áirítear feirmeoirí beaga, pobail dhúchasacha agus pobail áitiúla, agus áiríteofar rochtain an phobail ar dhoiciméid bainistíochta foraoisí agus ar fhaisnéis ábhartha eile.
4. Rachaidh an Coimisiún i mbun plé déthaobhach agus iltaobhach idirnáisiúnta maidir le beartais agus le gníomhaíochtaí chun an dífhoraioisiú agus an díghrádú foraoise a stopadh, lena n- áirítear i bhfóraim iltaobhacha amhail an Coinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht, Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe, Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe chun an Gaineamhlú a Chomhrac, Comhthionól Comhshaoil na Náisiún Aontaithe, Fóram na Náisiún Aontaithe maidir le Foraoisí, Creat- Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide, an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, G- 7 agus G- 20. Áireofar sa rannpháirtíocht sin cur chun cinn an aistrithe chuig táirgeacht inbhuanaithe talmhaíochta agus bainistíocht inbhuanaithe foraoise mar aon le forbairt slabhraí soláthair trédhearcacha inbhuanaithe mar aon le bheith ag leanúint d'iarrachtaí chun caighdeáin agus sainmhínithe láidre a shainaithint agus a chomhaontú lena n- áiríteofar leibhéal ard cosanta d'éiceachórais foraoise.

Caibidil 6

Ábhar inní a bhfuil bunús leis

Airteagal 29

Ábhair inní a bhfuil bunús leo de chuid daoine nádúrtha nó dlítheanacha

1. Beidh daoine nádúrtha nó dlítheanacha i dteideal ábhair inní a bhfuil bunús leo a chur faoi bhráid na n- údarás inniúil i gcás ina measfaidh siad, bunaithe ar imthosca oibiachtúla, go bhfuil ag teip ar oibreoir nó ar thrádálaí amháin nó níos mó forálacha an Rialacháin seo a chomhlíonadh.
2. Déanfaidh údarás inniúla measúnú ar na hábhair inní go dícheallach neamhchlaonta agus déanfaidh siad na bearta is gá, lena n- áirítear seiceálacha ar oibreoirí agus ar thrádálaithe agus éisteachtaí leo, d'fhonn sárúithe féideartha ar fhorálacha an Rialacháin seo a bhrath agus, i gcás inarb iomchuí, bearta eatramhacha faoi Airteagal 21 chun cosc a chur ar thráchtearraí agus ar tháirgí ábhartha atá faoi imscrúdú a bheith á gcur ar mhargadh an Aontais, á gcur ar fáil air agus á n- onnmhairiú uaidh.
3. Déanfaidh an t- údarás inniúil, a luaithe agus is féidir agus i gcomhréir leis na forálacha ábhartha den dlí náisiúnta, na daoine nádúrtha nó dlítheanacha dá dtagraítear i mír 1 a chur ar an eolas, arb iad na daoine iad a chuir barúlacha faoi bhráid an údaráis, faoina chinneadh aontú don iarraidh ar ghníomhaíocht nó diúltú di agus tabharfaidh sé na cúiseanna leis sin.

Airteagal 30

Rochtain ar an gceartas

1. Beidh rochtain ag aon duine nádúrtha nó dlítheanach ag a mbeidh leas leordhóthanach, lena n- áirítear acu siúd a chuir isteach ábhar inní a bhfuil bunús leis i gcomhréir le hAirteagal 29, ar chúirt nó ar chomhlacht poiblí neamhspleách neamhchlaonta eile atá inniúil chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht ghnásúil agus shubstainteach na gcinntí, na ggníomhartha nó na heaspa gníomhaíochta ón údarás inniúil faoin Rialachán seo.
2. Beidh an Rialachán seo gan dochar d'aon fhoráil den dlí náisiúnta lena gceanglaítear go mbeidh nósanna imeachta athbhreithniúcháin riaracháin spionta sula rachfar i muintín imeachtaí breithiúnacha.

Caibidil 7

Córas Faisnéise

Airteagal 31

Córas Faisnéise 'Clár'

1. Déanfaidh an Coimisiún córas faisnéise ('Clár') a bhunú agus a choimeád ar bun, faoin dáta a bhunaítear in Airteagal 36(2), ina mbeidh na ráitis maidir le dícheall cuí arna gcur ar fáil de bhun Airteagal 4(2).
2. Beidh na feidhmiúlachtaí seo a leanas ar a laghad ag an gcóras faisnéise:
 - (a) oibreoirí agus trádálaithe agus a n- ionadaithe údaraithe san Aontas Eorpach a chlárú; i gcás oibreoirí a chuireann tráchtearraí agus táirgí ábhartha faoin nós imeachta custaim 'scaoileadh i saorchúrsaíocht' nó 'onnmhairiú', áireofar ina bpróifíl clárúcháin an uimhir Chláraithe agus Aitheantais Oibreoirí Eacnamaíocha (EORI) a bhunaítear de bhun Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013;
 - (b) ráitis maidir le dícheall cuí a chlárú lena n- áirítear uimhir thagartha le haghaidh gach ráitis maidir le dícheall cuí a thabhairt don oibreoir nó don trádálaí lena mbaineann;
 - (c) toradh na rialuithe ar ráitis maidir le dícheall cuí a chlárú;
 - (d) idirnascadh le húdaráis chustaim trí Thimpeallacht Ionad Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh do Chustaim* [is féidir tagairt dhíreach a dhéanamh don Rialachán nuair a ghlacfar é], i gcomhréir le hAirteagal 26, lena n- áirítear ceadú na bhfógraí agus na n- iarrataí faoi Airteagal 24(5) go (8);
 - (e) próifiliú riosca ar oibreoirí, ar thrádálaithe agus ar thráchtearraí agus ar tháirgí ábhartha a chumasú chun coinsíneachtaí ardriosca a shainathint i gcomhréir leis an anailís riosca in Airteagal 14(4);
 - (f) cúnamh riaracháin agus comhar idir údaráis inniúla agus an Coimisiún a chumasú chun faisnéis agus sonraí a mhalartú;
 - (g) cumarsáid idir údaráis inniúla agus oibreoirí agus trádálaithe a chumasú chun an Rialachán seo a chur chun feidhme.
3. Bunóidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha maidir le feidhmiú an chórais faisnéise, lena n- áirítear rialacha maidir le cosaint sonraí pearsanta agus malartú sonraí le córais eile TF. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 33(2) den Rialachán seo.
4. Tabharfaidh an Coimisiún rochtain ar an gcóras faisnéise sin d'údaráis chustaim, d'údaráis inniúla, d'oibreoirí agus do thrádálaithe i gcomhréir lena gcuid oibleagáidí féin faoin Rialachán seo.
5. I gcomhréir le Beartas Sonraí Oscailte an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe le Treoir (AE) 2019/1024³⁶, tabharfaidh an Coimisiún rochtain ar thacair sonraí iomlána anaithnidithe an chórais faisnéise don phobal i gcoitinne i bhformáid oscailte mheaisín- inléite agus lena n- áiríteofar idir- inoibritheacht, athúsáid agus inrochtaineacht.

³⁶ Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le sonraí oscailte, agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid (IO L 172, 26.6.2019, lch. 56-83).

Caibidil 8

Athbhreithniú

Airteagal 32

Athbhreithniú

1. Tráth nach déanaí ná 2 bhliain tar éis dó teacht i bhfeidhm, déanfaidh an Coimisiún an chéad athbhreithniú ar an Rialachán seo, agus cuirfidh an Coimisiún tuarascáil i láthair Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle lena ngabhfaidh, más iomchuí, togra reachtach. Díreofar go háirithe sa tuarascáil ar mheastóireacht ar an ngá atá le leathnú raon feidhme an Rialacháin seo chuig éiceachórais eile, agus ar a indéanta a bheadh sé sin, lena n- áirítear talamh ina bhfuil stoic mhóra carbóin agus talamh lena mbaineann luach ard bithéagsúlachta amhail féarthailte, tailte portaigh agus bogaigh agus tráchtearraí breise.
2. Tráth nach déanaí ná 5 bliana tar éis don Rialachán teacht i bhfeidhm agus gach 5 bliana ar a laghad ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ginearálta ar an Rialachán seo, agus cuirfidh sé tuarascáil i láthair Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle lena ngabhfaidh, más iomchuí, togra reachtach. Áireofar sa chéad cheann de na tuarascálacha meastóireacht ar na nithe seo a leanas go háirithe, bunaithe ar staidéir shonracha:
 - (a) an gá atá le tuilleadh uirlisí éascaithe trádála, agus a n- indéantacht, chun tacú le gnóthú chuspóirí an Rialacháin lena n- áirítear trí scéimeanna deimhniúcháin a aithint;
 - (b) tionchar an Rialacháin ar fheirmeoirí, go háirithe feirmeoirí beaga, pobail dhúchasacha agus pobail áitiúla agus an gá a d'fhéadfadh a bheith le tuilleadh tacaíochta le haghaidh an aistrithe chuig slabhraí soláthair inbhuanaithe.
3. Gan dochar don athbhreithniú ginearálta faoi mhír 1, déanfaidh an Coimisiún an chéad athbhreithniú ar Iarscríbhinn I tráth nach déanaí ná 2 bhliain tar éis don Rialachán seo teacht i bhfeidhm, agus ag eatraimh thráthrialta ina dhiaidh sin chun a mheasúnú cé acu is iomchuí nó nach iomchuí na táirgí ábhartha a liostaítear in Iarscríbhinn I a leasú nó síneadh a chur leo chun a áirithiú go n- áireofar sa liosta sin gach táirge a bhfuil tráchtearraí ábhartha iontu, a beathaíodh le tráchtearraí ábhartha nó ar úsáideadh tráchtearraí ábhartha lena ndéanamh, ach amháin i gcás ina mbeidh éifeacht diomaibhseach ag éileamh ar na táirgí sin ar an dífhoraioisiú. Beidh na hathbhreithnithe bunaithe ar mheasúnú ar éifeacht na dtráchtearraí agus na dtáirgí ábhartha ar an dífhoraioisiú agus ar an díghrádú foraoise, agus cuirfear san áireamh iontu athruithe ar thomhaltas, mar a shonraítear le fianaise eolaíoch.
4. Tar éis athbhreithniú mar a leagtar amach i mír 3, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmhligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 33 chun Iarscríbhinn I a leasú chun go n- áireofar ann táirgí ábhartha a bhfuil tráchtearraí ábhartha iontu nó ar úsáideadh tráchtearraí ábhartha lena ndéanamh.

Caibidil 9

Forálacha críochnaitheacha

Airteagal 33

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 9(3), Airteagal 10(8) agus Airteagal 32(4) a thabhairt don Choimisiún ar feadh tréimhse 5 bliana ón LL/MM/BB: Déanfaidh an Coimisiún, 6 mhí ar a dhéanaí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas i leith tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaíthe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 9(3), Airteagal 10(8), agus Airteagal 32(4) a chúlghairm tráth ar bith. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.
4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.
5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.
6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 9(3), Airteagal 10(8) agus Airteagal 32(4) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh sé curtha in iúl don Choimisiún ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle araon nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar síneadh [2 mhí] a chur leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 34

Nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011³⁷.
2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír sin, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, ag féachaint d'fhorálacha Airteagal 11 de.

Airteagal 35

Aisghairmeacha

Aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 995/2010 le héifeacht ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo a leagtar amach in Airteagal 36(2).

Airteagal 36

Teacht i bhfeidhm agus dáta cur i bhfeidhm

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.
2. Beidh feidhm ag Airteagail 3 go 12, 14 go 22, 24, 29 agus 30 12 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.
3. Beidh feidhm ag na hAirteagail dá dtagraítear i mír 2 24 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo maidir le hoibreoirí ar micrifhiontair iad³⁸ a bhunaítear faoin 31 Nollaig 2020, ach amháin táirgí a chumhdaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 995/2010.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

³⁷ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún.

³⁸ Mar a shainítear in Airteagal 3(1) de Threoir 2013/34/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara maidir le cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 78/660/CEE ón gComhairle agus Treoir 83/349/CEE ón gComhairle.

RÁITEAS AIRGEADAIS REACTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

1.3. Baineann an togra/tionscnamh le

1.4. Cuspóirí

1.4.1. Cuspóirí ginearálta

1.4.2. Cuspóirí sonracha

1.4.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann

1.4.4. Táscairí feidhmíochta

1.5. Forais an togra/tionscnaimh

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh.

1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas AE (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta, comhlántachtaí, nó gnóthachain de thoradh comhordú). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas AE' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart

1.5.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile

1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh

1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an tionchar airgeadais a mheastar a bheidh aige

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an mhaoinithe, leis na coinníollacha íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe

2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú

2.2.3. Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú') agus

measúinú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an iocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

3.2.2. An t-aschur a mheastar a mhaoineofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin

3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha

3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

RÁITEAS AIRGEADAIS REACTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tráchtearraí agus le táirgí ábhartha áirithe atá bainteach leis an dífhoraioisiú agus leis an díghrádú foraoise

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

09 - An Comhshaol agus Gníomhú ar son na hAeráide

1.3. Baineann an togra/tionscnamh le

☒ beart nua

☐ beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart¹

☐ síneadh ar bheart atá ann cheana

☒ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

1.4. Cuspóirí

1.4.1. Cuspóirí ginearálta

Is é an cuspóir ginearálta an dífhoraioisiú agus an díghrádú foraoise a spreagtar le tomhaltas agus táirgeacht an Aontais a shrianadh. Tá coinne leis, dá réir sin, go laghdófar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus ar chailliúint bithéagsúlachta faoi thionchar an Aontais.

1.4.2. Cuspóirí sonracha

Cuspóir sonrach Uimh.

An dífhoraioisiú agus an díghrádú foraoise a spreagtar le tomhaltas agus le táirgeacht an Aontais a shrianadh:

- Íoslaghdú a dhéanamh ar thomhaltas táirgí a thagann ó shlabhraí soláthair atá bainteach leis an dífhoraioisiú nó leis an díghrádú foraoise.
- Méadú a dhéanamh ar éileamh an Aontais ar thráchtearraí agus ar tháirgí atá dlíthiúil agus ‘gan dífhoraioisiú’ agus trádáil iontu sin a mhéadú.

1.4.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann

Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.

Leis an rialachán beartaithe cuirfear cosc ar an dífhoraioisiú faoi thionchar thomhaltas agus tháirgeacht na sé thráchtearra a n-áirítear leis an raon feidhme san Aontas, agus réamh-mheastar dá thairbhe sin gur lú an dífhoraioisiú agus an díghrádú foraoise a dhéanfar faoi thionchar an Aontais in i bhfad os cionn 71 920 heicteár d'fhoraioisí gach bliain faoi 2030. Chiallóidh sé sin freisin laghdú 31.9 milliún ar a laghad de thonnaí méadracha d'astaíochtaí carbóin san atmaisféar gach bliain mar gheall ar thomhaltas agus ar tháirgeacht na dtráchtearraí ábhartha san Aontas, rud a d'fhéadfadh a bheith ina gcoigiltis eacnamaíocha de EUR 3.2 billiún ar a laghad go

¹ Dá dtagraítear in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

bliantúil. Ina theannta sin, tá coinne leis go rannchuideoidh an rialachán go cinntitheach le cosaint na bithéagsúlachta, le cothroime iomaíochta a chruthú le haghaidh cuideachtaí a oibríonn i margadh an Aontais, mar aon le cuspóirí sonracha an rialacháin a bhaint amach: Íoslaghdú a dhéanamh ar thomhaltas táirgí a thagann ó shlabhraí soláthair atá bainteach leis an dífhoraísiú nó leis an díghrádú foraoise agus méadú a dhéanamh ar éileamh an Aontais ar thráchtearraí agus ar tháirgí atá dlíthiúil agus ‘gan dífhoraísiú’ agus trádáil iontu sin a mhéadú.

1.4.4. *Táscairí feidhmíochta*

Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.

1. Is lú an dífhoraísiú agus an díghrádú foraoise a dhéanfar ar 71 920 heicteár ar a laghad d’fhoraísiú gach bliain mar gheall ar thomhaltas nó ar tháirgeacht na dtráchtearraí san Aontas sa raon feidhme.
2. Ní astófar 31.9 milliún ar a laghad de thonnaí méadracha d’astaíochtaí carbóin san atmaisféar gach bliain mar gheall ar thomhaltas agus ar tháirgeacht na dtráchtearraí san Aontas sa raon feidhme.
3. Is lú na speicis ainmhithe agus plandaí a bheidh faoi bhagairt a ndíothaithe mar gheall ar an dífhoraísiú agus an díghrádú foraoise faoi thionchar an Aontais.
4. Beidh ag oibreacha agus ag trádálaithe a bhíonn ag déileáil leis na tráchtearraí ábhartha san Aontas creat dlíthiúil Aontais a bheidh soiléir intuairde agus lena gcruthófar cothroime iomaíochta a mhéid a bhaineann le hoibleagáidí chun an dífhoraísiú agus an díghrádú foraoise a chosc.
5. Laghdófar an líon táirgí a dhíoltar san Aontas a thagann ó shlabhraí soláthair atá bainteach leis an dífhoraísiú nó leis an díghrádú foraoise.
6. Méadófar tomhaltas agus táirgeacht na dtráchtearraí agus na dtáirgí atá ‘gan dífhoraísiú’ san Aontas.

1.5. **Forais an togra/tionscnaimh**

1.5.1. *Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh.*

Beidh feidhm dhíreach ag an rialachán beartaithe ón lá a thagann sé i bhfeidhm. Déanfar sraith gníomhartha cur chun feidhme/tarmligthe, mar aon le cúraimí riaracháin, a imscaradh laistigh de thréimhse 5 bliana ón dáta a bhunaítear in Airteagal 36(1) iad.

Tá liosta mionsonraithe de na gníomhaíochtaí sin a bheartaítear thíos:

1. Roimh an dáta a bhunaítear in hAirteagal 36(2) iad:

- a) Tairiscint phoiblí (nó socrú riaracháin) ar chonradh chun an córas tagarmharcála tíre a fhorbairt i gcomhréir leis na critéir a shonraítear sa rialachán.
- b) Tairiscint phoiblí ar mheasúnú tionchair maidir le tráchtearraí agus le táirgí breise agus a chumhdach mar aon le héiceachórais leochaileacha eile.

c) Tairiscint phoiblí ar chonradh chun tacú leis an gCoimisiún sna cúraimí a shainordaítear sa rialachán.

d) Conradh nó socrú riaracháin chun an córas faisnéise a fhorbairt chun sonraí ar oibreoirí agus ar fhéindearbhuithé a stóráil agus a mhalartú.

2. Laistigh den chéad 5 bliana tar éis an dáta a bhunaítear le hAirteagal 36(1) iad:

a) Glacann an Coimisiún liostaí de thíortha ísealriosca agus ardriosca agus de chodanna díobh trí ghníomh tarmligthe/cur chun feidhme.

b) Glacann an Coimisiún raon feidhme táirgí oiriúnaithe trí ghníomh tarmligthe/cur chun feidhme.

d) Tairiscint phoiblí ar chonradh chun tacú leis an gcéad mheastóireacht ar an rialachán.

e) Déanann agus formheasann an Coimisiún an chéad mheastóireacht ar an rialachán, lena ngabhfaidh, mar is iomchuí, togra reachtach lena molfar leasuithe féideartha.

1.5.2. *Breisluch a bhaineann le rannpháirteachas AE (d'fhéadfadh an breisluch a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta, comhlántachtaí, nó gnóthachain de thoradh comhordú). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluch a bhaineann le rannpháirteachas AE' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

Cúiseanna le beart a dhéanamh ar leibhéal na hEorpa (*ex- ante*)

Tá tionscnóirí an dífhoraoisithe agus an díghrádaithe foraoisí nasctha le trádáil an Aontais agus leis an trádáil idirnáisiúnta. Tá gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais Eorpaigh fíor- riachtanach chun go mbeifear in ann aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna trádála idirnáisiúnta ar bhealach comhordaithe comhchuibhithe, agus chun a áirithiú go mbeidh cothroime iomaíochta ann le haghaidh cuideachtaí, i dtéarmaí na gceanglas atá le comhlíonadh acu sula ndéanfaidh siad táirgí a chur ar mhargadh an Aontais nó iad a chur ar fáil air nó a onnmhairiú uaidh. Thairbheodh gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais freisin de thaithí an Aontais roimhe seo le bheith ag déileáil le slabhraí casta soláthair (e.g. ag eascairt as an reachtaíocht a bhaineann leis an lomaíocht neamhdhleathach, mar shampla.)

Ní ráthófaí ach le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais go mbainfear cuspóirí na hidirghabhála amach go héifeachtach, is iad sin, srianadh ar an dífhoraóisíú faoi thionchar an Aontais agus, dá bhrí sin, srianadh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus ar chailliúint na bithéagsúlachta a spreagtar le tomhaltas agus le táirgeacht an Aontais, mar aon le híoslachdú ar thomhaltas tráchtearraí agus táirgí atá bainteach leis an dífhoraóisíú.

An breisluch ar leibhéal an Aontais a mheastar a ghinfear (*ex- post*)

Áiríteofar le hidirghabháil an Aontais go mbeidh ceanglais chomhchuibhithe ann le haghaidh na dtáirgí agus na dtráchtearraí i faoi raon feidhme an Rialacháin agus a bhíonn á gcur ar mhargadh an Aontais, cibé acu a tháirgtear laistigh nó lasmuigh den Aontas iad. Áiríteofar leis sin go mbeidh cothroime iomaíochta ann le haghaidh cuideachtaí a oibríonn san Aontas, cuideachtaí a bheidh faoi réir na n- oibleagáidí céanna, gan beann ar an tír de chuid an Aontais ina bhfuil siad bunaithe. De bharr na

hidirghabhála, laghdófar an dífhoraaisiú faoi thionchar an Aontais go suntasach (féach na torthaí a bhfuil coinne leo thuas), mar aon le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus cailliúint na bithéagsúlachta.

Ba cheart don togra rannchuidiú freisin le híoslaghdu a dhéanamh ar thomhaltas táirgí a thagann ó shlabhraí soláthair atá bainteach leis an dífhoraaisiú nó leis an díghrádu foraoise; agus méadú a dhéanamh ar éileamh an Aontais ar thráchtearraí agus ar tháirgí atá dlíthiúil agus ‘gan dífhoraaisiú’ agus trádáil iontu sin a mhéadú.

1.5.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Is léir ón meastóireacht ar Rialachán EUTR agus FLEGT, lena ndírítear ar dhlíthiúlacht an adhmaid a chuirtear ar mhargadh an Aontais, go bhfuil gá leis an gcreat reachtach a nuachóiriú. Níl aon riail de chuid an Aontais i bhfeidhm faoi láthair arb é is aidhm di tionchar thomhaltas an Aontais ar an dífhoraaisiú agus ar an díghrádu foraoise a laghdú. Is forbairt é an togra ar na ceachtanna a foghlaimíodh ón tSeiceáil Oiriúnachta a mhéid a bhaineann le feabhas a chur ar an gcóras díchill chuí atá beartaithe (i gcomparáid le córas EUTR) agus i bhfianaise nach bhfuil conarthaí trádála déthaobhacha sonracha (Comhaontuithe Comhpháirtíochta Saorálaí FLEGT de chuid na hearnála adhmaid) sách éifeachtach le dul i ngleic leis an dífhoraaisiú faoi thionchar an Aontais.

1.5.4. *Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d’fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

Tá an tAontas Eorpach tar éis mórfhlean téarnaimh a fhormheas atá bunaithe ar bhuiséad fadtéarmach atreisithe le haghaidh an chéad Chreata Airgeadais Ilbhliantúil eile agus le haghaidh ionstraim nua téarnaimh, Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh.

Tagann an tionscnamh faoi scáth an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, lena dtreoraítear straitéis téarnaimh an Aontais. Is é is aidhm dó an tAontas a dhéanamh aeráidneodrach faoi 2050 agus cailliúint na bithéagsúlachta a shrianadh. Áirítear leis sin an cuspóir táirgí agus slabhraí luacha a chur chun cinn nach mbaineann an dífhoraaisiú ná an díghrádu foraoise leo. Moltar leis freisin go mbeidh biashlabhraí níos inbhuanaithe ann agus go leagfaidh an tAontas caighdeáin nua síos le haghaidh fás inbhuanaithe agus go mbainfidh sé úsáid as an téagar eacnamaíoch atá aige chun caighdeáin idirnáisiúnta a mhúnlú atá i gcomhréir le huailmhianta comhshaoil agus aeráide an Aontais. Tá an tionscnamh ina chuid de na tosaíochtaí a leagtar amach i Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030 agus sa Straitéis ‘ón bhfeirm go dtí an forc’ freisin.

Tagann an tionscnamh faoi Cheannteideal 3 (Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol), Teideal 9 (An Comhshaol agus Gníomhú ar son na hAeráide) den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil. Mar a mhionsonraítear thíos, beidh gá le tuilleadh acmhainní daonna agus roinnt caiteachais tacaíochta freisin chun an chuid sin den reachtaíocht a chur chun feidhme. Is le clár an Aontais don chomhshaol agus do ghníomhú ar son na haeráide (LIFE) 2021–2027 a chumhdófar an caiteachas tacaíochta.

1.5.5. *Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

De thoradh chur chun feidhme an Rialacháin seo, tiocfaidh líon mór agus réimse leathan earnálacha eacnamaíocha faoi raon feidhme an Rialacháin, agus beidh gá dá

bhrí sin le tuilleadh acmhainní daonna, le hacmhainní soláthair i gcomhair conraitheoirí seachtracha agus le socruithe riaracháin idir seirbhísí an Choimisiúin.

Beidh gá le cúigear coibhéis lánaimseartha breise laistigh de AS an Chomhshaoil chun an Rialachán a chur chun feidhme, lena n- áirítear comhar idirnáisiúnta. Tá gá le beirt choibhéis lánaimseartha bhreise laistigh d'Ard- Stiúrthóireacht na gComhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta a dhíreoidh ar chomhar agus ar fhorbairt mar aon le coibhéis lánaimseartha bhreise amháin le haghaidh Ard- Stiúrthóireacht an Chánachais agus an Aontais Custaim chun an Rialachán a chur chun feidhme, go háirithe maidir le hoibleagáidí a bhaineann le custaim.

Tá na riachtanais bunaithe ar ríomhanna na n- acmhainní arna sannadh do na huirlisí reachtacha arb é is aidhm dóibh an lománaíocht neamhdhleathach a chomhrac (Rialachán EUTR agus FLEGT), a rachaidh an tionscnamh beartaithe ina ionad an chéad chinn acu sin. Is iad na baill foirne atá ar fáil faoi láthair in AS an Chomhshaoil 3.25 riarthóir + 1 chúntóir + 1 SND saor + 0.5 coibhéis lánaimseartha de ghníomhaire ar conradh. Cumhdaítear leis sin: a) Dhá rialachán de chuid an Aontais (Rialachán EUTR agus FLEGT) a chur chun feidhme agus faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh orthu; b) idirbheartaíocht a dhéanamh ar Chomhaontuithe Comhpháirtíochta Saorálaí le cúig thír (an Indinéis, Vítneam, Laos, an Téalainn agus an Mhalaeisia) agus iad a chur chun feidhme, agus dul i gcomhar le tíortha táirgthe agus tomhaltóirí eile, lena n- áirítear struchtúr buanchomhair leis an tSín; c) ionadaíocht a dhéanamh don Aontas i bhfóraim iltaobhacha: FAO, Fóram na Náisiún Aontaithe maidir le Foraoisí (UNFF) agus an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach (ITTO); d) cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí breise dá bhforáiltear sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le 'Dlús a Chur le Gníomhaíocht an Aontais chun Foraoisí an Domhain a Chosaint agus a Athbhunú.²

Ní hamháin go gcomhtháthófar leis an togra nua reachtaíocht Aontais atá ann cheana, ach leathnófar leis go suntasach freisin raon feidhme na ngníomhaíochtaí agus castacht an chur chun feidhme, rud a fhágann gur gá acmhainní nua dá thoradh. Is é a bheidh i gceist leis an togra nua an raon feidhme a leathnú ó thráchtearra amháin (adhmad) go dtí sé thráchtearra (mairteoil, ola pailme, soighe, cócó agus caife á gcur leis) agus go dtí na táirgí a ndíorthaítear uathu, agus leathnófar a chumhdach sa chaoi go mbeidh an inbhuanaitheacht san áireamh ann de bhreis ar an dlíthiúlacht. Tá coinne leis, dá réir sin, go méadófar luach na n- earnálacha eacnamaíocha lena mbaineann mar aon leis an líon geallsealbhóirí agus tríú tíortha a ndéanfaidh an Rialachán difear mór dóibh go díreach. Beidh níos mó cruinnithe Sainghrúpa ann (ó chúig cinn go sé cinn) agus níos mó comhaltaí sa ghrúpa (á leathnú ó na Ballstáit amháin chun geallsealbhóirí agus tríú tíortha a áireamh.) Beidh córas nua faisnéise ann (féach thíos), i dteannta an chórais atá ceaptha go sonrach do Rialachán FLEGT. Tá coinne leis go mbeidh comhar níos dlúithe idir na dosaenacha tíortha sa chóras tagarmharcála tíre (féach thíos). Beidh an Rialachán níos infheicthe agus níos íogaire ó thaobh na polaitíochta i gcomparáid leis an staid roimhe seo tráth nár cumhdaíodh ach adhmad amháin, toisc go ndéanfar difear d'earnálacha atá fíor- riachtanach do gheilleagair thíortha áirithe (e.g. cócó sa Chósta Eabhair agus i nGána; ola pailme san Indinéis agus sa Mhalaeisia; soighe agus eallach sa Bhrasaíl agus san Airgintín) agus beidh gá dá réir le rannpháirtíocht dhéthaobhach threisithe lena n- áirítear ar leibhéal saineolaithe. Méadófar cúraimí ionadaíochta AS an Chomhshaoil i bhfóraim idirnáisiúnta, freisin. Méadófar cúraimí tuairisciúcháin na mBallstát i gcomhréir leis

²

<https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?qid=1565272554103&uri=CELEX:52019DC0352>.

an raon níos mó de thráchtearraí agus luach méadaithe na n-earnálacha eacnamaíocha a bheidh i gceist. Beidh cúraimí breise i gceist leis an aistriú chuig an Rialachán nua, le haisghairm EUTR agus le hoiriúnú Rialachán FLEGT thar an chéad 5 bliana oibríochta.

Méadófar leis na gníomhaíochtaí agus leis na cúraimí nua uile sin ualach oibre AS an Chomhshaoil go mór. Mar gheall ar thábhacht pholaitiúil agus eacnamaíoch mhéadaithe an Rialacháin nua beidh gá le tuilleadh ullmhúcháin agus le tuilleadh oibre anailíse chun bainistíocht a dhéanamh ar níos mó idirghníomhaíochtaí — ar an leibhéal polaitiúil agus oibre araon — le ranna eile de chuid an Choimisiúin, leis an gComhairle agus le Parlaimint na hEorpa, le geallsealbhóirí, le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta. De bharr na gcúraimí breise tuairisciúcháin a bheidh á ndéanamh agus na n- uirlisí breise (an córas faisnéise agus an córas tagarmharcála) a bheidh á mbainistiú ag AS an Chomhshaoil, beidh ar AS an Chomhshaoil formhaoirseacht bhreise a dhéanamh. Chun an cur chun feidhme a chuíchóiriú agus feabhas a chur air i gcomparáid le Rialacháin EUTR agus FLEGT — a raibh roinnt easnamh ag baint leo, mar a léirítear sa tSeiceáil Oiriúnachta —, agus an raon feidhme níos leithne á chur san áireamh, beidh éileamh ar níos mó acmhainní ó AS an Chomhshaoil atá tiomnaithe d'fhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme sna Ballstáit.

Tá ardinniúlacht bhreithiúnais pholaitiúil, eolas ar bheartais, scileanna anailíse, neamhspleáchas agus teacht aniar ag teastáil le haghaidh na gcúraimí sin uile nach féidir ach le hoifigigh na hArd- Stiúrthóireachta a sholáthar. Mar gheall ar shlabhraí casta soláthair na dtráchtearraí atá i gceist, agus ar na difríochtaí tíreolaíochta ar fud na cruinne, b'innmholta díriú ar mhéid áirithe speisialaithe laistigh den fhoireann in AS an Chomhshaoil atá i gceannas ar an gcur chun feidhme. Is féidir é sin a dhéanamh de réir an tráchtearra, an réigiúin nó an chúraim, ach ceanglófar na hacmhainní foirne breise mar a leagtar amach thuas. Úsáidfear an seachfhoinsiú a mhéid is féidir (féach thíos), ach ceanglaítear formhaoirseacht air sin freisin. Ina theannta sin, tá príomhchúraimí ann a n- éilítear leibhéal ard íogaireachta polaitiúla lena n- aghaidh agus nach mór don Choimisiún iad a dhéanamh.

Méadófar líon na n- acmhainní a bheidh de dhíth ar AS an Chomhshaoil, AS na gComhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta agus AS an Chánachais agus an Aontais Chustaim. Beidh ar AS an Chomhshaoil oibriú ar an tagarmharcáil tíre a fheidhmiú (atá casta ó thaobh na teicniúlachta agus na taidhleoireachta araon), agus leanúint an tráth céanna de bheith ag cur oibleagáidí dlíthiúla roimhe seo chun feidhme sa chomhthéacs nua sin, lena n- áirítear comhar idirnáisiúnta (obair sheasta le tíortha comhpháirtíochta, idir tíortha tomhaltóirí agus thíortha táirgthe atá rithábhachtach chun sceitheadh a sheachaint). Díreoidh AG na gComhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta go háirithe ar chlár nua chomhair faoin gcreat Comhpháirtíochtaí Foraoise, arb é is aidhm dóibh cuidiú le tíortha táirgthe an Rialachán a chomhlíonadh, i measc spriocanna eile. Tairgfear na Comhpháirtíochtaí Foraoise do gach tír ábhartha, lena n- áirítear iad siúd atá rannpháirteach faoi láthair in idirbheartaíocht ar Chomhaontuithe Comhpháirtíochta Saorálaí nó ina gcur chun feidhme. Oibreoidh AS an Chánachais agus an Aontais Chustaim ar bheartas an Rialacháin a chur chun feidhme go ginearálta mar aon le reachtaíocht thánaisteach a ullmhú agus a dhréachtú i ndáil le tráchtearraí agus le táirgí a thugtar isteach i margadh an Aontais nó a chuirtear amach as. Beidh acmhainní daonna breise de dhíth ar AS an Chomhshaoil, AS na gComhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta agus AS an Chánachais agus an Aontais Chustaim le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin.

Sula dtiocfaidh sé i bhfeidhm agus sa chéad 5 bliana oibríochta, beidh gá freisin le buiséad soláthair le haghaidh conraitheoirí seachtracha a bheidh ag tacú leis an gcéad athbhreithniú ar an raon táirgí, leis an gcéad mheastóireacht ar an rialachán agus le cur chun feidhme ginearálta an rialacháin. Is é EUR 3 050 000 an buiséad a mheastar le haghaidh na dtrí chonradh sin thar na chéad 5 bliana. Tá an meastachán sin bunaithe ar chonarthaí soláthair roimhe seo a raibh na saintréithe céanna acu.

Tá gá freisin leis an gclár díchill chuí a fhorbairt, ar bunachar sonraí é lena nasctar údarais chustaim na mBallstát le húdarais inniúla eile de chuid na mBallstát agus leis an gCoimisiún, agus lena stórálfar agus lena n-éascófar faisnéis arna soláthar ag oibreoirí (a gclárú agus a gcuid féindearbhuíthe, go bunúsach.) D'fhéadfaí é sin a dhéanamh trí chonraitheoir seachtrach nó trí shocrú riaracháin le seirbhísí an Choimisiúin. Tá AS an Chomhshaoil tar éis meastachán buiséid EUR 1.5 milliún a éascú le haghaidh 5 bliana chun an bunachar sonraí, ag a mbeidh na feidhmiúlachtaí a cheanglaítear, a chruthú agus a choinneáil ar bun. Ina theannta sin, tá AS an Chánachais agus an Aontais Chustaim tar éis buiséad EUR 950 000 a chomhdú thar na chéad 5 bliana oibríochta le haghaidh na hoibre TF is gá chun na córais chustaim a oiriúnú do na hathruithe a cheanglaítear leis an Rialachán. Beidh roghanna maidir le forbairt TF agus roghanna gaolmhara soláthair faoi réir réamhcheadú Bhord an Choimisiúin Eorpaigh um Theicneolaíocht Faisnéise agus um Chibearshlándáil.

A mhéid a bhaineann le cruthú agus le hoibriú na tagarmharcála tíre, d'fhéadfaí é sin a dhéanamh trí shocrú riaracháin nó trí chonradh seachtrach. Beartaítear buiséad sealadach EUR 4 369 000 le haghaidh na chéad 5 bliana oibríochta. Tá sé sin beagnach cúig oiread níos mó ná an méid a beartaíodh sa Mheasúnú Tionchair, a ríomhadh i dtéarmaí uaireanta oibre. Is amhlaidh sin toisc gur leagan simplithe a bhí sa tagarmharcáil a beartaíodh sa Mheasúnú Tionchair, rud a méadaíodh sa togra dlíthiúil críochnaitheach le critéir nua measúnúcháin, mar aon le breis cúraimí comhair le tíortha a ndéanfar difear dóibh. Gabhann saothar mór leis na gnéithe nua sin – is uaillmhianach an saothar é measúnú a dhéanamh ar an reachtaíocht agus í a fhorfheidhmiú i ngach tír – agus beidh líon i bhfad níos mó uaireanta oibre i gceist leis. Cuireadh san áireamh an taithí le forléargais tíre a bhain le Rialachán an Aontais maidir le hAdhmad agus an méid athchóirithe á ríomh.

1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an tionchar airgeadais a mheastar a bheidh aige

☐ **tréimhse theoranta**

- ☐ i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB
- ☐ Tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí agus ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☒ **tréimhse neamhtheoranta**

- Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh ó 2023 go 2027,
- agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe³

☒ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

- ☒ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;
- ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin;

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☐ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

- ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;
- ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);
- ☐ BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;
- ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 70 agus Airteagal 71 den Rialachán Airgeadais;
- ☐ comhlachtaí dlí phoiblí;
- ☐ comhlachtaí a rialaítear le dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais dóibh;
- ☐ comhlachtaí a rialaítear le dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;
- ☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.
- *I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn 'Nótaí' le do thoil.*

Nótaí

³ Is féidir mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fheiceáil ar shuíomh gréasáin Ard- Stiúrthóireacht an Bhuiséid:
<https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/EN/man/budgmanag/Pages/budgmanag.aspx>

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo

Is é is ábhar don suirbhé ar an bhfórsa saothair caiteachas foirne, soláthar, agus socruithe féideartha riaracháin. Tá feidhm ag na gnáthrialacha maidir leis an gcineál caiteachais sin

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.2.1. *An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an mhaoinithe, leis na coinníollacha íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Bainistíocht dhíreach arna déanamh ag an gCoimisiún is ea an modh bainistíochta le haghaidh an tionscnaimh. Tabharfaidh Sainghrúpa ina mbeidh ionadaithe agus geallsealbhóirí ó na Ballstáit cúnamh don Choimisiún. Sainghrúpa an Choimisiúin/an Ardáin Ilgheallsealbhóra maidir le Foraoisí an Domhain a Chosaint agus a Athbhunú. Tabharfaidh Coiste cúnamh don Choimisiún freisin.

Ar an bhforiomlán, baineann caiteachas foirne, soláthar agus socruithe féideartha riaracháin leis an tionscnamh. Tá feidhm ag na gnáthrialacha maidir leis an gcineál caiteachais sin.

2.2.2. *Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Ar an bhforiomlán, baineann caiteachas foirne, soláthar agus socruithe féideartha riaracháin leis an tionscnamh. Tá feidhm ag na gnáthrialacha maidir leis an gcineál caiteachais sin.

2.2.3. *Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú') agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíochta a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

Ar an bhforiomlán, baineann caiteachas foirne, soláthar agus socruithe féideartha riaracháin leis an tionscnamh. Tá feidhm ag na gnáthrialacha maidir leis an gcineál caiteachais sin.

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaoise.

Ar an bhforiomlán, baineann caiteachas foirne, soláthar agus socruithe féideartha riaracháin leis an tionscnamh. Tá feidhm ag na gnáthrialacha maidir leis an gcineál caiteachais sin.

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteide al an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne buiséid	Cineál caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir	LD/LN. ⁵⁷	ó thíortha de chuid CSTE ⁵⁸	ó thíortha is iarrthóirí ⁵⁹	ó thíortha	de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais
3	09 02 01 - Dúlra agus bithéagsúlacht	LD	TÁ	NÍL	NÍL	NÍL
7	20.01.02.01 – Luach saothair agus lamháltais	Neamhdh if.	NÍL	NÍL	NÍL	NÍL
7	20 02 06 02 - Costais a bhaineann le comhdhálacha agus cruinnithe	Neamhdh if.	NÍL	NÍL	NÍL	NÍL

⁵⁷ LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte

⁵⁸ CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa

⁵⁹ Thíortha is iarrthóirí agus, i gcás inarb infheidhme, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n- iarrthóirí

3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí
- ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	3	Acmhainní Nádurtha agus an Comhshaol
--	----------	---

Ard-Stiúrthóireacht: An Comhshaol			Bliain 2022	Bliain 2023	Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN (2022- 2027)
• Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí									
09 02 01 - Dúlra agus bithéagsúlacht	Gealltanais	(1a)	0.500	1.789	1.680	1,610	1.890	1.450	8.919
	Íocaíochtaí	(2a)	0.500	1.789	1.680	1,610	1.890	1.450	8.919
Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach ⁶⁰									
Líne buiséid		(3)							
IOMLÁN leithreasuithe d’AS an Chomhshaoil	Gealltanais	=1a+1b +3	0.500	1.789	1.680	1,610	1.890	1.450	8.919
	Íocaíochtaí	=2a+2b +3	0.500	1.789	1.680	1,610	1.890	1.450	8.919

⁶⁰ Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte ‘BA’) a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

Ard-Stiúrthóireacht: An Cánachas agus an tAontas Custaim			Bliain 2022	Bliain 2023	Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN (2022- 2027)
• Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí									
09 02 01 - Dúlra agus bithéagsúlacht	Gealltanais	(1a)	-	0,150	0.300	0.250	0,125	0,125	0.950
	Íocaíochtaí	(2a)	-	0,150	0.300	0.250	0,125	0,125	0.950
Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach ⁶¹									
Líne buiséid		(3)							
IOMLÁN leithreasuithe d'AS an Chánachais agus an Aontais Chustaim	Gealltanais	=1a+1b +3	-	0,150	0.300	0.250	0,125	0,125	0.950
	Íocaíochtaí	=2a+2b +3	-	0,150	0.300	0.250	0,125	0,125	0.950

• IOMLÁN leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	Gealltanais	(4)							
	Íocaíochtaí	(5)							
• IOMLÁN leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach		(6)							
IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 3 den chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	= 4+ 6	0.500	1.939	1.980	1.860	2.015	1,575	9.869
	Íocaíochtaí	= 5+ 6	0.500	1.939	1.980	1.860	2.015	1,575	9.869

⁶¹ Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte ‘BA’) a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

Beidh gá leis an méid a thuairiscítear thuas chun tacú le cúraimí cur chun feidhme éagsúla a bhaineann leis na forálacha reachtacha a dhéanfaidh AS an Chomhshaoil.

Áirítear leis na gníomhaíochtaí a soláthrófar an coimisiúnú ar staidéar a thacóidh leis na gcéad athbhreithniú ar an raon táirgí (arna bhuiséadú in 2022), staidéar lena dtacófar leis an gcéad mheastóireacht ar an rialachán (arna bhuiséadú in 2026) agus conradh tacaíochta le haghaidh chur chun feidhme ghinearálta an rialacháin (arna bhuiséadú go cothrom thar na chéad 5 bliana oibríochta.)

Ina theannta sin, áiríodh go sealadach sa chatagóir sin dhá ghníomhaíocht eile a d'fhéadfaí a fhorbairt trí chonradh seachtrach nó trí shocruithe riaracháin le seirbhísí an Choimisiúin. Is iad sin forbairt agus oibriú an chórais faisnéise agus forbairt agus oibriú an chórais tagarmharcála tíre. Tá an dá ghníomhaíocht buiséadaithe thar na chéad 5 bliana oibríochta.

Ar deireadh, áirítear méideanna chun go gcumhdófar leo na forbairtí TF agus an chothabháil ar na comhéadain leictreonacha idir córais chustaim náisiúnta agus an Córas Faisnéise a mhéid a bhaineann le malartuithe faisnéise idir údaráis chustaim agus údaráis inniúla. Áirítear iad ina gcuid de chostas foriomlán an chórais faisnéise.

Gach costas seachas costais Acmhainní Daonna agus Riaracháin								
Cúraimí	Acmhainní	2022	2023	2024	2025	2026	2027	IOMLÁ N
Cur chun feidhme ginearálta	Conradh tacaíochta ginearálta	-	0.450	0.450	0.450	0.450	0.450	2 250
Córas tagarmharcála	Conradh tacaíochta nó socrú riaracháin	-	1.009	0.840	0.840	0.840	0.840	4.369
Córas Faisnéise 'Clár' (An Comhshaol + An Cánachas agus an tAontas Custaim)	Conradh tacaíochta nó socrú riaracháin	-	0.480	0.690	0.570	0.425	0.285	2.450
Athbhreithniú ar raon táirgí	Conradh tacaíochta le haghaidh measúnú tionchair	0.500	-	-	-	-	-	0.500
An chéad mheastóireacht	Conradh tacaíochta le haghaidh meastóireachta	-	-	-	-	0.300	-	0.300
		0.500	1.939	1.980	1.860	2.015	1,575	9.869

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	7	‘Caiteachas riaracháin’
--	----------	-------------------------

Chun an roinn seo a líonadh isteach, ba cheart leas a bhaint as na ‘sonraí buiséid de chineál riaracháin’ a iontráladh ar dtús san [Iarscríbhinn a ghabhann leis an Ráiteas Airgeadais Reachtach](#) (Iarscríbhinn V a ghabhann leis na rialacha inmheánacha) agus a uaslódáladh ar an gcóras DECIDE chun críocha comhairliúcháin idirsheirbhíse.

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		Bliain 2022	Bliain 2023	Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN (2022- 2027)
Ard-Stiúrthóireacht: An Comhshaol								
• Acmhainní daonna		-	0.760	0.760	0.760	0.760	0.760	3.800
• Caiteachas riaracháin eile ⁶²		-	0.114	0.114	0.114	0.114	0.114	0.570
IOMLÁN AS an Chomhshaoil	Leithreasuithe	-	0.874	0.874	0.874	0.874	0.874	4.370

		Bliain 2022	Bliain 2023	Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN (2022- 2027)
Ard-Stiúrthóireacht: Comhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta								
• Acmhainní daonna		-	0.304	0.304	0.304	0.304	0.304	1.520
• Caiteachas riaracháin eile		-	-	-	-	-	-	-
IOMLÁN AS na gComhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta	Leithreasuithe	-	0.304	0.304	0.304	0.304	0.304	1.520

⁶² Beartaítear le hAirteagal 34 Coiste nua a bhunú de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011. Thairis sin, tabharfaidh sainghrúpa an Ardáin maidir leis an Dífhoraoisiú, atá ann cheana ach nach bhfuil cumhachtaí cinnteoireachta aige, cúnamh don Choimisiún.

		Bliain 2022	Bliain 2023	Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN (2022- 2027)
Ard-Stiúrthóireacht: An Cánachas agus an tAontas Custaim								
• Acmhainní daonna		-	0,152	0,152	0. 52	0,152	0,152	0.760
• Caiteachas riaracháin eile		-	-	-	-	-	-	-
IOMLÁN AS an Chánachais agus an Aontais Chustaim	Leithreasuithe	-	0,152	0,152	0,152	0,152	0,152	0.760

IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	(Iomlán gealltanais = Iomlán íocaíochtaí)	-	1,330	1,330	1,330	1,330	1,330	6.650
--	---	---	-------	-------	-------	-------	-------	--------------

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		Bliain 2022	Bliain 2023	Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN (2022- 2027)
IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	0.500	3.269	3.310	3.190	3.345	2.905	16.519
	Íocaíochtaí	0.500	3.269	3.310	3.190	3.345	2.905	16.519

3.2.2. An t-ascúir a mheastar a mhaoineofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanais in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Sonraigh cuspóirí agus aschuir			Bliain N	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Intráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)	IOMLÁN
	ASCHUIR							

↓	Cineál ⁶³	Meán chostas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon iomlán	Costas iomlán
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1 ⁶⁴ ...																		
- Aschur																		
- Aschur																		
- Aschur																		
Fo-iomlán do chuspóir sonracha Uimh. 1																		
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2...																		
- Aschur																		
Fo-iomlán do chuspóir sonracha Uimh. 2																		
IOMLÁN																		

⁶³ Is éard is aschuir ann táirgí agus seirbhísí atá le soláthar (e.g.: an líon malartuithe mac léinn a maoiníodh, líon km de bhóithre a tógadh, etc.).

⁶⁴ Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. ‘Cuspóirí sonracha...’

3.2.3. *Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin
- ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

	Bliain 2022	Bliain 2023	Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN (2023- 2027)
--	----------------	----------------	----------------	----------------	----------------	----------------	----------------------------

CEANNTÉIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil							
Acmhainní daonna	-	1 216	1 216	1 216	1 216	1 216	6.080
Caiteachas riaracháin eile	-	0.114	0.114	0.114	0.114	0.114	0.570
Fo_x001F_ - iomlán CHEANNTÉIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	-	1,330	1,330	1,330	1,330	1,330	6.650

Lasmuigh de CHEANNTÉIDEAL 7⁶⁵ den chreat airgeadais ilbhliantúil							
Acmhainní daonna							
Caiteachas eile de chineál riaracháin							
Fo- iomlán lasmuigh de CHEANNTÉIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil							

IOMLÁN	-	1,330	1,330	1,330	1,330	1,330	6.650
---------------	---	-------	-------	-------	-------	-------	--------------

Soláthrófar na leithreasuithe riaracháin is gá leis na leithreasuithe a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó ar athshannadh a gcúraimí, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt más gá don Ard- Stiúirtheacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha reatha.

⁶⁵ Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínite 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

3.2.3.1. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.
- ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha

	Bliain 2022	Bliain 2023	Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027
• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)						
20 01 02 01 (Ceannteathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin)	0,0	8,0	8,0	8,0	8,0	8,0
20 01 02 03 (Toscaireachtaí)						
01 01 01 01 (Taighde indíreach)						
01 01 01 11 (Taighde díreach)						
Línte buiséid eile (sonraigh)						
• Foireann sheachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: FTE)⁶⁶						
20 02 01 (CA, SNE, INT ón 'imchlúdach iomlánaíoch')						
20 02 03 (CA, LA, SNE, INT agus JPD sna toscaireachtaí)						
XX 01 xx yy zz⁶⁷	- sa cheanncheathrú					
	- i dtoscaireachtaí					
01 01 01 02 (CA, SNE, INT – Taighde indíreach)						
01 01 01 12 (CA, SNE, INT – taighde díreach)						
Línte buiséid eile (sonraigh)						
IOMLÁN	0,0	8,0	8,0	8,0	8,0	8,0

Is é **XX** an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

Soláthrófar na riachtanais acmhainní daonna trí baill foirne ó na hArd- Stiúrthóireachtaí a bhfuil bainistíocht na gníomhaíochta faoina gcúram cheana agus/nó atá ath- imlonnaithe laistigh de na hArd- Stiúrthóireachtaí, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt más gá don Ard- Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil agus i bhfianaise na srianta buiséidacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

Oifigigh agus pearsanra sealadach	I gcás AS an Chomhshaoil, tá gá le 5 Phost Riarthóra chun an rialachán a chur chun feidhme go ginearálta, lena n- áirítear comhar idirnáisiúnta, mar aon le reachtaíocht thánaisteach a ullmhú agus a dhréachtú de réir na sprioc- amanna a bheartaítear leis an rialachán. I gcás AS na gComhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta, tá gá le 2 Phost Riarthóra chun déileáil le comhar agus forbairt a bhaineann leis an Rialachán, go háirithe le Comhpháirtíochtaí Foraoise a chur ar bun. I gcás AS an Chánachais agus an Aontais Chustaim, tá gá le 1 Phost Riarthóra chun beartas an Rialacháin a chur chun feidhme go ginearálta, chun reachtaíocht thánaisteach a ullmhú agus a dhréachtú i ndáil le tráchtairraí agus
-----------------------------------	---

⁶⁶ AC= Baill Foirne ar Conradh; AL = Ball foirne áitiúil; END = Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JPD= Saineolaithe Sóisearacha i dToscaireachtaí

⁶⁷ Fo- uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (seanlínte 'BA')

	táirgí ábhartha a thugtar isteach i margadh an Aontais nó a chuirtear amach as, mar aon le riachtanais chur chun feidhme an chomhéadain faoi Airteagal 26.
Pearsanra seachtrach	Neamhbhainteach

3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

- ☒ is féidir é a mhaoiniú ina iomláine trí athshannadh laistigh den cheannteideal ábhartha den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI).
- Is é an clár LIFE a iompróidh na costais dá bhforáiltear faoi líne bhuiséid 09 02 01 agus pleanálfar faoi chleachtaí phlean bainistíochta bliantúil AS an Chomhshaoil iad. Is fearr a sholáthrófar na hacmhainní daonna a cheanglaítear trí leithdháileadh breise faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil acmhainní daonna.
- ☐ is gá an corrlach gan leithdháileadh faoin gceannteideal ábhartha de CAI a úsáid agus/nó na hionstraimí speisialta a shainítear sa Rialachán maidir le CAI a úsáid.

Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann, na méideanna comhfhreagracha agus na hionstraimí atá beartaithe a úsáid.

- ☐ is gá athbhreithniú a dhéanamh ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil.

Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha.

3.2.5. Ranniocaíochtaí ó thríú páirtithe

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

- ☒ ní dhéantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe
- ☐ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh- mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

	Bliain N ⁶⁸	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)			Iomlán
Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe								
IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe								

⁶⁸ Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Is gá an chéad bhliain cur chun feidhme a mheastar a bheidh ann a chur in ionad 'N' (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh i gcás na mblianta eile.

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

- ☒ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.
- ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:
 - ☐ ar acmhainní dílse
 - ☐ ar ioncam eile
 - má tá an t- ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin ☐

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Líne buiséid ioncaim:	Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha	Tionchar an togra/tionscnaimh ⁶⁹						
		Bliain N	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)		
Airteagal								

I gcás ioncam ilghnéitheach atá ‘sannta’, sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

⁶⁹ Maidir le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána tar éis do 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.